

22. Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus ar Thionchair Iarmharacha

22.1 Réamhrá

Mar a leagadh amach i gCaibidil 1 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 20 den Tuarascáil MTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Phleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar fhormheas an N6 GCRR a moladh de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú). Tagann an achoimre ar bhearta maolaithe agus ar thionchair iarmharacha faoi Chaibidil 22 den Tuarascáil MTT seo anois ó tharla go ndéantar caighdeán aer agus an aeráid a mheas leo féin anois i gcaibidlí iontu féin. Is é an dála céanna é ag dramhaíl agus tagann gach ceann de na caibidlí sin roimh an gcaibidil seo. Tá sé mar chuid den fhreagra ar iarratas ó ABP ar bhreis faisnéise i mí na Nollag 2023 inar iarr an ABP (le cois roinnt iarratas eile) ar GCC *“An Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú”*. Tugtar achoimre ann ar na bearta maolaithe agus na tionchair iarmharacha a sainaithníodh i ngach ceann de na measúnachtaí tionchair timpeallachta a chuirtear i láthair san Tuarascáil MTT seo a thugann aird bhreithiúnach ar an bhfaisnéis a cuireadh i láthair sa fhreagra a tugadh ar an Iarraidh ar Fhaisnéis in 2019 agus le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 agus ar na staidéir eile a rinneadh chun bonn eolais a chur faoin Tuarascáil MTT seo. Aon uair a rinneadh athrú nó nuashonrú ar bith ó eisíodh Tuarascáil MTT 2018, leagtar amach iad sa chaibidil nuashonraithe seo.

Mar a dhéantar cur síos air i gCaibidil 5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo, tá sé mar aidhm ag an Tionscadal seo drochiarmhairtí an Tionscadail ar an timpeallacht a laghdú a oiread agus is féidir go praiticiúil. Táthar tar éis bearta dearaidh agus bearta maolaithe a fhí isteach i ndearadh an Tionscadail agus cuirfear i bhfeidhm iad le linn thógáil agus fheidhmiú an Tionscadail.

I gcás inar sainaithníodh éifeachtaí comhshaoil nach féidir a sheachaint le linn phróiseas measúnaithe an tionchair ar an gcomhshaol, tá bearta molta chun na héifeachtaí sin a mhaolú a mhéid is féidir go réasúnta é. Tugtar mionchuntas ar na bearta maolaithe sin sna caibidlí faoi seach den MMTT agus cuirtear i láthair iad freisin i bhfoirm achoimre sa chaibidil seo. Cuirtear na bearta maolaithe sin chomh maith leis na bearta deartha a bheidh ag teastáil maidir leis an Tionscadal i gCaibidil 23, Sceideal de Gheallantais Comhshaoil (ar leagan nuashonraithe é den Sceideal Gealltanais Comhshaoil a cuireadh faoi bhráid an ABP ar an 4 Samhain 2020 ag deireadh na hÉisteachta ó Bhéal¹) ar mhaithe le héascaíocht tagartha agus uilechuimsitheachta i gcáipéisí conartha ag céim níos deireanaí.

Nuair a chuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm laghdaítear fairsinge na n-éifeachtaí a tharlaíonn. Mar sin féin, beidh tionchair i gceist a bheidh iarmharach, fiú tar éis seachaint agus maolú a chur san áireamh, is é sin, tionchair iarmharacha. Tugtar mionchuntas cuimsitheach ar na tionchair iarmharacha go léir sna caibidlí ábhartha den Tuarascáil MTT ach, má thugtar féin, déantar achoimre sa chaibidil seo ar na tionchair iarmharacha shuntasacha is é is dóichí a bheidh ag an Tionscadal.

22.2 Céim na Tógála

Leagtar amach i dTábla 22.1 thíos na bearta maolaithe atá beartaithe i gcás gach toisc chomhshaoil mar aon le hachóimre ar na tionchair iarmharacha shuntasacha dhóchúla atáthar á dtuar maidir le céim na tógála de chuid an Tionscadail.

¹ https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR-4.04-019_002%20Chapter%2021%20SoC_I2%20-%20Final%2004112020%20-tracked.pdf

Tábla 22.1 Measúnú ar Thionchair Fhéideartha agus Bearta Maolaithe – Céim na Tógála

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Trácht		
Trácht tógála	Cuirfidh tógáil an Tionscadail isteach go sealadach ar thrácht ag taisteal feadh an ghréasáin bóithre áitiúil. Cinnteoidh an Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP), atá le fáil in Aguisín A.7.5, go gcuirfidh trácht tógála isteach ar ghnáth-thrácht a laghad agus is féidir ach rochtain láithreáin/ bealaí amach agus bealach isteach chuig an láithreán a rialú.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Gníomhaíocht Ghinearálta Tógála		
Gníomhaíochtaí Ginearálta Tógála	San áireamh i gcodanna faoi seach den tábla seo thíos, tá bearta ar mhaithe le cur isteach ar chaighdeán acir (is é sin, ó dheannach) a mhaolú, cur isteach ó thorann agus ó chreathadh a mhaolú, seirbhísí a chur ar mhalairt slí a dhéanamh a laghad agus is féidir agus bearta sonracha i leith ithreach agus uisce. Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar aon éifeachtaí comhshaoil diúltacha a sheachaint, a chosc nó a laghdú le linn chéim na tógála. Aon chur isteach a dhéanfar ar an timpeallacht reatha, amhail damáiste do bhóithre poiblí a tharlaíonn de dheasca iad a úsáid mar bhealaí tarlaithe, cuirfear ina cheart arís é. Déanfar oibreacha cobhsaithe agus athchóirithe iomlána ar aon damáiste struchtúrach a dhéantar do fhoirgnimh/struchtúir/toibreacha mar thoradh ar an tógáil. Táthar tar éis CEMP a chur le chéile agus tá sé le fáil in Aguisín A.7.5. Déanfaidh an Conraitheoir an CEMP a nuashonrú agus a thabhairt chun críche sula gcuirfear tús leis an obair thógála agus déanfar é a nuashonrú le haon bearta breise a bheidh de dhíth de réir na gcoinníollacha a bheidh ceangailte le cinneadh an Bhoird Phleanála. An t-ábhar go léir a cuireadh ar fáil sa CEMP, cuirfidh an Conraitheoir i bhfeidhm go hiomlán é agus, d’ainneoin gurb é an Conraitheoir a thabharfaidh chun críche é, ní chuirfidh sé sin isteach ar théagar agus ar shásúlacht na faisnéise a chuirtear i láthair agus ar a mbítear ag brath sa Tuarascáil MTT nuashonraithe seo. Tugann an plan aird ar threoir atá sa lámhleabhar arna fhoilsiú ag an gCumann Taighde agus Faisnéise de chuid Tionscal na Tógála (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe, Environmental Good Practice on Site Guide, 5ú hEagrán (CIRIA 2023). Tugann an plan aird freisin ar na TII Guidelines for the Creation, Implementation and Maintenance of <i>an Environmental Operating Plan</i>. Déantar achoimre sa CEMP ar an straitéis bainistithe comhshaoil foriomlán a ghlacfar agus a fheidhmeofar le linn chéim na tógála de chuid an Tionscadail. Is é cuspóir an CEMP a léiriú mar a fhéadfar na hoibreacha tógála atá beartaithe a dhéanamh ar bhealach loighiciúil, stuama agus sábháilte agus go gcuirfear san áireamh bearta rialaithe comhshaoil sonracha a bhaineann le hoibreacha tógála dá leithéid. Leagtar amach sa CEMP an mheicníocht trína gcuirfear cosaint chomhshaoil i gcrích le linn céim na tógála de chuid an Tionscadail. Cinnteoidh feidhmiú an CEMP go mbeidh an laghad cur isteach agus núis agus is féidir ann. Ullmhaíodh an CEMP in éineacht leis an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) nuashonraithe agus leis an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) nuashonraithe, ag féachaint do na comhairliúcháin a rinneadh le réimse leathan speisialtóirí agus eagraíochtaí comhshaoil, go háirithe an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) agus Iascach Intíre Éireann (IFI). Tacaíonn an CEMP leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil cheana féin sa Tuarascáil MTT seo agus ní mór i a léamh in éineacht leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil cheana sa Tuarascáil MTT nuashonraithe seo. Le cois na rialuithe agus na nithe maolaithe a chuirtear i láthair sa tábla seo (Tábla 22.1) agus sa CEMP (Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo), féach freisin ar na cáipéisí seo a leanas chun tuilleadh mionsonraí a fháil ar mhodheolaíochtaí tógála maidir le struchtúir thábhachtacha: - Tuarascáil ar Intógthacht Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, Aguisín A.7.1 - Tuarascáil ar Intógthacht Tharbhealach Mhionlaigh, Aguisín A.7.2. - Luacháil Gheoteicniúil agus Hidrigeolaíochta Thollán Leacaigh Aguisín A.7.3 - Tógáil Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe Aguisín A.7.4 Ceapfar foireann bainistithe tógála don tréimhse a mbeidh an tógáil ar siúl. Déanfaidh an fhoireann sin maoirsiú ar thógáil an Tionscadail, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gConraitheoirí lena chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm na bearta maolaithe i leith céim na tógála agus go gcoimeádfar líon na n-iarmhairtí agus na núiseanna tógála chomh híseal agus is féidir. Beidh an fhoireann bainistithe tógála ag idirchaidreamh le comharsana agus leis an bpobal i gcoitinne le linn chéim na tógála chun a chinntiú nach mbeidh mórán cur isteach i gceist. Ar mhaithe lena chinntiú go n-éireofar le forbairt, cur i bhfeidhm, agus cothabháil an CEMP, cuirfear d’iallach ar an gConraitheoir Bainisteoir Comhshaoil (EM) a cheapadh. Beidh an Bainisteoir Comhshaoil oilte a dhóthain agus beidh dóthain taithí agus eolais aige/aici ar an gcineál oibre a bheidh le déanamh. Go háirithe, beidh gá ag an mBainisteoir Comhshaoil le sainéolaithe éiceolaíocha atá cáilithe go cuí chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe de na hoibreacha tógála atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta de, ar cheanglais cheadúnaithe maolaithe éiceolaíocha agus ar mhonatóireacht éiceolaíoch. Tugtar sonraí breise faoi ról agus faoi fhreagrachtaí an Bhainisteora Comhshaoil ar thús deireadh na cáipéise CEMP in Aguisín A.7.5. Tugtar cuntas sa CEMP freisin ar an straitéis cumarsáide a ghlacfar le linn chéim na tógála a chinntíonn go nglactar agus go gcuirtear nósanna imeachta maidir lefeasacht, oideachas agus roinnt faisnéise i bhfeidhm. Ar deireadh, tugtar cuntas sa CEMP ar an straitéis comhlíontachta i dtaca le cigireachtaí, iniúchadh agus monatóireacht a ghlacfaidh an Conraitheoir.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Smionagar	Is iad seo a leanas na bearta a ghlacfar lena chinntiú go gcoinnítear an suíomh tógála agus timpeall air chuig ardchaighdeán glaineachta: - Déanfar cigireachtaí laethúla chun monatóireacht a dhéanamh ar néatacht - Leagfar síos clár rialta chun slacht a chur ar an láthair lena chinntiú go mbeidh an suíomh sábháilte agus eagraithe - Más gá, beidh eangach smionagair greamaithe ar scafall ionas nach scaipfidh an ghaoth ábhair agus trealamh - Rialófar dramhaíl bhia go dian ar gach cuid den suíomh - Cuirfear saoráidí glanta rothaí ar fáil d’fheithiclí a bheidh ag dul amach as an suíomh tógála. Stórálfar aon sceitheadh ó níochán rothaí in umar stórála ar an láthair agus déanfaidh comhlacht tarlaithe dramhaíola ceadaithe diúscairt air ag saoráid cheadaithe nó cheadúnaithe - I gcás go dtarlódh sé agus seans nach dtarlóidh go n-iompraítear puiteach ón suíomh tógála chuig an mbóthar poiblí, glanfar é de réir mar is gá agus ní ligfear dó cruachadh. - Cumhdófar leoraithe agus scipeanna luchtaithe más gá - Déanfar cigireacht rialta ar bhóithre in aice láimhe a bheidh in úsáid ag truail le dhul isteach agus amach as an suíomh agus glanfar iad, ag úsáid scuabadóir bóthair, nuair is gá - I gcás go n-éalóidh aon dramhaíl sholadach neamhbhuan as an suíomh, baileofar láithreach é agus tabharfar chuig stóras ar an láthair é, agus déanfar diúscairt air ina dhiaidh sin ar an ngnáthbhealach	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Bithéagsúlacht		
Ginearálta	Gach ceann de na bearta maolaithe a dtugtar mionchuntas orthu thíos, tá siad le fáil freisin i Sceideal na nGealltanais (Féach Caibidil 23, Sceideal na nGealltanais) agus nuashonraíodh iad le haireadh bhreithiúnach a thabhairt ar na bearta breise a mholtar sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta Éiceolaíoch ar chuir éiceolaí ar cheap ABP é/i, an Dr Arnold, [atá curtha (mar Aguisín 4) le Tuarascáil Chigire an ABP, dar dáta an 22 Meitheamh 2021]. Is é an Conraitheoir a chuirfidh i bhfeidhm na bearta seo faoi stiúir Éiceolaí an Tionscadail (arb é an Fostóir a fhostaíonn é/i) agus/nó an Cléireach Oibreacha (arb é an Fostóir a fhostaíonn é/i). Beidh Foireann um Fhaireachán ar an Láithreán ag Comhairle Chontae na Gaillimhe (GCoC) /Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus sa mheitheal chéanna leo, beidh Éiceolaí an Tionscadail a bheidh ar fáil go deireadh chéim na tógála de chuid an Tionscadail. Cinntoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe (GCoC) go n-úsáidfear torthaí an fhaireacháin chun bonn eolais a chur faoin gclár maolaithe éiceolaíochta fadtéarmach agus faoi aon ghníomh ceartaitheach tráthúil is gá. Fad is a bheifear i mbun tógála, is faoin GCoC a bheidh sé monatóireacht agus aon ghníomh ceartaitheach a dhéanamh. Na ceanglais ábhartha uile maidir le faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar na bearta maolaithe éiceolaíoch a thar shaolré an tionscadail, cuirfear san áireamh iad i gcoinníollacha an chonartha/na gconarthaí a dhéanfar leis an gconraitheoir a cheapfar. Féachfaidh GCoC chuige go ndéanfar foráil, sa chonradh/sna conarthaí a dhéanfar leis an gconraitheoir a cheapfar, go ndéanfar gníomh ceartaitheach sa chás nach sásúil an chaoi a gcuirtear aon ghné de na bearta maolaithe éiceolaíoch a agus na tograí maidir le gealltanais faireacháin i bhfeidhm. Sna forálacha sin beidh ceanglas go bhfostófaí éiceolaí/saineolaí bithéagsúlachta atá cáilithe go cuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d’éirigh le haon ghníomh ceartaitheach. Beidh sé de dhualgas ar an mBainisteoir Comhshaoil Suímh comhairle agus seirbhísi saineolaithe éiceolaíoch a atá cáilithe go cuí a fháil chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe de na hoibreacha tógála atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta de, ar cheanglais cheadúnaithe mhaolaithe éiceolaíoch a agus ar mhonatóireacht éiceolaíoch. Aon uair nach mbactar le rud a dhéanamh nó a chomhlíonadh nó má thagann aon deacracht eile chun cinn, tabharfar aghaidh orthu go pras go gcomhlíonfar an straitéis agus ceanglais uile an cheadúnais mhaolaithe. Aon tosca nua a thagann chun cinn de bharr suirbhéanna a dhéantar roimh thús a chur le tógáil, tabharfar aghaidh orthu agus bainistefar iad i gcomhréir leis na bearta a phléitear sa chuid seo. Mar fhreagairt ar iarratais ó chórais fhíor-ama/léarscáilithe, tuarascálacha a chur le chéile ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar na bearta atá ar fáil, na háiteanna ina bhfuil príomhbhearta maolaithe éiceolaíoch a agus comhéadan a dhéanamh le córais GIS agus le córais phleanála an údaráis phleanála, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar uasbhealaí d’fhiadhúlra agus cur fáil go ceann cúig bliana, molann GCoC an méid seo a leanas a dhéanamh: - Forbrófar córas léarscáilithe GIS le go mbeidh Éiceolaí an Tionscadail in ann dul chun cinn, críochnú agus monatóireacht na mbearta maolaithe éiceolaíoch a rianú - Aon léarscáiliú a bhaineann le bearta maolaithe éiceolaíoch a, lena n-áirítear torthaí suirbhéanna a rinneadh roimh thús a chur le tógáil (m.sh. na háiteanna ina bhfuil uachaisí broic) nó athruithe ar dheardh na mbearta maoluithe (m.sh. athrú ar an áit ina bhfuil uachaisí broic shaorga), uaslódálfar iad ag deireadh gach míosa chuig suíomh gréasáin tiomnaithe an tionscadail. Ina theannta sin, ag deireadh gach míosa, déanfar aon tuarascáil ar mhonatóireacht éiceolaíoch a uaslódáil chuig suíomh gréasáin tiomnaithe tionscadail - In ainneoin an phointe thuas, cuirfear tuarascálacha ar mhonatóireacht éiceolaíoch faoi bhráid an Údaráis Phleanála agus déanfar iad a chóipeáil chuig an SPNF - In éineacht le 'ceadanna chun oibre', cuirfidh Éiceolaí an Tionscadail a (h)ainm leis aon uair a thugtar bearta chun críche agus a fheidhmítear i gceart iad, i gcás ina bhfuil oibreacha in áiteanna atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de agus/nó i gcás inar gníomhaíochtaí iad atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, ar dócha go n-áireofar leo na nithe seo a leanas, ach nach mbeidh teoranta dóibh: - oibreacha a bhaineann le fásra a bhaint/láithreán a ghlanadh - oibreacha a bhaineann le fáil a chur timpeall láithreáin - oibreacha in LCS (Caomhnú) Loch Coirib nó in aice leis - oibreacha i sruthchúrsaí nó sínte leo - oibreacha istigh i nó sínte le haon láthair aitheanta pórúcháin, scíthe nó gheimhridh d'aon speiceas atá cosanta faoi na Rialacháin um Éin agus um Ghnáthóga 2011 nó faoin Acht um Fhiadhúlra, go háirithe ialtóga agus madraí uisce. - oibreacha i limistéir ina molar bearta maolaithe (lena n-áirítear cruthú/maolú gnáthóg nó boscaí neadaireachta agus boscaí ialtóige a sholáthar) - oibreacha ar láithreacha deontóra agus gabhdóra nó taobh leo a sainiú gníomhach go bhfuil siad in oiriúint do ghnáthóga a chothú orthu, go dtí go n-iomprófar aon ábhar deontóra is gá do na láithreacha gabhdóra - Tar éis do na bearta maolaithe éiceolaíoch a chur i bhfeidhm agus a shuiteáil, seolfar comhaid mhapála GIS dá suíomhanna deiridh mar a tógadh iad chuig an Éiceolaí Tionscadail lena n-uaslódáil chuig córais GIS agus phleanála an Údaráis Áitiúil - Bheadh an iomarca dua ag baint le córais léarscáilithe idirghníomhacha nó fhíor-ama/bheo a sholáthar agus a bhainistiú. Ní mheastar gur gá nó gur cuí é córais dá leithéid a sholáthar nuair is amhlaidh go mbainfidh na tograí thuas in éineacht an fheidhm, an cuspóir agus na torthaí céanna amach agus a bhainfeadh córas léarscáilithe fíor-ama/beo - Beidh GCoC agus Bonneagar Iompair Éireann freagrach as an gclár monatóireachta iar-thógála a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích, agus as aon chothabháil a theastaíonn ina leith sin, ar feadh shaolré an Tionscadail.	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra	Láithreáin Eorpacha Maidir leis na bearta maolaithe atá de dhíth go sonrach lena chinntiú nach mbeidh tionchar suntasach ag an Tionscadal (is é sin, a rachadh chun dochair dá shláine) ar na láithreáin Eorpacha laistigh dá Chrios Tionchair, cuirtear i láthair iad i gCuid 10 den Ráiteas Tionchair Natura (RTN). Tar éis do mheasúnú a dhéanamh ar thionchar an Tionscadail ar na láithreáin Eorpacha iomchuí a sainaithníodh, forbraíodh bearta maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a sainaithníodh: - Caillteanas/briseadh suas gnáthóige: bearta maolaithe chun caillteanas gnáthóige a íoslaghdú in LCS (Caomhnú) Loch Coirib agus chun caillteanas ghnáthóg QI a sheachaint laistigh de LCS (Caomhnú) Loch Coirib le linn na tógála (Féach ar an gcuid thíos maidir le gnáthóga agus an CEMP Aguisín A.7.5, Scrúdú ar Thógáil Droichead Abhainn na Gaillimhe Aguisín A.7.1 Scrúdú ar Thógáil Tharbhealach Mhionlaigh Aguisín A.7.2, Luacháil Gheoteicniúil agus Hidrigeolaíochta Thollán Leacaigh Aguisín A.7.3 - Gnáthóg a chur in olcas – tollánú/tochailt: bearta maolaithe chun sláine struchtúrach an chairn charraige atá mar dhúshraith faoi ghnáthóga QI in LCS (Caomhnú) Loch Coirib le linn an Tolláin Leacaigh atá beartaithe a thógáil (agus a Bhealach Isteach Thiar). (féach ar Luacháil Gheoteicniúil agus Hidrigeolaíochta Thollán Leacaigh Aguisín A.7.3) - Gnáthóg a chur in olcas – hidrigeolaíocht: bearta maolaithe le nach gcuirfear droch-chaoi ar ghnáthóga in LCS (Caomhnú) Loch Coirib de bharr tionchair hidrigeolaíocha féideartha le linn na tógála (Féach ar an gcuid faoi Hidrigeolaíocht thíos agus an CEMP Aguisín A.7.5) - Díghrádú gnáthóige – hidreolaíocht: bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála (féach ar an gcuid Hidreolaíocht thíos agus an CEMP Aguisín A.7.5) - Gnáthóg a chur in olcas – caighdeán aeir: bearta maolaithe chun astaíochtaí deannaigh a shrianadh le linn na tógála chun cur isteach ar fhásra in LCS (Caomhnú) Loch Coirib a chosc (Féach ar an gcuid faoi Hidrigeolaíocht thíos) - Gnáthóg a chur in olcas – speicis ionracha neamhdhúchasacha: bearta maolaithe le nach dtabharfaí isteach speicis ionracha neamhdhúchasacha nó nach scaipfí i láithreáin Eorpacha iad le linn na tógála (Féach ar Phlean Bainistithe Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha atá mar chuid den CEMP in Appendix A.7.5. - Cur isteach/díláithriú: bearta maolaithe chun éifeachtaí chur isteach/díláithriú pléasctha ar éin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlaigh a sheachaint/laghdú (féach ar an gcuid éin gheimhrithe thíos) - Éifeacht bacainne: bearta maolaithe ionas nach gcuirfidh an N6GCRR atá beartaithe srian ar ghluaiseacht an mhadra uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna (Féach ar an gcuid faoi Mhadraí Uisce thíos) - Riosca báis: bearta maolaithe ionas nach marófaí specis QI in LCS (Caomhnú) Loch Corrib. Orthu sin, tá bearta ar mhaithe lena chinntiú nach dtabharfar ábhair thógála isteach i dtrácht a bhaineann le Tógáil Abhainn na Gaillimhe. Bearta maolaithe lena chinntiú nach bhfágann tionchair a eascraíonn ó thrácht tógála ar an ngréasán bóithre i gcoitinne atá ann cheana gnáthóga in anchaoi (Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Loch Coirib, Limistéar faoi Chosaint Speisialta Loch Coirib, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Laistigh, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Fhéarthalamh Ard Raithin, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Thurlach Chill Tiarnáin, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Choimpléasc Loch Fionngheal, Limistéar faoi Chosaint Speisialta Thurlaigh Ráthatáin, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Thurlach Ráth Asáin agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Riasc Chreig Eanaigh Bheag)	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar aon láithreáin Eorpacha.
	Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe An baol atá ann go gcuirfidh an Tionscadal isteach go suntasach ar pNHA [Limistéar Oidhreachta Náisiúnta atá beartaithe] Loch Coirib, ar pNHA Choimpléacs Chuan na Gaillimhe, ar NHA Riasc Chreig Eanaigh, ar pNHA Choimpléacs Chaisleán an Táilliúraigh, pNHA Thurlach Chill Tiarnáin, pNHA Choimpléacs Loch Fhionngheal, pNHA Thurlach Ráth Asáin, pNHA Choimpléacs Phortach Chonamara, pNHA Choimpléacs Oirthear na Boirinne, pNHA Shliabh Mhóinín, pNHA Choimphléasc Cheann Boirne - Pholl Salach, pNHA Choimpléacs Phábháil Aolchloiche Ghort na nDarach, pNHA Loch agus Choillearnach an Rois, pNHA Shléibhte Mhám Toirc, Tá pNHA Choimpléasc Bheanna Beola/An Gharráin agus pNHA Árann de réir na láithreán Eorpach ar aon dul leo. Dá bhrí sin, cuirfidh na bearta maolaithe a leagtar amach thuas i leith láithreán Eorpach agus mar a thugtar cuntas orthu i gCuid 10 den RTN, cosc ar an drochthionchar nach beag a bheith ag an Tionscadal ar pNHA Loch Coirib agus pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ar an scála tíreolaíoch náisiúnta. Na bearta is gá lena chinntiú nach gcuirfidh an Tionscadal isteach go mór ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn, is mar seo a leanas iad: - Bearta chun astaíochtaí deannaigh a shrianadh le linn na tógála ionas nach gcuirfear isteach ar fhásra/ghnáthóga laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Brocaí – féach Cáilíocht an Aeir agus Aeráid thíos. Áirítear orthu sin bearta amhail spraeáil gníomhaíochtaí créfoirt nochta agus bóithre tarlaithe láithreáin le linn aimsir thirim, níocháin rothaí, rialú ar luais feithiclí ar an suíomh, scuabadh bóthair agus sciathadh deannaigh. - Bearta ionas nach dtabharfar isteach nó nach scaipfear speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn le linn na tógála. Tá siad sin mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5. - Bearta a chinnteoidh nach mbeidh speicis chrainn neamhdhúchasacha sa scéim plandaithe agus siólchuir a dhéanfar i bhfoisceacht Phortaigh Mhaigh Cuilinn. - Bearta chun sceitheadh uisce dromchla ón suíomh tógála a rialú d’fhonn teagmhas truaillithe de thaisme a chosc a mbeadh tionchar aige ar ghnáthóga talamh portaigh laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Brocaí – féach Hidreolaíocht thíos - Ar an drochsheans go dtiocfar ar chonairí sreafa suntasacha (criosanna fabht nó bristeacha) i mBatailit Eibhir na Gaillimhe le linn na tógála, cuirfear bearta i bhfeidhm a leagtar amach i bPrótacal Cailcreach a áirítear in CEMP in Aguisín A.7.5. Tá baol ann, leis, go gcuirfidh an Tionscadal isteach go suntasach ar pNHA Choill na bhForbach, pNHA Thurlach Chill Tulach, pNHA Loch Bhaile Uí Chuire Thiar, pNHA Choill Dhroim Chonga agus pNHA Thurlach Corr de dheasca iarmhairtí ó thrácht thógála. Cuirtear i láthair i gCuid 8.6.3.3 thíos agus i gCaibidil 16, Caighdeán Aeir an Tuarascáil MTT nuashonraithe seo na bearta chun srian a chur le hastaíochtaí deannaigh le linn tógála chun drochthionchair ar fhásra/ar ghnáthóga sna pNHAnna sin a chosc. Áirítear orthu sin bearta amhail spraeáil gníomhaíochtaí créfoirt nochta agus bóithre tarlaithe láithreáin le linn aimsir thirim, níocháin rothaí, rialú ar luais feithiclí ar an suíomh, scuabadh bóthair agus sciathadh deannaigh	Is beag seans go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar pNHA Loch Coirib nó ar pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó ar limistéar ar bith a ndearnadh limistéar caomhnaithe dúlra náisiúnta de
Gnáthóga Gnáthóga	Bearta Maolaithe chun Caillteanas Gnáthóige a Íoslaghdú Chun a laghad den ghnáthóg Iarscríbhinn I a chailleadh agus is féidir, féachfar chuige go gcoimeádfar limistéir de na cineálacha gnáthóige seo laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe nach bhfuil ag teastáil chun an Tionscadal a thógáil agus go gcuirfear fál timpeall orthu fad a bheifear i mbun tógála. Sciar d’achar amháin de mhóinteach fluich [4010] le coimeád (c. 0.08ha, sin 32.5% den achar iomlán atá le coimeád ag Ch. 3+000 den N6 GCRR atá beartaithe) a bhfuil seans maith ann go mbeidh sé thíos le tionchair oibríochtúla ar chaighdeán an aeir agus seans nach gcoimeádfaidh an ceantar seo a aicmiú Iarscríbhinn I. Léirítear iad sin i bhFíoracha 8.38.1 go 8.38.15 den Chaibidil 8, Bithéagsúlacht. Ní dhéanfar aon fhálú laistigh de ghnáthóga Iarscríbhinn I atá suite laistigh de LCS (Caomhnú) Loch Coirib le linn na tógála ach an oiread.	In ainneoin na mbeart maolaithe sin, beidh an Tionscadal ina chúis le cailleadh na gcineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I seo a leanas go deo, a phléitear tuilleadh thíos: - Fuaráin chlochraithe [*7220] - Bratphortach Gníomhach [*7130]

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Chun an caillteanas gnáthóige a bhaineann leis an Tionscadal a íoslaghdú, tá limistéir laistigh den Teorainn Mheasúnúcháin freisin atá san áireamh le haghaidh plandú maolaithe áit nach ndéanfar oibreacha tógála ginearálta. Léirítear iad sin i bhFíoracha 8.38.1 go 8.38.15 den Chaibidil 8, Bithéagsúlacht. Úsáidfear an limistéar oibre íosta chun éascú a dhéanamh ar thógáil na struchtúr tacaíochta faoi Dhroichead na Coiribe. Déanfar an limistéar seo a shonrú go soiléir agus cuirfear fál thart air ar thús a chur le hoibreacha agus déanfar cothabháil air sin fad a bheidh an clár tógála ar siúl. Ní dhéanfar aon oibreacha chun Droichead na Coiribe a thógáil laistigh de theorainn LCS (Caomhnú) Loch Coirib lasmuigh den chrios seo. Coillearnaigh, roschoillte, crannteorainneacha agus fálta sceach ar bith atá suite laistigh, nó feadh teorainn an Tionscadail nach gcuirfidh an t-ailíniú bóthair nó draenáil isteach go díreach orthu, coinneofar iad más féidir. Tabharfar cosaint do na limistéir sin fad is a mhairfidh na hoibreacha tógála atá beartaithe agus cuirfear fál nó claí orthu ag fad oiriúnach. An fára atá le coinneáil, taispeántar é ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15 agus Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 (dearadh tírdhreacha). Stráicí de chuisle abhann agus fára ar bhruach na habhann atá laistigh, nó feadh teorainn an N6 GCRR atá beartaithe nach gcuirfidh an t-ailíniú bóthair agus an draenáil isteach orthu, coimeádfar iad más féidir. Tabharfar cosaint do na limistéir sin fad is a mhairfidh na hoibreacha tógála agus cuirfear fál nó claí orthu ag fad 5m ón sruthán/bhruach na habhann. An Fuarán clochraithe atá i gCairéal Leacaigh, atá suite c.25m ó thuaidh de phríomhlíne an Tionscadail ag Ch. 11+400, a choimeád agus ní úsáidfear rois-choinchréit² mar chuid de na bearta cobhsaithe ar aghaidh an chairéil ag suíomh an fhuaráin. Fairis sin, tá seans ann go bhforbróidh gnéithe fuaráin clochraithe ag Cairéal Leacaigh má tharlaíonn siad mar a dtagann aghaidh an chairéil trasna ar na conairí athlionsa síos tríd an aolchloch, rud is féidir caillteanas fuaráin chailcreacha neamh-Iarscríbhinn a mhaolú ag láthair an bhóthair rochtana atá beartaithe thart ar 30m laistean den phríomhlíne ag Ch 11+380 agus idir Ch. 11+700 agus Ch. 11+750, chomh maith le seans a bheith ann go gcaillfear gné fuaráin chlochraithe atá suite thart ar 25m lastuaidh den phríomhlíne ag Ch. 11+400. Is éard atá sna hoibreacha tógála ag aghaidh an chairéil socrúchán MDA agus bearta chun an fhána a dhaingniú agus réiteoidh an dá rud sin an bealach d’fhorbairt fuarán clochraithe nua ar an gcaoi seo a leanas: - Mar chuid den socrúchán MDA, coinneofar an córas screamhuisce (sceitheadh agus athlíonadh araon) trí ábhar draenála scaoilte a chur isteach mar a dteagmhaíonn an MDA leis an éadan carraige agus le bun an chairéil - Mar chuid de na bearta cobhsaithe fána a dhéanfar ar an gcarraig nochta, bainfear leas as scoilteanna agus gága atá ann cheana a oiread agus is féidir nó poill shilte má tá gá le rois-choinchréit chun an córas screamhuisce a choimeád. Ligfidh na poill shilte sin do screamhuisce draenáil go saoráideach ó éadan na carraige agus is é is dóichí go dtiocfaidh fuaráin nua ar an bhfód ann sula i bhfad Mar an gcéanna, tá sreafaí uisce ann cheana féin ag dul isteach sa chairéal, mar a léiríodh in Aguisín A.8.21 - Cuid 2, a bhfuil de chumas iontu éirí ina bhfuaráin chlochraithe de bharr cruas na n-uiscí athlionsa agus tarlóidh deascadh agus clochrú CaCO3 dá réir. D’fhéadfadh 10 mbliana imeacht thart sula mbeidh deireadh leis an bpróiseas sin. Ar deireadh, má éilíonn an ABP a leithéid, cuirfear poill druileála isteach (trastomhas <5cm agus c.1-2m ar fhad) ó éadan an chairéil isteach i mais na carraige chun gnéithe fuaráin nua a chruthú. Suiteálfar na poill druileála seo de réir na mbeart i leith boltaí carraige a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála in Aguisín A.7.5. Aon áit a dtagann na poill druileála sin trasna ar chonairí athlionsa nádúrtha, cuirfear an sruth ar mhalairt slí agus tarlóidh fuaráin nua ann de réir a chéile. Tarlóidh deascadh agus clochrú CaCO3 de bharr cruas nádúrtha na n-uiscí athlionsa. Táthar ag súil go dtosóidh deascadh ó na fuaráin nua de réir mar a théann méid an CaCO3 i méid, go dtí go mbeidh sé chomh tiubh leis an gclochrú atá ann cheana, agus meastar go mbeidh 10 mbliana ann sula dtarlódh sé sin. Coinneofar bloic thochailte de phábháil aolchloiche lena n-athúsáid chun fiadhúlra ginearálta agus gnáthóga a chruthú laistigh de na tailte sin feadh bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe i Mionlach, áit a bhfuil sé beartaithe gnáthóga a choinneáil, a fheabhsú agus a chur ar bun. Bearta chun an Fhéidearthacht le haghaidh Tionchar ar Fhára atá le coimeád a laghdú Aon fhára (lena n-áirítear crainn, fálta sceach nó scrobarnach in aice le Teorainn an Mheasúnaithe, nó laistigh de) atá le coinneáil, tabharfar dóthain cosanta dó le linn chéim na tógála de réir na dTreoirlínte um Chosaint agus Chaomhnú Crann, Fálta agus Scrobarnach Roimh, Le Linn agus Tar éis Scéimeanna Bóthair Náisiúnta a Thógáil (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006b), mar seo a leanas: - Na crainn go léir feadh Teorainn an Mheasúnaithe atá le coimeád, laistigh agus in aice le Teorainn an Mheasúnaithe (is é sin, aon uair a shíneann limistéar cosanta fréamhacha an chrainn isteach thar Teorainn an Mheasúnaithe), cuirfear fál timpeall orthu a luaithe agus a chuirtear tús leis na hoibreacha agus fágfar na fálta seo ina seasamh go dtí go mbeidh an obair thógála críochnaithe le nach ndéanfaí dochar struchtúrach do thamhan, do ghéaga ná do chórais fréamhacha na gcrann. Tógfar fál sealadach sách fada ón gcrann a bheidh mar imfhálú do Limistéar Cosanta Fréamhacha an chrainn. Leagtar síos teorainneacha an Limistéir Cosanta Fréamhacha de réir moltaí cranneolaí cáilithe - Nuair nach féidir fál a chur suas de bharr easpa spáis, tabharfar cosaint don chrann/fál sceach trí sacéadach heiseáin (nó rud éigin cosúil leis) a chur timpeall tamhan an chrainn agus adhmaid maolánach téagartha a fháisceadh timpeall air. - Ní úsáidfear an limistéar laistigh den RPA chun feithiclí a pháirceáil ann nó chun ábhair a stóráil ann (lena n-áirítear ithreacha, olaí agus ceimiceáin). Ní dhéanfar ábhair ghuaiseacha (m.sh. hidreacarbóin) nó limistéir niocháin coincréite a stóráil laistigh de 10m d’aon chrainn, fálta sceach agus crannteorainneacha a bheidh coimeáda - Déanfaidh cranneolaí cáilithe riocht na gcrann a mheas, agus iarrfar ar an gcranneolaí céanna treoir a thabhairt maidir le haon obair dheisiúcháin ar cheart a dhéanamh ar aon chrann atá le coimeád nó atá suite lasmuigh de Teorainn an Mheasúnaithe ach a chuirfidh na hoibreacha isteach ar a RPA mar sin féin. Déanfaidh cranneolaí cáilithe aon oibreacha leasacháin a theastaíonn - Coinneofar crios maolánach 5m ar a laghad idir na hoibreacha tógála agus fálta sceach coinnithe lena chinntiú nach ndéantar damáiste do phointí cosanta na bhfréamhacha Ní áireofar speicis de chrainn neamhdhúchasacha sa scéim um plandú agus cur. Ós rud gur speiceas ionrach san fhraochmhá é, ní úsáidfear péine Albanach chun plandáil tírdhreacha a dhéanamh siar ó Abhainn na Gaillimhe.	- Móinteach fliuch/Móinteach tirim/Bratphortach Gníomhach - Foraois ghlárach iarmharach [*91EO] - Cosán aolchloiche [*8240] - Pábháil aolchloiche/Féarthalamh cailcreach [*8240/6210] - Fraoch fliuch [4010] - Fraoch tirim [4030] - Móinteach tirim/mósáic de mhóintigh fhliucha [4030/4010] - Móinteach fliuch/móinteach tirim/Mósáic <i>Molinia</i> [4010/4030/6410] - Talamh féaraigh cailcreach [6210] - Móinéar <i>Molinia</i> [6410] Níl aon cheann de na limistéir seo de ghnáthóg Iarscríbhinn I a chaillfear go buan suite laistigh d’aon láithreáin Eorpacha. I gcás ghnáthóga tosaíochta Iarscríbhinn I a chaillfear atá lasmuigh de láithreáin Eorpacha, seans go mbeidh éifeachtacht iarmharach suntasach aige sin ar an scála tíreolaíoch idirnáisiúnta. Is é an eisceacht ná na ceithre ghné fuaráin chlochraithe a chaillfear agus seans go mbeidh tionchar iarmharach diúltach suntasach aige sin ar bhonn geografach contae. Maidir le cineálacha gnáthóige neamhthosaíochta Iarscríbhinn I, meastar go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ag an gcaillteanas gnáthóige ar bhonn geografach náisiúnta ó tharla go gcuirfidh an limistéar gnáthóige a chaillfear isteach ar stádas caomhantais gach ceann de na gnáthóga seo go náisiúnta. Tá achoimre de na cineálacha gnáthóige, agus na limistéir a chaillfear, i dTábla 8.45 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht. Ar an gcaoi chéanna, fiú agus na bearta maolaithe curtha i bhfeidhm, seans maith go mbeidh tionchair iarmharacha shuntasacha ag an Tionscadal, ar bhonn geografach áitiúil, tionchair a chuirfidh isteach ar an ngnáthóg seo a leanas a ngabhann luach bithéagsúlachta léi: - Fuaráin chailcreacha (FP1) - 18 ngné - Féarthalamh cailcreach tirim agus neodrach (GS1) – c.14.86ha - Móinéir thirime agus gruaimhíní (GS2) – c.7.85ha - Talamh féaraigh tirim-bogthais aigéadach (GS3) - c.5.24ha - Talamh féaraigh (GS4) – c.9.43ha - Riasc (GM1) – c.042ha - Talamh féaraigh tirim agus neodrach /mósáic scrobarnaí (GS1/WS1) – c.4.87ha - Eanach agus borrfhás saibhir (PF1) – c 0.2ha - Droch-eanach agus borrfhás (PF2) - c.1.3ha

² Táirge coincréite a dhéantar a spraeáil ag luas ard isteach in éadan carraige mar chomhpháirt struchtúrtha/cobhsaigh.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú		Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
			- Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) - c.2.09ha - Coillearnach leathanduilleach/Coillearnach buaircíneach (WD2) – c.0.04ha - Coillearnach buaircíneach measctha (WD3) – c.0.01ha - Coillearnach Darach-fuinseoige-coill (WN2) – c. 2.93ha - Scrobarnach (WS1) – c. 26.53 ha - Scrobarnach/ Móinéir thirime agus gruaimhíní (WS1/GS2) – c. 2.89 ha - Scrobarnach/Coillearnach Darach-fuinseoige-coill/Carraig chailcreach nochta (WS1/WN2/ER2) – c. 0.49ha - Seascainn de ghiolcacha agus de chíb bhuí mhór (FS1) – c. 0.03ha - Díoga draenála (FW4) – c. 0.08ha - Fálta sceach (WL1) - c.7.88km - Crannteorainneacha (WL2) - c.4.05km - Stráicí de shrutháin/de chainéal abhann (FW1) – c.120m de Shruthán na Líbeirtí, c.220m de Shruthán Throscaí, c.140m den Shruthán Bhearna (agus craobh-abhainn dá chuid), c.475m de Shruthán Thóin na Brocaí.
	Braislí de Ghnáthóga Tábhachtacha 1-12 Tá feidhm ag na bearta maolaithe uile i gCuid 8.6.3 agus i gCuid 8.6.4 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht le Braisle 1-12. Baineann na bearta maolaithe sonracha le agus braitheann siad ar thionchair ionchasacha an Tionscadail ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíochta aonair atá mar chuid den acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de bhraisle gnáthóg ar leith. Ar na gnáthóga a breithníodh tá: Braisle 1 na bhForaí Maola (Ch. 0+000 go Ch. 1+6001 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 2 Throscaí (Ch. 1+600 go Ch. 2+800 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 3 na Cloiche Scoilte (Ch. 2+800 go Ch. 4+400 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 4 ó Bhóthar na Ceapaí go Bóthar Bhaile an Mhóinín (Ch. 4+400 go Ch. 5+600 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 5 Lastoir de Bhóthar Bhaile an Mhóinín (Ch.5+750 go Ch. 5+950 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 6 Knocknabrona/Chnoc na Fosca (Ch. 7+700 go Ch. 8+300 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 7 Mionlach (Ch. 9+600 go Ch. 10+450 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 8 Leacaigh(Ch. 11+800 go Ch. 12+100 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 9 Loch an Dúlaigh agus an ceantar máguaird (Ch. 12+300 go Ch. 12+500 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 10 An Chaisleáin Ghearr (Ch. 13+500 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 11 Cnoc Mhaoil Drise (Ch. 15+900 go Ch. 16+300 den N6 GCRR atá beartaithe) Braisle 12 Ardaun (Ch. 16+950 go Ch. 17+150 den N6 GCRR atá beartaithe)		An tionchar iarmharach a bhainfidh le thart ar 0.01ha de bhratphortach gníomhach *7130 i mBraisle Gnáthóg 1 a chailleadh, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach aige ar bhonn geografach idirnáisiúnta. An caillteanas de c.0.11 heicteár de mhóinteach fliuch 4010 agus de c.0.78ha de mhóinteach tirim 4030 sa bhraisle gnáthóg seo, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach aige ar bhonn geografach náisiúnta. Coimeádfar an t-achar iomlán de mhóinéar Molinia 6410 sa bhraisle gnáthóg seo (c.0.09 heicteár) agus stráice de mhóinteach tirim 4030 (c.0.10 heicteár) i mBraisle Gnáthóg 1. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.07 heicteár de Riasc (GM1), thart ar 0.30 heicteár de mhóinéir Thirime agus gruaimhíní (GS2), thart ar 1.79 heicteár de thalamh féaraigh bogthais aigéadach (GS3), thart ar 3.18 heicteár de thalamh féaraigh fliuch (GS4), thart ar 0.13 heicteár d’eanach agus de bhorrfhás bocht (PF2), thart ar 0.35 heicteár de choillearnach leathanduilleach measctha (WD1), thart ar 0.83 heicteár de Scrobarnach (WS1), c.0.01 km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.19 km de chrannteorainneacha (WL2) agus thart ar 120m de Shruthán na Líbeirtí, beidh sé ina thionchar iarmharach ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 1 na bhForaí Maola. An caillteanas de shúsán Rádalach Sphagnum affinis agus de shúsán Dearg <i>Sphagnum capillifolium</i> a tharlóidh sa Bhraisle seo, de réir measúnaithe a rinneadh beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach Náisiúnta agus ar bhonn contae faoi seach. An caillteanas de thart ar c.0.57 heicteár de mhóinteach Fliuch 4010 agus thart ar .0.22 heicteár de mhóinteach Tirim 4030 sa Bhraisle Gnáthóg 2, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach náisiúnta. De réir

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
		measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.04 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2), thart ar 0.47 heicteár de thalamh féaraigh Tirim bogthais aigéadach (GS3), thart ar 0.56 heicteár d’fhéarthalamh Fliuch (GS4), thart ar 0.03 heicteár de choillearnach leathanduilleach/buaircínéach (WD2), thart ar 0.01 heicteár de choillearnach buaircínéach measctha (WD3), thart aor 2.41 heicteár de Scrobarnach (WS1), beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 2 Throscaí. An caillteanas de thart ar 1.28 heicteár de mhóinteach Fliuch 4010 (lena n-áirítear thart ar 0.2 heicteár atá i mósáic a bhfuil eanach agus borrfhás saibhir (PF1) agus eanach agus borrfhás bocht inti (PF2)), thart ar 0.13 heicteár de mhóinteach Tirim 4030, thart ar 0.02 heicteár de mhóinteach Fliuch 4010/de mhósáic de mhóinigh Molinia 6410 agus thart ar 0.18 heicteár de mhóinteach Tirim 4030/de mhóinteach Fliuch 4010/de mhósáic de mhóinigh Molinia 6410 laistigh de Bhraisle Gnáthóg 3, de réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach náisiúnta. Tá stráice de mhóinteach Tirim 4030/de mhóinteach Fliuch 4010/de mhósáic de mhóinigh Molinia 6410 (thart ar 0.26 heicteár) le coimeád i mBraisle Gnáthóg 3. An caillteanas de thart ar 0.30 heicteár de Riasc (GM1), thart ar 0.28 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2), thart ar 1.34 heicteár de thalamh féaraigh bogthais aigéadach (GS3), thart ar 2.86 heicteár de thalamh féaraigh fliuch GS4), thart ar 0.22 heicteár de choillearnach leathanduilleach measctha (WD1), thart ar 1.22 heicteár de Scrobarnach (WS1), thart ar 0.11 km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.40 km de chrannteorainneacha (WL2), chomh maith le thart ar 220 méadar de Shruthán Throscaí, thart ar 140m de Shruthán Bhearna (agus craobh-abhainn dá chuid) i mBraisle Gnáthóg 3 na Cloiche Scoilte, de réir measúnaithe a rinneadh, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An caillteanas de chaonach biorach coille <i>Plagiomnium cuspidatum</i> a tharlóidh sa bhraisle seo, de réir measúnaithe a rinneadh, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach contae. An caillteanas de thart ar 0.57 heicteár de mhóinteach Fliuch 4010, thart ar 0.59 heicteár de mhóinteach Tirim 4030, thart ar 0.88 heicteár de mhóinteach Tirim 4030/de mhósáic de mhóintigh Fhliucha 4010 a tharlóidh i mBraisle Gnáthóg 4, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach aige ar bhonn geografach náisiúnta. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.18 heicteár d’fhéarthalamh Tirim cailcreach (GS1), thart ar 0.31 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2), thart ar 0.21 heicteár d’fhéarthalamh Fliuch (GS4), thart ar 0.02 heicteár de choillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), thart ar 0.42 heicteár de Scrobarnach (WS1), thart ar 0.23km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.37km de chrannteorainneacha (WL2), beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 4 Bhóthar na Ceapaí go Bóthar Bhaile an Mhóinín. De réir measúnaithe a rinneadh, ní bheidh an méid coirce clúmhaigh <i>Avenula pubescens</i> a

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
		chaillfear sa bhraisle seo ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach ar bith. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart 0.02 heicteár d’fhéarthalamh Fliuch (GS4), thart ar 0.79 heicteár de Scrobarnach (WS1) agus thart ar 0.03km de chrannteorainneacha (WL2), beidh tionchar iarmharach suntasach ar bhonn geografach áitiúil aige ar Bhraisle 5 Lastoir de Bhóthar Bhaile an Mhóinín. An caillteanas de thart ar c.0.14 heicteár de mhóinteach Fliuch 4010 laistigh de Bhraisle Gnáthóg 6, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach aige ar bhonn geografach náisiúnta. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.95 heicteár d’fhéarthalamh Tirim cailcreach (GS1), thart ar 1.79 heicteár d’fhéarthalamh bogthais aigéadach (GS3), thart ar 0.74 heicteár d’fhéarthalamh fliuch (GS4), thart ar 0.97 heicteár d’eanach agus borrfhás bocht (PF2), thart ar 3.06 heicteár de Scrobarnach (WS1), thart ar 0.17 km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.25 km de chrannteorainneacha (WLT2), beidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 6 Knocknabrona/Cnoc na Fosca. De réir measúnaithe a rinneadh, ní bheidh an méid coirce clúmhaigh <i>Avenula pubescens</i> a chaillfear sa bhraisle seo ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach ar bith. An caillteanas de thart ar 1.23 heicteár de *Pábháil Aolchloiche 8240, de thart ar 0.005 heicteár de Phábháil Aolchloiche *8240 /Talamh féaraigh Caillicreach mósáiceach 6210 agus thart ar 0.14 heicteár de choillearnach glárach *91E0 i mBraisle Gnáthóg 7, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach idirnáisiúnta. Tá stráice de Phábháil Aolchloiche *8240 (thart ar 0.27 heicteár), Pábháil Aolchloiche *8240 /talamh féaraigh Caillicreach mósáiceach 6210 (<0.01 heicteár) agus Turlach *3180 ina iomláine le coimeád i mBraisle Gnáthóg 7. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.78ha d’fhéarthalamh Tirim cailcreach (GS1), thart ar 1.94 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2), thart ar 0.16 heicteár d’fhéarthalamh Fliuch (GS4), thart ar 0.82 heicteár de choillearnach leathanduilleach (WD1), thart ar 1.59 heicteár de choillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), thart ar 0.34 heicteár de Scrobarnach (WS1), thart ar 0.28 km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.46 de chrannteorainneacha (WL2), beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 7 Mionlach. An caillteanas de chleitchaonach striocach beag <i>Plasteurhynchium striatulum</i> a tharlóidh sa bhraisle seo, de réir measúnaithe a rinneadh, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach contae. An caillteanas de thart ar c.0.11 heicteár de thalamh féaraigh 6210 sa Bhraisle Gnáthóg 8, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach náisiúnta. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.08 heicteár de thalamh féaraigh Tirim caillicreach (GS1), thart ar 0.43 heicteár de choillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), thart ar 1.68 heicteár de Scrobarnach (WS1)

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
		agus thart ar 0.67 km d’fhálta sceach (WL1), beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil ar Bhraisle Gnáthóg 8 Leacaigh. An caillteanas de thart ar 0.28 heicteár de mhóinéir Molinia 6410 i mBraisle Gnáthóg 9, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach náisiúnta. Tá cuid de na móinéir Molinia 6410 (thart ar 0.65 heicteár), agus cuid den choillearnach Darach-fuinseoige-coill (WN2) (0.03 heicteár), agus achar iomlán an locha Eotrófaigh (FL5) agus seascainn de Ghiolcacha agus de chíb bhuí mhór (FS1) le coimeád i mBraisle Gnáthóg 9. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 0.03 heicteár de choillearnach Darach-fuinseoige-coill (WN2), thart ar 0.005 heicteár de Scrobarnach (WS1) agus thart ar 0.67 km d’fhálta sceach (WL1) i mBraisle Gnáthóg 9 Bhaile an Dúlaigh, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le 0.24 km d’fhálta sceach (WL1) a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar Bhraisle Gnáthóg 10 an Chaisleáin Ghearr. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An caillteanas de thart ar 0.26 heicteár de Phábháil Aolchloiche *8240 i mBraisle Gnáthóg 11, tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach aige ar bhonn geografach idirnáisiúnta. Tá cúpla achar de Phábháil Aolchloiche *8240 (thart ar 0.36 heicteár) le coimeád i mBraisle Gnáthóg 11. De réir measúnaithe a rinneadh, an caillteanas de thart ar 2.76 heicteár d’fhéarthalamh Tirim cailcreach (GS1), thart ar 0.23 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2), thart ar 0.24 heicteár de choillearnach leathanduilleach (WN1), thart ar 0.22 heicteár de choillearnach darach-fuinseoige-coill (WS2), thart ar 2.31 heicteár de Scrobarnach (WS1), thart ar 0.46 km d’fhálta sceach (WL1) agus thart ar 0.24 km de chrannteorainneacha (WL2) i mBraisle Gnáthóg 11 Chnoc Mhaoil Drise, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil. De réir measúnaithe a rinneadh, an tionchar iarmharach a bheidh ag an gcaillteanas de thart ar 0.04 heicteár de mhóinéir Thirime agus de ghruaimhíní (GS2) agus de 0.03 km d’fhálta sceach (WL1) i mBraisle Gnáthóg 12 Ardaun, beidh sé ina chaillteanas suntasach ar bhonn geografach áitiúil.
	Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla Baineann na bearta maolaithe uile i gCuid 8.6.3 agus i gCuid 8.6.4 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht le limistéir bhithéagsúlachta áitiúla chomh maith céanna. Baineann agus braitheann na bearta maolaithe sonracha ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag an N6 GCRR ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíochta aonair ar chuid den acmhainn bhithéagsúlachta iad laistigh de bhraisle gnáthóg ar leith. Ar na limistéir bhithéagsúlachta áitiúla a rachaidh an Tionscadal tríothu tá: - Bóthar an Chósta (R336) go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn N59 (ina bhfuil limistéir bhithéagsúlachta áitiúla An Cheapach – Baile an Mhóinín agus An Bealach – Cnoc Bharr na Crannaí ar luadh iad i ndréacht de Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024). - Cuan an Roisín – Coill Bhearna – Oileán na Feamainne - Abhainn na Gaillimhe agus lochanna na gCualach (ina bhfuil na limistéir bhithéagsúlachta áitiúla Abhainn na Gaillimhe agus na mbogach a shíneann léi a luadh i ndréacht de Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024). - Mionlach go Cnoc Chúil Each (Cairéal Leacaigh san áireamh) - Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr (arb é gleann Abhainn Thír Oileáin a nascann é le hAbhainn na Gaillimhe)	Raon na dtionchar iarmharach is dóichí ó bhonn geografach áitiúil go hidirnáisiúnta An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 0.14 heicteár de ghnáthóg foraoise Iarmharaigh ghláraigh [*91E0] a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach idirnáisiúnta. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 1.54 heicteár de Phábháil Aolchloiche [*8240] a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh - Dabhach Uisce - Cuan na Gaillimhe (ina bhfuil limistéir bhithéagsúlachta áitiúla Inis Caorach agus na Líne Cladaigh Ar Na Gaobhair a luadh i ndréacht de Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024). - Córas Canálacha na Cathrach - Limistéar Uisce - Tír Oileáin Ghleann na Néal Pluais an Chúipéaraigh i dTír Oileáin	bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach idirnáisiúnta. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 5.63 heicteár de mhósáic de ghnáthóga talaimh phortaigh (Bratphortach [*7130], móinteach Fliuch [4010], móinteach Tirim [4030] agus móinéar Molinia [6410]), beidh tionchar iarmharach aige ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go Bóthar Mhaigh Cuilinn N59. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach náisiúnta. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 0.25 heicteár de thalamh féaraigh Caillicreach [*6210] a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach náisiúnta. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 0.29 heicteár de ghnáthóg Molinia [*6410] a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Chaisleáin Ghearr. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach náisiúnta. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le 18 bhfuarán chailcreacha (FP1) agus ceithre fhuarán Chlochraithe [*7220] a chailleadh ag Cairéal Leacaigh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil agus ar bhonn contae faoi seach. An tionchar iarmharach a ghabhfaidh le thart ar 5.24 heicteár de thalamh féaraigh bogthais aigéadach (GS3) agus thart ar 1.30 heicteár ar ghnáthóg eanaigh agus borrfháis (PF2), beidh tionchar iarmharach aige ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go Bóthar Mhaigh Cuilinn N59. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil. Cuirfear isteach ar fhálta sceach agus ar chrannteorainneacha ar fud an cheantair áitiúil agus is feadh stráicí Bhóthar an Chósta (R336) is mó a tharlóidh sé seo a fhad le limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59 thart faoin mBealach, sa limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each, agus i limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
		chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An tionchar iarmharach a ghabhfáidh leis an gcoillearnach leathanduilleach (WD1) agus an coillearnach Darach-fuinseoige-coill (WN2) a chailleadh, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh tionchar iarmharach an chaillteanais gnáthóige seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An tionchar iarmharach ar líon na gcrú-ialtóg bheag san áit, beidh tionchar iarmharach aige go príomha ar na limistéir bhithéagsúlachta áitiúla Mhionlach go Cnoc Chúil Each agus Phluais an Chúipéaraigh i dTír Oileáin, ach tá seans maith ann freisin go gcuirfidh sé isteach ar limistéir bhithéagsúlachta áitiúla Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna na gCualach, ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Phluais an Chúipéaraigh i dTír Oileáin, Baile an Dúlaigh – ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil An Chaisleáin Ghearr, agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Ghleann na Néal. De réir measúnaithe a rinneadh, d’fhéadfadh an tionchar iarmharach a ghabhfáidh leis a bheith ina thionchar suntasach ar bhonn geografach náisiúnta. An tionchar iarmharach ar speicis ialtóige eile a rinneadh taifead díobh sa cheantar seo, beidh tionchar iarmharach aige ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go Bóthar Mhaigh Cuilinn N59, ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Abhainn na Gaillimhe agus na gCualach, ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each, Baile an Dúlaigh – ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil an Chaisleáin Ghearr, ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Chóras Canálacha na Cathrach, ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil an Limistéir Uisce agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Ghleann na Néal. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh an tionchar iarmharach a ghabhfáidh leis seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach áitiúil. An tionchar iarmharach ar líon na bhfabhcún gorm sa cheantar, beidh tionchar iarmharach aige ar an limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each. De réir measúnaithe a rinneadh, beidh an tionchar iarmharach a ghabhfáidh leis seo ina thionchar suntasach ar bhonn geografach contae.
Bearta chun na Tionchair Fhéideartha a bheidh ag Cáilíocht an aeir ar Ghabhdóirí Bithéagsúlachta a Laghdú le linn na Tógála	D’fhonn srian a choinneáil le hastaíochtaí deannaigh le linn oibreacha tógála, déanfar na bearta maolaithe caighdeánacha seo in éineacht le bearta eile: gníomhaíochtaí créafóige nochta agus bóithre iompair earraí chuig láithreáin a spraeáil nuair atá an aimsir tirim/gaofar; niteoirí rotha a chur ag bealaí amach; luasanna feithiclí a rialú agus srianta luais a chur i bhfeidhm (20km/u ar aon bhóthar láithreáin nach bhfuil dromchla air); feithiclí tarlaithe a chlúdach; agus bóithre a bhfuil dromchla crua orthu a scuabadh. Déanfar dianfhaireachán agus dianmheasúnú ar na nósanna imeachta sin ar bhonn laethúil. Cuirfear sciathadh deannaigh ag suíomhanna ina bhféadfadh tionchar a bheith ar cháilíocht an aeir le linn chéim na tógála, is é sin, ag suíomhanna ina bhfuil gabhdóirí leochaileacha lonnaithe i bhfoisceacht 100m de na hoibreacha. Ina theannta sin, cuirfear scáileán deannaigh 2m ar fáil ag na suíomhanna sna codanna den Tionscadal agus de LCS (Caomhnú) Loch Coirib a luíonn thar a chéile agus atá in aice le Portaigh Mhaigh Cuilinn.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ann
Bearta Maolaithe chun an Fhéidearthacht do Thionchair ar Cháilíocht an Uisce i	Tugtar mionchuntas thíos (sa chuid faoin Hidreolaíocht agus sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála [CEMP] a cuireadh le hAguisín A.7.5) ar na bearta maolaithe a dhéanfar chun uisce dromchla a chosaint le linn na tógála, rud a chosnóidh cuid mhaith de na gabhdóirí bithéagsúlachta.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ann

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Sruthchúrsaí Glactha a Laghdú		
Bearta chun Cainníocht Screamhuisce agus Cáilíocht Screamhuisce a Chosaint agus tionchair fhéideartha ar ghabhdóirí bithéagsúlachta	Tá na bearta maolaithe chun cainníocht agus cáilíocht screamhuisce a chosaint le linn na tógála mionsonraithe thíos sa chuid Hidrigeolaíochta thíos agus astu sin tabharfar cosaint do chuid mhaith de na gabhdóirí bithéagsúlachta. Cuireadh thíos freisin bearta maolaithe i leith Ithreacha agus Geolaíochta chun srian a chur le húsáid ábhar líonta i limistéir ina bhféadfadh rith chun srutha/insíothlú cur isteach ar leibhéil pH i ngnáthóga talamh portaigh in aice láimhe laistigh de Chrios Tionchair (ZoI) hidrigeolaíoch an Tionscadail.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ann
Bearta chun Leathadh Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach a Rialú agus a Chosc	Tá an straitéis maolaithe i leith speicis neamhdhúchasacha ionracha bunaithe ar na <i>Treoirlínte maidir le Fiailí Díobhálacha agus Speicis Neamhdhúchasacha Ionracha ar Bhóithre Náisiúnta a Bhainistiú</i> (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2010) agus é de chuspóir aici speicis neamhdhúchasacha ionracha a bhainistiú sa limistéar oibre agus cosc a chur ar scaipeadh aon líon díobh atá ag fás laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe cheana féin (rud atá ina cheanglas dlí maidir le speicis amhail glúineach bhiorach). Tá Plean Maolaithe i leith Speicis Plandaí Ionracha Neamhdhúchasacha curtha le chéile chomh maith agus tá sé san áireamh san CEMP (féach Aguisín A.7.5). Cuirfear i bhfeidhm tamall maith é roimh thús a chur leis na hoibreacha tógála atá beartaithe le ham a thabhairt tabhairt faoi chun gach pobal de sprioc-speicis ionracha neamhdhúchasacha a shrianadh laistigh de Chrios Tionchair an Tionscadail, ag féachaint d’uainiú/do shrianta séasúracha a bhaineann le gach speiceas ar leith. Ordófar sa Phlean Bainistíochta do Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha don Chonraitheoir tógála agus é ag cur na mbeart maolaithe sonrach riachtanach i bhfeidhm maidir le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha aonair agus tá siad de dhíth chun go leor de na gabhdóirí bithéagsúlachta a chosaint. Ós rud é go bhfuil seans ann go bhfuil speicis tar éis leathnú, nó go bhfuil athrú tagtha ar a bpátrún scaipthe, san idirlinn idir na suirbhéanna gnáthóige a rinneadh don Tuarascáil MTT nuashonraithe agus an t-am ar cuireadh tús leis na hoibreacha tógála, cuirfear san áireamh sa Phlean Bainistíochta do Speicis Ionracha ath-shuirbhé réamhthógála laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe. De réir threoir an Údaráis um Bóithre Náisiúnta áireofar leis an suirbhé sin léarscáiliú cruinn ar scála 1:5,000 do shuíomh beacht na speiceas planda ionrach neamhdhúchasach. Is saineolaithe oiriúnacha a bheidh ábalta na speicis a bheidh i gceist a aithint a dhéanfaidh na suirbhéanna réamhthógála. De réir <i>Treoirlínte maidir le Fiailí Díobhálacha agus Speicis Neamhdhúchasacha Ionracha a Bhainistiú ar Bhóithre Náisiúnta</i> (Údarás um Bóithre Náisiúnta, 2010), sa chás go geruthaítear ábhar ó speicis d’fhiailí díobhálacha nó de phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a ghearradh, a stoitheadh nó a lomadh, níor cheart go bhfaighfear réidh leo ar bhealach a chuirfidh tuilleadh le scaipeadh na bplandaithe seo. Beifear cúramach gar do shruthchúrsaí toisc go scaipeann blúiríní agus síolta plandaí go tapa in uisce. Déanfar diúscairt ar ábhar ina bhfuil cinn bláthanna nó síolta trí mhúirín nó é a chur ag doimhneacht nach lú ná 0.5m i gcás salachair díobhálach, nó trína lasadh (ag saoráid cheadúnaithe agus aird ar reachtaíocht ábhartha) nó trína dhiúscairt chuig líonadh talún ceadúnaithe i gcás speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach. Níl soefhréamhacha copóg agus fréamhacha feochadán reatha oiriúnach i gcomhair múirín ná ní féidir iad a chur tanaí, agus caitear iad a dhiúscairt i líonadh talún, iad a lasadh nó a chur ag doimhneacht nach lú ná 1.5m (rud nach bhfuil indéanta ach amháin le linn chéim na tógála). I gcás go ndéantar Glúineach bhiorach a chur i dtalamh lena dhiúscairt, cuirfear an t-ábhar ag doimhneacht 5m agus leagfar scannán geoiteicstíle oiriúnach os a chionn. Déanfar an diúscairt go léir de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2024. Maidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha uisceacha cloifidh na hoibreacha tógála go léir, agus aon obair suirbhéireachta uisce a dhéanfar (m.sh. leictriascaireacht), le prótacail bithshlándála dea-chleachtais d’obair uisceach – mar shampla Prótacal Bithshlándála IFI d’Obair Suirbhéireachta Allamuigh (IFI, 2010).	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Plandaí agus Speicis Neamhchoitianta agus faoi Chosaint	Taifeadfar agus léarscáileofar fairsinge na speiceas plandaí seo a leanas roimh dul i mbun tógála le cinntiú go ndéanfar a laghad cur isteach ar dhúlra na háite agus is féidir agus, sna háiteanna a gcoinneofar iad, go gcuirfear fáлта agus comharthaí timpeall orthu chun iad a chosaint agus go mbeidh an lucht saothair ar an colas (ag gearrchomhráite roimh obair, srl) faoi na háiteanna: • Caonach biorach coille <i>Plagiomnium cuspidatum</i> • Cleitchaonach stríocach beag <i>Plasteurhynchium striatulum</i> • Caonach móna rádalaíoch <i>Sphagnum affine</i> • Caonach móna dearg <i>Sphagnum capillifolium</i> s. <i>capillifolium</i> • Ceadharlach Bealtaine <i>Gentiana verna</i> • Gobsheisc <i>Rhynchospora fusca</i> I gcás ina gcuirfear isteach go díreach ar phlandaí <i>Plagiomnium cuspidatum</i> agus <i>Plasteurhynchium striatulum</i> agus ina bhfuil siad ag fás ar fhoshraitheanna inaistrithe (carraigeacha nó lomáin), is éard a dhéanfar ná na foshraitheanna a athlonnú chuig limistéir inar coinníodh an fársa agus a bhfuil na dálaí timpeallachta céanna faoi réim ann agus atá sa suíomh deontóra. Déanfar monatóireacht ina dhiaidh sin le fáil amach cé acu a d’éirigh nó a theip ar an athlonnú. Cuid de na pobail plandaithe sin (is é sin, trí cinn de na sé thaifead a rinneadh de chleitchaonach stríocach beag <i>Plasteurhynchium striatulum</i> laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe agus gach taifead de cheadharlach Bealtaine <i>Gentiana verna</i> a rinneadh laistigh de theorainn an Mheasúnaithe), coinneofar iad laistigh de na limistéir gnáthóige atá le coinneáil. Roimh dul i mbun tógála, déanfar sainaithint agus stádas dúchasach an choirce réisc <i>Helictotrichion pratense</i> agus an chaorthainn enaigh Valeriana dioica a sheiceáil agus bearta cosanta a chur i bhfeidhm, más iomchuí. I gcás ina n-úsáidfear síolú féarthalaimh, beidh sé oiriúnach do na cineálacha ithreach agus seachnóidh sé speicis tháscacha dhiúltacha le haghaidh gnáthóga féarthalaimh Iarscríbhinn I, arb é is aidhm dóibh móinteach tirim/féarthalamh aigéadach siar ó Abhainn na Gaillimhe agus féarthalamh cailcreach soir ó Abhainn na Gaillimhe a chothú. Na cineálacha cur chuige i leith gnáthóga féaraigh a chothú a úsáidfear, tabharfaidh siad tús áite d’athghiniúint nádúrtha seachas do mheascáin síolta a úsáid, cibé áit nach bhfuil baol mór ann ó chreimeadh ithreach.	Thuar Tuarascáil MTT 2018 nach mbeadh aon tionchar iarmharach ann ar speicis planda neamhchoitianta agus faoi chosaint. D’easaontaigh Tuarascáil Chigire an ABP dar dáta mí Meithimh 2021 leis an mbreithmheas sin, áfach, agus maíodh inti go mbeadh drochthionchair iarmharacha shuntasacha ann ar cheithre speiceas planda neamhchoitianta agus faoi chosaint, is é sin, caonach biorach coille, cleitchaonach stríocach beag, súsan Rádalach, agus súsan dearg, ar bhonn geografach Náisiúnta. Tá seans maith ann go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann ar ghlanrosca ar bhonn geografach áitiúil. Leasaíodh an tionchar iarmharach le haghaidh na tuarascála MTT nuashonraithe seo go tionchar ar bhonn geografach contae maidir le súsan Dearg, caonach biorach Coille, cleitchaonach stríocach Beag. Beidh tionchair iarmharacha fós le sonrú de dheasca tionchair hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha a d’fhéadfadh tarlú do shúsán Rádalach Sphagnum affine, do shúsán Dearg mar aon le meath ar chaighdeán an aeir a d’fhéadfadh cur isteach go neamhdhíreach ar shúsán Rádalach, ar shúsán Dearg, ar chaonach biorach Coille, ar chleitchaonach stríocach Beag agus ar Ghlanrosca.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Madraí uisce	<i>Díghrádú gnáthóige - cáilíocht an uisce</i> Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidreolaíochta. <i>Caillteanas suíomhanna pórúcháin/scíthe</i> Ó tharla go bhféadfadh an Madra Uisce poill nua nó suíomhanna broimfhéir a chruthú laistigh de CT an Tionscadail amach anseo, beidh gá le gach gnáthóg oiriúnach do Mhadraí Uisce a sheiceáil roimh an tógáil agus caithfear é sin a dhéanamh faoi cheann 12 mhí ó thús a chur le haon oibreacha tógála. <i>Bealaí trasnaithe do mhadraí uisce</i> Féachfar chuige go mbeidh bealaí trasnaithe sábháilte ann feadh gach sruthchúrsa a rachaidh an Tionscadal trasna orthu le linn tógála agus istigh iontu, beidh laftáin do mhamaigh i dtóchar nó dhá thóchar 600mm ag dul comhthreomhar leis an sruthchúrsa, ceann amháin ar cheachtar taobh de. Déanfar seiceáil ar íosbhealaigh do Mhamaigh agus ar bhealaí trasna do Mhadraí Uisce sula dtosóidh na stráicí ábhartha den N6 GCRR ag feidhmiú ar mhaithe lena chinntiú gur tógadh iad de réir na dTreoirlínte maidir le Caitheamh le Broic roimh Thógáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c)	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an Madra Uisce, ar aon scála tíreolaíoch.
Ialtóga	<i>Ceadúnas Maolaithe Ialtóg</i> Is cion é faoi Alt 23 de na hAchtanna um Fiadhúlra 1976 -2017 agus faoi Alt 51 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 ialtóg a mharú nó damáiste a dhéanamh dóibh nó áit pórúcháin nó scíthe aon speiceas ialtóg a scrios. Faoi Rialacháin na gComhphobal Eopach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) ní gá gur in aon turas a dhéanfaí an gníomh chun gur cion a bheadh i gceist. Mar sin cuirtear an fhreagracht ar aon duine a mbeadh sé i gceist acu oibreacha a dhéanamh a bhféadfadh damáiste nó scrios mar sin tarlú a bheith ar an airdeall. Faoi Alt 54 de I.R. 477 de 2011, féadfaidh an tAire maolú a cheadú nuair nach mbíonn aon rogha sásúil eile ann agus ní bhíonn an maolú díobhálach do chothabháil dhaonraí na speiceas lena mbaineann an Treoir Gnáthóga ag stádas caomhnaithe fabhrach ina raon nádúrtha. Mar gheall ar an méid cur isteach ón Tionscadal ar ialtóga atáthar á thuar, beidh gá le ceadúnas maolaithe faoi Alt 54 de I.R. 477 de 2011. Toisc go ndeachaigh ceadúnas maidir le maolú ialtóg 2024 in éag an 31 Nollaig 2024, cuireadh iarratas nua isteach ar cheadúnas maolaithe faoi bhráid SPNF an 1 Aibreán 2025 (a áirítear in Aguisín A.8.25 Cuid 2 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo). Aon cheadúnas maolaithe a dheonaíonn an SPNF, foilsítear é maille leis an iarratas agus aon cháipéisíocht tacaíochta, ar a suíomh gréasáin ag https://www.npws.ie/licensesandconsents/disturbance/application-for-derogation/bat-derogations-issued. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh an ABP in ann a fheiceáil cathain a deonaíodh an Ceadúnas maidir le Maolú Ialtóg, agus cóip den cheadúnas deiridh a deonaíodh a fháil, ach cliceáil ar an nasc seo. San áireamh in Aguisín A.8.25, tá cóip den iarratas a rinneadh ar Cheadúnas Maolaithe Ialtóg. <i>Bearta chun Ialtóga a Chosaint nuair a bheidh Farai á mBaint</i> Moltar na bearta maolaithe seo a leanas maidir le struchtúir atá deimhnithe mar chinn a thacaíonn le farai ialtóg nó a meastar go bhfuil sé de chumas acu tacú le hialtóga ar an bhfara: - Sula ndéanfar an 19 déanmhas ina ndeimhnítear go bhfuil farai ialtóg a scartáil, beidh farai saorga curtha ina n-ionad lena chinntiú go mbeidh ialtóga in ann áiteanna scíthe eile a rochtain chomh luath agus a gheobhaidh siad deis. - Nuair is féidir, ní dhéanfar foirgnimh ina ndeimhnítear go bhfuil farai ialtóg iontu a scartáil le linn na tréimhse pórúcháin nó na tréimhse geimhriúcháin (Aibreán go Iár Lúnasa agus Samhain-Márta) toisc go bhfuil an baol ann go dtarlóidh bás nó gortú de thaisme níos mó ag an tráth sin. D’fhéadfadh líon níos lú ialtóg farai a úsáid sa gheimhreadh ach d’fhéadfaidís a bheith iontu mar sin féin. Lasmuigh de na tréimhsí sin, cinnfear an cur chuige maidir le scartáil farai ialtóg de réir an cháis ar leith agus faoi réir coinníollacha ceadúnais iomchuí - Marcálfar foirgnimh ina ndeimhnítear go bhfuil farai ialtóg iontu atá beartaithe a scartáil ar an talamh le marcáil péinte a bheidh comhaontaithe ionas go n-aithneoidh na Conraitheoirí iad - Roimh scartálacha, déanfar athscrúdú láithreach ar gach déanmhas inar deimhníodh go raibh ialtóga nó ina bhféadfadh ialtóga a bheith iontu sula ndéanfar scartáil le déanamh amach cibé an bhfuil ialtóga istigh iontu nuair a dhéanfar scartáil. Beidh scrúdú ar feadh na hoíche ar fad i gceist leis seo le feiceáil cibé an dtéann ialtóga isteach san fhoirgneamh le linn na hoíche nó go moch ar maidin. Tabharfaidh sé sin dóthain faisnéise le leanúint ar aghaidh le scartálacha ach amháin mura raibh an aimsir oiriúnach chun ialtóga a bheathú. Má tá ialtóga san fhoirgneamh, ansin caithfear iad a chur amach thar chúpla oíche nó más féidir le speisialtóir ialtóg ceadúnaithe iad a thógáil amach le lámh agus iad a chur i mbosca ialtóg nó a leithéid le scaoileadh amach san oíche tar éis iad a ghabháil Maidir le struchtúir nár deimhníodh mar fharai ialtóg ach a mheastar go bhfuil siad go mór in oiriúint d’ialtóga, déanfar measúnú brathadóra ialtóige ar an maoin atá le leagan, (tabhair faoi deara, ní cheadófar iad a leagan sa tréimhse idir mí Bealtaine agus mí Lúnasa (an tréimhse phórúcháin) sna cásanna ina ndeimhnítear gur fara ialtóg atá ann ó tharla baol rómhór a bheith ann go bhfaighidh ialtóga bás de thaisme nó go ngortófar iad rómhór an tráth sin den bhliain). Beidh scrúdú ar feadh na hoíche ar fad i gceist leis seo le feiceáil cibé an dtéann ialtóga isteach san fhoirgneamh le linn na hoíche nó go moch ar maidin. Tabharfaidh sé sin dóthain faisnéise le leanúint ar aghaidh leis an scartáil ach amháin mura raibh an aimsir oiriúnach chun ialtóga a bheathú. Má tá ialtóga san fhoirgneamh, ansin caithfear iad a chur amach thar chúpla oíche nó más féidir le speisialtóir ialtóg ceadúnaithe iad a thógáil amach le lámh agus iad a chur i mbosca ialtóg nó a leithéid le scaoileadh amach san oíche tar éis iad a ghabháil - A luaithe is a mheastar go bhfuil déanmhais ina raibh farai glan ó ialtóga, beidh an speisialtóir ialtóg ar an láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta scartála go dtí go measfar nach bhfuil an déanmhas in ann tacú le fara ialtóg níos mó. D’fhéadfadh ialtóga dul isteach arís i ndéanmhas nach bhfuil scartáilte go hiomlán thar oíche mar sin d’fhéadfadh an speisialtóir ialtóg a bheidh ag teastáil arís le linn oibreacha scartála go dtí go mbeidh an obair scartála go léir curtha i gcrích Moltar na bearta maolaithe seo a leanas maidir leis na crainn a aithníodh mar chinn a d’fhéadfadh tacú le hialtóga ar an bhfara. Orthu seo, tá na trí chrann ar deimhníodh go bhfuil fara ialtóg iontu (PTR43, PTR48 agus PTR45) nó an 13 chrann eile atá an-oiriúnach, bíodh sé sin i bhfoirm gnéithe fara féideartha a bheith iontu nó brat tiubh eidhinn ann a chuireann i bhfolach iad. Lena chois sin, ba chóir don chrann a bheith ag aois agus i riocht a fhágann go bhfuil an-seans ann go bhfuil gnéithe fara ann. Léiríonn Fíoracha 8.25.1 go 8.25.15 agus Fíoracha 8.26.1 go 8.26.15 na háiteanna ina bhfuil na crainn sin ach tabharfar líníocht níos mionsonraithe don chonraitheoir sula ndéantar aon oibreacha gearrtha anuas. D’fhéadfadh ialtóga gnéithe fara oiriúnacha a áitiú ag aon am sula gcuirfear tús le hoibreacha. Mar sin, tá an baol ann go bhféadfadh ialtóga a bheith thíos leis mar gheall ar oibreacha gearrtha anuas. Leanfar leis na nósanna imeachta maolaithe seo a leanas: - Leagfar farai crann deimhnithe agus féideartha sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí Dheireadh Fómhair toisc go mbíonn ialtóga ábalta eitilt sa tréimhse seo agus d’fhéadfaidís na rioscaí ó leagan crann a sheachaint má thugtar faoi bhearta cearta, ach gan iad a bheith ag pórú nó ag geimhriú ach an oiread - B’fhéidir nach leor brathadóirí astu féin chun ialtóga agus athiontráil sa dorchadas a thaifeadadh. Dá bhrí sin, sula ndéantar farai crann deimhnithe agus féideartha a leagan, déanfar suirbhé teacht chun cinn ina n-úsáidfear soilsíú infridhearg agus fisceamarai agus brathadóirí ialtóg an oíche díreach roimh an oibriocht leagtha le déanamh amach an bhfuil ialtóga i láthair - I gcás go bhfuil sé sábháilte agus iomchuí sin a dhéanamh le haghaidh ialtóg agus daoine araon, féadfar crainn a leagan ag úsáid gléasra trom chun an crann a bhrú ar leataobh. D’fhonn an rabhadh is fearr a chinntiú le haghaidh aon ialtóga ar an bhfara a d’fhéadfadh a bheith fós ann, brúfar an crann dhá nó trí huaire, agus glacfar sos thart ar 30 soicind idir gach brú chun deis a thabhairt d’ialtóga bogadh. Ba chóir an crann a bhrú ansin go talamh go mall agus é a fhágáil ansin go ndéanfaidh speisialtóir ialtóg scrúdú air - Níor cheart crainn a leagan ach amháin “i gcodanna” nó “a iad leagan bog” áit ar féidir na codanna a rigeáil chun gluaiseachtaí tobanna a sheachaint agus ionas nach gcuirfear na codanna as cor	Beidh tionchair iarmharacha suntasacha fós ann toisc nach féidir cuid de na gníomhaíochtaí a sheachaint agus ní féidir iad a mhaolú ach amháin le leibhéal cinnteachta éigin: - Déanfar scartáil ar 19 bhfoirgneamh laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe a chuirfidh isteach ar 23 fara a bhfuil idir ialtóga sopránacha, ialtóga feascracha, ialtóga fadchluasacha Donna agus crú-ialtóga beaga ag cur fúthu iontu. Lena chois sin, tá farai ialtóg Leisler agus speicis Myotis nár sainaithníodh go fóill, lena n-áirítear: - Déanfar fara satailíte amháin ag Achadh an Churraigh a leagan (PBR178) (fara satailíte mar chúiteamh ar an bhfara máithreachais de chrú-ialtóga beaga ag Caisleáin Mhionlaigh [PBR06]) agus d’fhéadfadh caillteanas d’fhara oíche crú-ialtóg beag eile (PBR210) laistigh den limistéar ina mbíonn siad ag tóraíocht bia a bheith ina thionchar ar bhonn geografach náisiúnta mura ndéanfar aon bheart chun an tionchar sin a mhaolú. - Tá crainn le leagan (PTR48, PTR45, PTR43) a deimhníodh go gcothaíonn siad ialtóga (ialtóg Leisler (PTR48) agus ialtóga feascracha faoi sceach (PTR45 agus PTR43) agus tá 13 chrann eile ann a mheastar go bhfuil sé de mhianach iontu (nó is i gcatagóir 1 de réir aicmiú 2014 – 2018 atá siad) ialtóga a chothú ach tá siadsan le leagan chomh maith. - Meastar gur caillteanas foráiste an rud is suntasaí i gceantar Mhionlaigh áit ina bhfuil gnáthóg coillearnai-féaraigh-fál sceach á cailleadh agus atá laistigh den CSZ do dhaonra crú-ialtóg bheag atá tábhachtach go náisiúnta. - Rátaí dosheachanta mortlaíochta méadaithe i ngeall ar imbhualtí feithiclí. - Básanna agus gortuithe a tharlaíonn i measc ialtóg agus baic a chuirtear orthu de dheasca an Tionscadail Cé gur cloíodh le dea-chleachtas le linn an Tionscadail á dhearadh agus cé gur cuireadh íosbhealaí/tóchair agus uasbhealaí fiadhúlra ann, tá sé ionann agus cinnte go n-eitleoidh líon beag d’ialtóga na háite os cionn an Tionscadail agus go mbeidh siad i mbaol a mbuailte ó fheithiclí fad is atá sé seo á dhéanamh acu. Beidh drochiarmaí ag an Tionscadal ar líon beag acu agus é ina bhac sa tírdhreach orthu. Meastar go mbeidh éifeacht an

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- I gcás ina bhfuil oibreacha leasúcháin (m.sh. prúnáil na ngéag) le déanamh ar chrainn a measfar atá oiriúnach d’ialtóga, seiceálfaidh speisialtóir ialtóg na codanna den chrann a bheidh i gceist (ag úsáid ionscóip faoi cheadúnas maolaithe ar leithligh a bheidh ag an duine sin) go bhfeicfidh sé an bhfuil aon ghnéithe fara ann sula mbainfear é. I gcás géag ina bhféadfadh gnéithe fara a bheith suas ard i gceannbhrat an chrainn, caithfear dá réir sin an géag a rigeáil agus a íslíú go talamh (agus an ghné fara féideartha fós ann) le go mbeidh an speisialtóir ialtóg in ann é a scrúdú sula ngearttar nó sula ndéantar mótú air. Má fhaightear ialtóga ann, bainfidh speisialtóir ialtóg iad a bhfuil ceadúnas aige chun ialtóga a láimhseáil agus scaoilfidh sé amach sa cheantar iad an oíche i ndiaidh iad a ghabháil - Sula ndéanfar na trí fhara crainn dheimhnithe a leagan (PTR43, PTR48, PTR45), agus aon chrann eile a d’fhéadfadh a bheith ina bhfara ialtóige, suiteálfar dhá bhosca ialtóige athsholáthair ar a laghad ar chrainn, chomh gar do gach crann leagtha agus is féidir, a raibh de mhianach acu a bheith ina bhfara ialtóige, chomh gar agus is féidir ach ar shiúl ó charrbhealach an bhóthair atá beartaithe agus roimh dheireadh mí Iúil sa bhliain ina ngearttar anuas iad. Meascán de bhoscaí folmha (faoi choinne ialtóga Leisler) agus de bhoscaí scáine (faoi choinne ialtóga fheascrach) a bheidh sna boscaí sin ar aon dul leis an bhfara a cailleadh. Beidh suíomh na mboscaí ialtóg sna cásanna sin laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe ach is é an speisialtóir ialtóg a chinnefidh iad. Aon uair nach féidir crann oiriúnach a aimsiú cóngarach d’fhara crann ialtóige aitheanta/d’fhara crann ialtóige féideartha, roghnóidh an speisialtóir ialtóige an chéad chrann eile is oiriúnaí, laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe, i suíomh iomchuí (is é sin, taobh an bhóthair a sheachaint). <i>Bearta chun cosáin eitilte a chaomhnú thar limistéir thógála</i> Sainaithníodh le linn chéim na tógála, nuair a baineadh coillearnach agus fáлта sceach agus idirghabháil eile sna tírdhreacha a bhí in úsáid ag ialtóga gur féidir leis sin gnáthóga a oscailt suas chomh mór is nach mbeidh ialtóga in ann dul sa tseans a dhul trasna an spáis oscailte nua chun faraí agus limistéir foráiste eile a shroicheadh ar an taobh eile. Leanfar ag deighilt na gcósán eitilte ar feadh chéim na tógála ar fad. San áireamh leis an Tuarascáil <i>WC1060 Ar Mhodh a Bheadh Éifeachtach ó Thaobh Costais de a Fhorbairt chun Monatóireacht a dhéanamh ar a Éifeachtaí agus atá Maolú ar Mhaithe le hIaltóga</i> i mbun bonneagar líneach a thrasnú, tá prionsabail dhea-chleachtais chun aghaidh a thabhairt ar an easpa fianaise ginearálta atá ann a thugann léargas ar an gcaoi a n-oibríonn go leor bearta maolaithe “traidisiúnta”. Athchruthaítear na prionsabail sin thíos agus tá siad curtha san áireamh sa straitéis maolaithe i leith an Tionscadail: “<i>Ba cheart maolú a fhi isteach sa scéim chomh luath agus is féidir: ba cheart go ndéanfaí machnamh ar mhaolú le linn an bhonneagair a dhearadh agus a phleanáil le go nglacfar isteach go héifeachtach é</i> <i>Ba cheart struchtúir trasnaithe a chur díreach san áit ina mbíonn ialtóga ag dul anonn is anall cheana féin: níor cheart aon iarracht a dhéanamh chun ialtóga a chur ar mhalairt slí ó na bealaí a bhíodh á dtaisteal acu go dtí seo</i> <i>Ní gá go bhfágfadh struchtúir trasnaithe go mbeadh ar ialtóga airde a n-eitilt nó treo a n-eitilte a athrú: braithfidh sé ar thopagrafaíocht an láithreáin. Sa chás go mbeadh an bóthar le hardú os cionn leibhéal na talún, d’fhéadfadh go mbeadh gá le híosbhealach chun an bealach comaitéireachta thíos faoi a chaomhnú, nó sa chás go mbeadh an bóthar i ngearrthóg, d’fhéadfaí leas a bhaint as glasdhroichead chun an bealach comaitéireachta a iompar thar an mbóthar.</i> <i>Ba chóir go gcoimeádfadh struchtúir trasnaithe ceangailteacht le bealaí comaitéireachta ialtóga reatha: caithfear ceangailteacht a choimeád gan cur isteach ar bhealaí eitilte ialtóg (m.sh. linnte crann, fáлта sceach, coillearnaigh agus srutháin) agus gnáthóg ialtóg (mar. sh. coillearnach) laistigh den tírdhreach máguaird. Níor chóir go mbeadh struchtúir trasnaithe nochtaithe nó lonnaithe laistigh de thalamh oscailte</i> <i>Ba chóir go mbeadh fásra curtha ar struchtúir thar an mbóthar mar ghlasdroichid: ba chóir go mbeadh an fásra leanúnach agus ceangailte (féach thuas) agus sách aibí sula dtógfar an bóthar (mar. sh. trí chrainn aibí go maith a chur ó speicis chrainn a fhásann go tapa sula gcuirfear tús leis an obair thógála)</i> <i>Ba chóir go mbeadh na híosbhealaí sách ard: ba chóir go mbeadh an oiread spáis agus is féidir in íosbhealaí ach go háirithe ó thaobh airde. Beidh íosriachtanais maidir le hairde na híosbhealaí sonrach don speiceas. Bheadh airdí riachtanacha go ginearálta níos ísle do speicis oiriúnaithe coillearnaigh (~3 m) i gcomparáid le speicis a bheadh ginearálta (~6 m), ach bheadh íosbhealaí níos mó in ann freastal ar níos mó speicis.</i> <i>Ba chóir go mbeadh glasdroidh sách leathan: Sa bhreis ar fhásra ann, ba chóir go mbeadh na glasdroidh chomh leathan agus is féidir, chun réimse leathan a sholáthar d’ialtóga chun taisteal trasna. Tá gá le tuilleadh taighde chun na gnéithe sonracha a choimeád. Tháinig muid trasna ar ghlasdroichead a bhí 30m ar leithead sa staidéar seo.</i> <i>Níor chóir go mbeadh aon soilse sna struchtúir trasnaithe: Braitheann éifeacht soilse ar chineálacha áirithe ialtóg agus mar sin ba chóir soilse a sheachaint</i> <i>Caithfear rochtain agus ceangailteacht a choimeád: Tá sé tábhachtach go gcoimeádfar rochtain ar struchtúir trasnaithe (m.sh. níor chóir grille a shuiteáil ar íosbhealai) agus go gcoimeádfar fásra ceangailte go deo nó chomh fada agus a bhíonn gá leis an struchtúr maolaithe</i> <i>Ba chóir cur isteach a íoslaghdú agus na struchtúir maolaithe a bheith á gcur isteach: Mar shampla, trí theorainn a chur ar thruailliú ó thorann agus ó shoilse feadh bhealach eitilte na n-ialtóg (agus ba chóir go mbeadh siad faoi réir monatóireachta agus meastóireachta) agus an suiteáil a dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus b’fhearr mionna an tsamhraidh a sheachaint chuige sin tráth a mbíonn na hialtóga níos gníomhai”.</i> Suiteáladh fálú sealadach ar fud suíomhanna in ionad gnéithe nasctha agus ní cosúil go ndearnadh monatóireacht orthu ach amháin mar chuid de thionscadal amháin san Eilvéis (Britschgi et al, 2004). Sa staidéar seo, taifeadadh fál sceach saorga atá 1m ar leithead x 1.5-2m ar airde agus cion de na hialtóga i bhfara ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist bearta den chineál céanna a chur i bhfeidhm i bpríomhionaid lena chinntiú go bhfuil gnéithe líneacha ann chun gnáthóga a nascadh ar fud lorg na tógála ar fad. D’fhonn treoir a thabhairt do láithreánú na mbeart maolaithe, lena n-áirítear an fál sealadach a bhfuil cur síos air thuas le linn chéim na tógála, déanfar sraith suirbhéanna ceamara infridhearg/teirmeach ag úsáid sraith ceamaraí agus brathadóirí ialtóg feadh ghnéithe líneacha sna háiteanna seo a leanas sa séasúr gníomhaíochta is mó. Cuideoidh sé sin chun na pointí trasnaithe sainroghnaithe a shainaithint ag na codanna seo a leanas: - Limistéar 1: Ó Thuaidh de Choill Bhearna - Limistéar 2: Achadh an Churraigh - Limistéar 3: Abhainn na Gaillimhe go Bóthar Chúil Each - Limistéar 4: Siar ó Bhóthar Áth Cinn an N84 - Limistéar 5: Baile an Dúlaigh go dtí an Caisleán Gearr Déanfaimid suirbhéireacht ar gach limistéar trí huaire chun ialtóga ag eitilt a thaifeadadh sna háiteanna sin agus na hionaid chaoithiúla chun faire do cheamaraí le cinneadh le linn suirbhéanna lae. Coinneofar aon ghnéithe reatha a sainaithnítear mar phointí trasnaithe sainroghnaithe agus atá sceidealaithe le baint go dtí an nóiméad deiridh agus cuirfear struchtúr trasnaithe saorga iniompartha lena thaobh sula mbainfear é, rud a chiallóidh nach mbeidh aon bhearna ar fud an láithreáin tógála istoíche ag aon tráth. Déanfar monatóireacht ar úsáid an chlaí shealadaigh mar struchtúr trasnaithe saorga trí huaire thar dhá sheachtain i ndiaidh suiteála. Mura bhfuil an struchtúr trasnaithe saorga san áit chéanna mar phointe trasnaithe buan beartaithe (m.sh. an t-uasbhealach fiadhúlra sa Chaisleán Gearr) ansin bogfar é de réir a chéile thar chúpla oíche chun é a ailiniú leis an bpointe trasnaithe buan. tionchair iarmharaigh sin ar chrú-ialtóga beaga suntasach ar scála tíreolaíoch náisiúnta. Meastar go bhfuil an tionchar ar speicis ialtóg eile suntasach ar scála tíreolaíoch áitiúil. - Táthar tar éis bearta dearaidh a mholadh chun an baol de dhrochthionchar suntasach atá ann ó thionchair shoilsithe chumaisc ar bhonn geografach áitiúil a choimeád chomh híseal agus is féidir. Chuathas i ngleic tuilleadh leis na tionchair iarmharacha sin de bharr an togra le haghaidh bearta cúiteacha sonracha, a phléitear tuilleadh i gCuid 22.4.2 thíos.	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	D’fhéadfadh sé gurb éard a bheadh i gceist leis an struchtúr trasnaithe saorga achair lín duaithníochta, crainn Nollag athchúrsáilte ceangailte le chéile, plandóirí iniompartha nó plandaí saorga is féidir a bhogadh go héasca ar maidin agus tráthnóna lena chinntiú go mbeidh an trasnú in áit gach oíche. Ní úsáidfear aon soilsiú saorga ag aon bhealach trasnaithe sruthchúrsa le linn na tógála le cinntiú nach ndíláithreofar ialtóga nó nach gcuirfear cosc orthu na conairí bruachánacha a úsáid le haghaidh dul anonn is anall nó tóraíocht bia a dhéanamh. An clár monatóireachta atá beartaithe Toisc gur féidir le leibhéal bonnlíne ghníomhaíocht na n-ialtóg agus áitíocht farai athrú le himeacht ama, déanfar monatóireacht réamhthógála sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála chun go mbeidh na sonraí a gcuirfear an mhonatóireacht réamhthógála i gcomparáid leo chomh cothrom le dáta agus is féidir (féach an Ceadúnas Maolaithe Ialtóg atá in Aguisín A.8.25). Déanfar monatóireacht chomh maith ar éifeachtúlacht na mbeart maolaithe agus cúitimh ialtóg le linn na tógála agus i ndiaidh na tógála. I gcás ina sainaithnítear sa mhonatóireacht go bhfuil deacrachtaí leis na bearta maolaithe nó cúitimh, réiteofar iad sin lena chinntiú go mbainfidh na bearta sin a gcuid aidhmeanna amach maidir le cur isteach ar líon ialtóg na háite a mhaolú nó a chúiteamh (féach an Ceadúnas Maolaithe Ialtóg in Aguisín A.8.25). <i>Monatóireacht réamhthógála</i> Tá gá le monatóireacht réamhthógála chun sonraí a sholáthar chun go bhféadfar monatóireacht tar éis tógála a chur i gcomparáid leo. Seo a leanas na paraiméadair: - Leibhéil áitíochta i bhfarai (Caisleán Mhionlaigh, foirgnimh farai bréige atá beartaithe lena n-áirítear foirgnimh aisfheistithe coimeádta, boscaí ialtóg) - Struchtúir phasáiste ialtóg (tóchair, íosbhealaí agus Forbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr) - Éagsúlacht speiceas ialtóg agus raidhse ghníomhaíocht na n-ialtóg gar don Tionscadal Tomhaisfear leibhéil áitíochta i gCaisleán Mhionlaigh trí shuirbhéanna teacht amach ag baint úsáide as físcheamara soilsithe infridhearg a thaifeadfar ar bhonn míosúil ó lár mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair i mbliain na tógála nó díreach roimh thosú na tógála (cibé acu den dá cheann sin is gaire do thosú na tógála). Díreofar monatóireacht ar úsáid na n-ialtóg as na struchtúir phasáiste ialtóg atá beartaithe ar ialtóga a thaifeadadh agus iad ag baint úsáide as conairí atá ann ag na híosbhealaí atá beartaithe gar do Chaisleán Mhionlaigh, Acomhal Leitrí an N59 agus Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr atá beartaithe. Teastaíonn sonraí bonnlíne réamhthógála ar líon na n-ialtóg agus airde na n-citiltí ionas gur féidir é sin a chur i gcomparáid le cás iarthógála. Baileofar na sonraí sin ag baint úsáide as ceamaraí infridhearga agus suirbhéanna brathadóra a dhéanfar trí huaire ar leith ar a laghad ag gach suíomh sa tréimhse suirbhéanna is fearr. I gcomhréir le Treoir CEDR (2016), tá sé beartaithe go mbeidh dhá shuirbhé ar leith sa séasúr pórúcháin agus dhá shuirbhé ar leith (le himeacht aimsire) i lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair ar a laghad i gceist leis an monatóireacht iarthógála sin, chun teacht le tréimhsí gluaiseachtaí ar bhonn tírdhreacha, agus go ndéanfar na suirbhéanna sin le linn dhá shéasúr gníomhaíochta ialtóg (Bealtaine-Lúnasa) i ndiaidh do thógáil an Tionscadail a chríochnú. Ní féidir an baol atá ann de dhrochthionchair ar éagsúlacht ialtóg agus ar iomadúlacht na n-ialtóg gar don Tionscadal a chur go hiomlán as an áireamh; ach is cinnte nach gcuirfear isteach ar gach pobal san áit chéanna ar an mbealach céanna agus, dá bhrí sin, meastar gur den dea-chleachtas é monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach le go gcuirfí lenár dtuiscint ar iarmhairtí forbairtí bóthair agus ar a éifeachtaí agus atá na bearta maolaithe. Déanfar monatóireacht ar éagsúlacht na speiceas ialtóg agus ar fhlúirse na ngníomhaíochtaí ialtóg gar don Tionscadal ag baint úsáide as traschriosanna suirbhé caighdeánaithe ó imeall Theorainn an Mheasúnaithe amach, faoi mar a thuairiscíonn Berthinussen & Altringham (2015). Bainfear leas as na traschriosanna sin chun taifead a dhéanamh de ghníomhaíocht na n-ialtóg ar fud na dtailte ar gach aon taobh de chonair Theorainn an Mheasúnaithe. Tá sé beartaithe go roghnófar sé chríos i suíomhanna ina bhfuil ardghníomhaíocht ialtóg i gcás go bhfuil íosbhealaí nó uasbhealach beartaithe. Féach ar Bhithéagsúlacht sa Chéim Oibriúcháin thíos i ndáil le “Monatóireacht le linn Tógála agus Tar Éis Tógála”	
An Broc	Tá an broc agus a n-áiteanna pórúcháin agus scíthe cosanta faoi na hAchtanna um Fiadhúlra agus is cion é faoin reachtaíocht Broc a mharú nó a ghortú nó cur isteach d’aon ghnó orthu nó a n-áiteanna pórúcháin nó scíthe a scrios (brocais). Tá sraith chuimsitheach bearta maolaithe ionchorpaithe sa Tionscadal chun a chinntiú nach ndéantar Broic a mharú nó a ghortú d’aon ghnó agus nach mbeidh aon éifeacht ag tionchair ar a n-áiteanna pórúcháin nó scíthe ar a stádas caomhnaithe, ag aon scála tíreolaíochta agus nach mbeidh aon éifeachtaí suntasacha dóchúla ar an speiceas. Leanann na bearta maolaithe a bhfuil cur síos déanta orthu thíos na moltaí atá leagtha amach sna <i>Treoirlínte maidir le Cóireáil Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006)</i>. Leagtar amach sna treoirlínte sin an cur chuige sárchleachtais nuair a bheidh tionchair maolaithe á mbreithniú faoi Bhroic le linn na hoibreacha tógála. Cuirtear achoimre mhionsonraithe de na bearta maolaithe de réir mar a bhaineann siad le gach ceann de na brocaisí laistigh de CT an Tionscadail i láthair in Aguisín A.8.26. Tá na criosanna neamh-thrasnaíochta (30m, 50m agus 150m), de réir mar a bhaineann siad le gach ceann de na brocaisí Broic laistigh de CT na forbartha bóthair atá beartaithe, le feiceáil ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Toisc gur féidir leis an úsáid a bhaineann Broic as brocaisí athrú le himeacht ama, caithfear seiceáil réamh-thógála a dhéanamh ar stádas gníomhaíochta na mbrocaisí go léir laistigh de 12 mhí ó thosóidh aon oibreacha tógála laistigh de CT na mbrocaisí a phléitear thíos. <i>Cur Isteach/díláithriú</i> Ionas nach gcuirfear isteach ar bhrocaisí nach mbeidh tionchar díreach ag an Tionscadal, ní úsáidfear aon innealra trom i bhfoisceacht 30m de bhrocaisí Broic ag aon am. Ní thabharfar faoi aon oibreacha i bhfoisceacht 50m de bhrocaisí ghníomhacha le linn an tséasúir phórúcháin. Ní úsáidfear innealra níos éadroime (feithiclí rothaithe go ginearálta) i bhfoisceacht 20m den bhealach isteach chuig brocais. Ní dhéanfar pléascadh ná sá pílí i bhfoisceacht 150m de bhrocaisí gníomhacha le linn an tséasúir phórúcháin (Nollaig go Meitheamh agus an dá mhí sin san áireamh). Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha, leagfar síos crios neamh-thrasnaíochta de 30m timpeall ar gach ceann de na brocaisí laistigh de CT an Tionscadail, mar a thaispeántar ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Má tá an bhrocais gníomhach, leathnófar criosanna neamh-thrasnaíochta go 50m le linn an tséasúir phórúcháin (Nollaig go Meitheamh agus an dá mhí sin san áireamh). Beidh an fál mar atá sonraithe i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála sách daingean chun an chríos eisiaimh a chothabháil ar feadh na tréimhse tógála ar fad nó, más gá, go dtí go ndéantar an bhrocais atá i gceist a eisiamh/bhaint. Tá achoimre freisin de na bearta maolaithe, de réir mar a bhaineann siad le gach ceann de na brocaisí laistigh de CT an Tionscadail, i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus a léirítear ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Déanfar seiceáil ar shaoraidí pasáiste broc roimh oibriú an tionscadail lena chinntiú go dtógtar iad de réir <i>Treoirlínte maidir le Cóireáil Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006a) <i>Cailteanas suíomhanna pórúcháin/scíthe</i>	Ní bheidh éifeacht iarmharach shuntasach ar bith ar Bhroic, ar scála geografach ar bith.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Sa chás nach mór brocaisí a eisiamh agus a bhaint, nó nach mór iad a eisiamh go sealadach fad is a mhairfidh an tógáil, déanfar é sin de réir na modheolaíochta atá mionsonraithe sna <i>Treoirlínte maidir le Cóireáil Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006a): - Caithfear tréimhse monatóireachta a dhéanamh le brocaisí Broic óna dteastóidh eisiamh agus baint agus déanfar monatóireacht ar feadh cúig lá ar a laghad chun stádas gníomhaíochta a dheimhniú sula dtosóidh aon oibreacha tógála - Má tá an bhrocais gníomhach, ansin ní bhainfear é laistigh de shéasúr pórúcháin an Bhroic (Nollaig go Meitheamh agus an dá mhí sin san áireamh). Má dhéantar an bhrocais Broic a eisiamh nó a bhaint lasmuigh den tréimhse seo, beidh an bealach isteach neamhghníomhach bog agus blocáilte go crua le geataí aontreo feistithe ar bhealaí isteach gníomhacha. Beidh geataí aontreo ceangailte ar feadh trí lá sula socrófar iad a eisiamh, agus déanfar monatóireacht orthu ansin ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad sula measfar go bhfuil an bhrocais neamhghníomhach agus scriosta. Má tharlaíonn sé ag aon am le linn na monatóireachta go n-éiríonn an bhrocais gníomhach, ní mór don phróiseas/chlár eisiata tosú arís ó lá 1 den tréimhse monatóireachta 21 lá - Maidir le brocaisí neamhghníomhacha, beidh an bealach isteach blocáilte go bog (blocáilte go beag le fásra agus ithir) agus mura gcuirtear isteach ar na bealaí isteach ar fad ar feadh tréimhse cúig lá, ba cheart an bhrocais a scriosadh láithreach. Is féidir é sin a dhéanamh ag aon tráth den bhliain i gcás brocaisí neamhghníomhacha - Teastóidh brocais shaorga chun caillteanas na príomh-bhrocaise (S9) a mhaolú, i gcomhar le brocais chúnta (S11), de ghrúpa Broc Leacaigh. Tá na riachtanais a bhaineann le soláthar agus dearadh na brocaise saorga leagtha amach in Aguisín A.8.26. Tá suíomh na brocaise saorga le feiceáil ar Fhíoracha 8.38.1 go 838.15³ - Beidh suirbhé réamhoibreacha le haghaidh brocaisí ag teastáil ó limistéir nach féidir a rochtain (féach Fíoracha 8.4.1 go 8.4.15 agus 8.5.1 go 8.5.15) sula ndéantar suíomh a ghlanadh. Má thagtar ar bhrocais, ní mór na hoibreacha a stopadh agus crios neamh-thrasnaíochta de 30m a leagan síos; leathnaithe go 50m le linn an tséasúir phórúcháin má tá an bhrocais gníomhach (Nollaig go Meitheamh agus an dá mhí sin san áireamh). Bainfear an bhrocais tar éis an phróisis atá léirithe thuas	
Speicis Mhamaigh Eile	<i>Díghrádú gnáthóige - cáilíocht an uisce</i> Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidreolaíochta.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar aon speicis mhamaigh, ar aon scála tíreolaíoch.
Inveirteabraigh	<i>Diúilicín Eala</i> <u>Díghrádú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dromchla</u> Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidreolaíochta. <i>Seilide rinseach réisc</i> <u>Díghrádú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dromchla</u> Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidreolaíochta. <u>Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce</u> Tá na bearta maolaithe a bhaineann le cosaint na hacmhainne screamhuisce le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidrigeolaíochta. <i>Fritileán réisc</i> <u>Riosca Mortlaíochta</u> Ionas nach scriosfar uibheacha na bhfritileán réisc nó mortlaíocht na mbolb fritileán réisc, cuirfear an straitéis maolaithe seo a leanas i bhfeidhm i dtaca leis na hoibreacha glanta suímh: - Beidh gach limistéar laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe, a sainaitníodh mar ghnáthóg oiriúnach chun tacú leis an bhféileacán fritileán réisc, faoi réir suirbhé lín larbhaigh roimh an tógáil. Déanfar é sin idir lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair díreach roimh na hoibreacha glanta suímh - Má tá líonta larbhacha ann, aistreofar chuig limistéar eile de ghnáthóg oiriúnach iad; lasmuigh de Theorainn an Mheasúnaithe nó, más laistigh, chuig limistéar de ghnáthóg oiriúnach nach mbeidh aon tionchar ag na hoibreacha tógála orthu ar feadh an ama - Má tá líonta larbhacha ann, aistreofar na líonta larbhacha trí mhóinte fásra ina bhfuil an speiceas planda óstach (<i>Succisa pratensis</i>) agus líonta larbhacha ann - Aistreofar na móinte fásra chuig an suíomh/na suíomhanna gabhdóra díreach i ndiaidh na tochailte lena chinntiú nach dtriomóidh siad amach. Cuirfear na móinte aistrithe isteach san fhásra atá ann cheana féin díreach in aice leis an limistéar ina bhfuil móinéar <i>Molinia</i> agus/nó gnáthóg fraochmhá fliche atá á choinneáil (tá cuntas ar na suíomhanna thíos) agus cuirfear fál timpeall orthu chun aon damáiste de thaisme ó oibreacha tógála a chosc. Déanfar gach iarracht le cinntiú go mbeidh aon eiseamail de <i>Succisa pratensis</i> a bhfuil líonta larbhacha iontu i lár na móinte. Cuirfear na móinte go hiomlán ag an suíomh/na suíomhanna gabhdóra le cinntiú nach bhfuil aon imill nochta ann ar baolach go dtriomóidh siad amach. - Ceithre shuíomh laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe atá oiriúnach mar shuíomhanna gabhdóra. Tá an chéad suíomh ag Ch. 0+900, limistéar féarthailte fliucha (GS4)/gnáthóg móinéar <i>Molinia</i> Iarscríbhinn I [6410] atá á choinneáil laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (Fíor 8.38.1 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo). Tá an dara suíomh ag Ch. 3+000, mósáic de ghnáthóg fraochmhá fliche Iarscríbhinn I [4010], féarthailte fliucha (GS4) agus fraochmhá thirim Iarscríbhinn I [4030] atá á choinneáil laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (Fíor 8.38.3 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo). Tá an tríú suíomh ag Ch. 3+000 den N6 GCRR atá beartaithe, mósáic de ghnáthóg fraochmhá fliche Iarscríbhinn I [4010], féarthailte fliucha (GS4) agus fraochmhá thirim Iarscríbhinn I [4030] atá á choinneáil laistigh de Theorainn an Measúnaithe (Fíor 8.38.3). Tá an ceathrú suíomh le fáil idir Ch. 12+20 agus Ch. 12+400 den N6 GCRR molta, limistéar féarthailte fliucha (GS4)/Iarscríbhinn I gnáthóg móinéar <i>Molinia</i> [[6410] atá á choinneáil laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe (Fíor 8.38.9). - A luaithe is a bheidh gach líon larbhach bainte ó na limistéir atá i gceist, nó mura taifeadadh aon líonta larbhacha, glanfar amach an fásra láithreach nó gearrfar é go talamh chun an limistéar a fhágáil mar áit nach bhfuil oiriúnach don speiceas le hathchoilíniú ann. Coinneofar an fásra sa staid sin go dtí go mbainfear an bharritheir	<i>Diúilicín Eala</i> Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an diúilicín eala, ar aon scála tíreolaíoch. <i>Seilide rinseach réisc</i> Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an seilide rinseach réisc, ar aon scála tíreolaíoch. <i>Fritileán réisc</i> Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an bhFritileán réisc, ar aon scála tíreolaíoch. <i>Speicis Inveirteabracha Eile</i> Tabharfaidh an tionscadal roinnt gnáthóg amach as ceantar Mhionlaigh-Chúil Each a d'fhéadfadh tacú le beacha áitiúla, ach tá éagsúlacht íseal ag baint leis na gnáthóga seo agus níl siad baileach chomh tábhachtach do bheacha i gcomparáid le móinéir atá saibhir ó thaobh speiceas de. Ní bheidh éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar bheacha le linn an oibriúcháin tuartha agus ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith. Ní dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar líon na mbeach áitiúil.
Éin	Éin Ghoir	Éin phórúcháin

³ Dá ghaire an bhrocais shaorga don phríomh-bhrocais atá á baint, is mó an seans go mbainfidh an grúpa Broc atá i gceist úsáid as. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an bhrocais shaorga a lonnú thart ar 60m ó thuaidh de S9. Toisc go gcaithfidh an bhrocais a bheith in áit cúpla mí sula dtosaíonn na hoibreacha agus sula mbaintear brocais S9, beidh dóthain ama ag na Broic a bheidh i gceist chun dul i dtaithí ar na hoibreacha tógála gar don bhrocais shaorga (ina gcaithfear pléascadh a dhéanamh agus cloch a bhriseadh), athlonnú chuig brocais eile (m.sh. S10), nó brocais nua a thógáil áit éigin eile laistigh dá gcríoch. Ní chuirfidh na hoibreacha tógála isteach ar an mbrocais ach ar feadh achar gearr agus, fiú má fholmhaítear an bhrocais shaorga le linn na tógála, ní dóigh go stopfaidh a ghaireacht don bhóthar oibríochta broic an bhrocais a áitiú ag an am sin.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	<i>Cailteanas Gnáthóige, Cur Isteach agus Scríos Ghnáthóga Pórúcháin</i> <u>Ginearálta</u> Nuair is féidir é, ní bhainfear fásra (m.sh. fáлта sceach, crainn, scrobarnach agus talamh féaraigh), idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa, chun tionchair dhíreacha ar éin neadaithe a sheachaint. I gcás nach gceadaítear an srian séasúrach sin a chomhlíonadh leis an gclár tógála, ansin déanfaidh éiceolaí a bheidh cáilithe go cuí imscrúdú orthu go bhfeicfidh sé an bhfuil éin ghoir ann sula ndéantar glanadh. Glanfar limistéir nach mbíonn aon neadacha iontu laistigh de 3 lá ón suirbhé neadacha, seachas sin beidh suirbhéanna ag teastáil arís. Scréachóg reilige Leagtar amach na bearta maolaithe chun tionchar diúltach na mbóithre ar scréachóga reilige a laghdú sa Survey and Mitigation Standards for Barn owls to inform the Planning, Construction and Operation of National Road Projects (TII, 2021). Tá na bearta maolaithe deartha chun na nithe seo a bhaint amach: - Laghdú ar éifeachtaí díreacha, ar chur isteach agus ar dhíláithriú na scréachóg reilige pórúcháin le linn chéim na tógála de chuid Thionscadail na mBóithre Náisiúnta; agus - Laghdú ar an mortlaíocht i measc scréachóga reilige le linn chéim oibriochtúil de chuid Thionscadail na mBóithre Náisiúnta. Chun an baol go gcuirfidh oibreacha tógála isteach ar shuíomh na neide i gCaisleán Mhionlaigh a íoslaghdú, déanfar na hoibreacha go léir a d'fhéadfadh cur isteach ar an obair lasmuigh de shéasúr pórúcháin na scréachóg reilige (is é sin, nuair nach mbíonn aon ghníomhaíocht pórúcháin ag suíomh na nead). Is iondúil go leanann séasúr pórúcháin na Scréachóg Reilige ar aghaidh ó mhí Feabhra go mí Iúil, ach is féidir leis leanúint ar aghaidh go mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna. Molann Shawyer (2011) crios maolánach cosanta de 150 – 175m le haghaidh gníomhaíocht tógála lena mbaineann feithiclí tráchtála agus innealra trom. Bunaithe ar shonraíochtaí chineál, scála agus ghaireacht an Tionscadail maidir le suíomh na neide, beidh an crios saor ó chur isteach (is é sin, limistéar maolánach eisiamh) 150m ar a laghad ó shuíomh na nead le linn shéasúr pórúcháin na scréachóg reilige. D’fhéadfaí tús a chur le hoibreacha tógála lasmuigh den chrios seo ag tráth ar bith den bhliain, mar ní chuirfidh sé seo isteach ar an bpéire pórúcháin ná ar shuíomh na neide. Ní mór tús a chur le hoibreacha tógála gar don nead (is é sin, laistigh den chrios saor ó chur isteach atá sainithe) ach amháin nuair a dheimhnítear nach bhfuil aon ghníomhaíocht pórúcháin sa nead, rud a tharlaíonn go hiondúil idir mí Mheán Fómhair agus mí Feabhra. Mar sin féin, ní mór do shaineolaí ar scréachóga reilige measúnú a dhéanamh ar stádas pórúcháin ag an suíomh seo sula gcuirtear tús le hoibreacha (laistigh den chrios saor ó chur isteach atá sainithe) chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht pórúcháin ar siúl ag an am, mar is féidir le scréachóga reilige pórú ag tráth ar bith den bhliain. Má bhíonn tionchar díreach ag tógáil an Tionscadail ar aon suíomh scréachóg reilige a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, nó má bhíonn siad i bhfoisceacht 175m den Tionscadal, déanfar suirbhé Réamh-Thógála de réir na modhanna atá leagtha amach sa Survey and Mitigation Standards for Barn owls to inform the Planning, Construction and Operation of National Road Projects chun eolas a thabhairt do Phleanáil, Tógáil agus Oibriú Thionscadail na mBóithre Náisiúnta (TII, 2021). Is é cuspóir an tsuirbhé réamhthógála áitíocht agus stádas pórúcháin na scréachóg reilige a chinneadh ag suíomh sula gcuirtear tús le hoibreacha, mar a bhféadfadh na gníomhaíochtaí tógála cur isteach ar phéire pórúcháin, más ann dóibh. Déanfar tráth na n-oibreacha a phleanáil chun príomhthréimhse neadaithe na scréachóg reilige a sheachaint ionas go mbeidh an baol measta ó thaobh gníomhaíocht pórúcháin íseal ag na suíomhanna seo. Is iondúil gur leor cuairt amháin, de réir na modhanna cleachtais is fearr, chun stádas pórúcháin a chinneadh. Ní mór an suirbhé Réamh-Thógála a dhéanamh roimh ré ach sa bhliain chéanna (agus ní mór an t-am a shocrú dá réir sin chun gníomhaíocht pórúcháin ag tráth ar leith sa bhliain sin a chinneadh). Má thaifeadtar gníomhaíocht pórúcháin, ní mór oibreacha a chuirfeadh isteach ar shuíomh nó a mbeadh drochthionchar acu ar shuíomh ná ar iarracht pórúcháin a dhéanamh go dtí tar éis an tséasúir pórúcháin (ar cheart don Speisialtóir ar Scréachóga Reilige measúnú a dhéanamh air sin). Mura dtaifeadtar aon ghníomhaíocht pórúcháin, is féidir dul ar aghaidh leis na hoibreacha. Is féidir le scréachóga reilige suíomhanna (go háirithe foirgnimh) a úsáid le linn na bliana agus is féidir leo a bheith i láthair lasmuigh den séasúr pórúcháin, ach má dheimhnítear nach bhfuil aon ghníomhaíocht pórúcháin ar siúl is féidir leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha. Chun éifeachtaí an méid cur isteach a dhéantar i láthair na huaire ar shuíomh nead na scréachóige reilige i gCaisleán Mhionlaigh a íoslaghdú, agus a laghdódh dá réir sin aon éifeacht charnach a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí tógála in aice láimhe, cuirfear suíomhanna neadaithe eile ar fáil sa cheantar. Tógfar trí bhosca neadaireachta don scréachóg reilige ar fud an limistéir atá le feiceáil ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15, ar a laghad 500m ó imeall an bhóthair, agus cuimseofar leis aon cheann de na boscaí neadaireachta a thógtar ar chrainn oiriúnacha nó ar bhocaí neadaireachta crochta ar chuailí. Tabharfar tús áite do bhoscaí neadaireachta a thógáil ar chrainn oiriúnacha, nuair is féidir. Tógfar boscaí crochta ar chrainn 3m ar a laghad os cionn na talún ar chrann fásta le beagán brainsí nó brainsí ísle chun an bosca neadaireachta a chur faoi cheilt. Beidh an crann a roghnófar ina aonar i bhfál sceach nó suite ar imeall coillearnaí agus aghaidh an phoill rochtana ar an talamh oscailte. Tógfar boscaí neadaireachta ag 4.5m ar a laghad os cionn na talún. Beidh dearadh an bhosca neadaireachta (m.sh. méid an phoill iontrála, achar an urláir agus an doimhneacht ó bhun na hiontrála go dtí an nead) de réir na riachtanas dearaidh arna bhfoilsiú ag The Barn Owl Trust (http://www.barnowltrust.org.uk/). Déanfar scrúdú bliantúil ar bhoscaí neadaireachta chun fabhtaí/damáiste a thabhairt faoi deara agus glanfar amach/deiseofar iad de réir mar is gá chun uiscedhíonacht agus doimhneacht an bhosca inmheánaigh a chinntiú. <i>Fabhcún gorm</i> Coinneofar an dá sheansuíomh neide de chuid an fhabhcúin ghoirm i gcúinne thoir thuaidh de Chairéal Leacaigh. Níor nochtadh na suíomhanna beachta sa Tuarascáil MTT nuashonraithe seo mar gheall ar an mbaol go ndéanfar géarleanúint ar an speiceas. Ní mór dul i gcomhairle le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus/nó le Cairde Éanlaith Éireann chun a suíomhanna beachta a dhearbhú chun a chinntiú go gcoinneofar iad agus go gcosnófar iad ó oibreacha. Chun an baol go gcuirfidh suíomh nead an fhabhcúin ghoirm isteach ar oibreacha tógála gar do Chairéal Leacaigh a íoslaghdú, tosóidh na hoibreacha ó Thollán Leacaigh go dtí Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 roimh lár mhí Feabhra. Cinnteoidh sé sin go mbeidh a fhios ag an bhfabhcún gorm go bhfuil cur isteach éigin ó thógáil ag tarlú, má tá sé chomh mór is gur dóigh go gcuirfidh sé an fabhcún gorm amach as an gcairéal fad is a bheidh na hoibreacha tógála ar dul ar aghaidh, nuair a roghnóidh sé láthair na neide agus ní bheidh tionchar aige ar fhabhcún baineann a bheidh ag gor ar an nead. Ní shuiteáilfear boltaí carraige go han-ghar do shuíomh neide gníomhach de chuid an fhabhcúin ghoirm le linn shéasúr pórúcháin na n-éan (ón 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa). Cuirfear suíomh neide malartach ar fáil don fhabhcún gorm ar thalamh atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe soir ó dheas ó Chairéal Leacaigh mar a léirítear i bhFíor 8.38.16. Beidh an suíomh neide saorga seo faoi réir sula gcuirfear tús le hoibreacha a d’fhéadfadh cur isteach ar na fabhcúin ghorma atá ag pórú i gCairéal Leacaigh nó iad a dhíláithriú. Cuirfear suíomh malartach na neide ar fáil de réir na gceanglas dearaidh atá leagtha amach sa tuarascáil a d’ullmhaigh Cairde Éanlaith Éireann (Aguisín A.8.16 - Cuid 4). Suiteálfar bosca neide saorga d’fhabhcúin ghorma ag gach ceann den dá shuíomh neadaithe roimhe seo i gCairéal Leacaigh. Déanfar oibreacha feabhsúcháin ag an dá laftán chun foshraith chothrom agus chobhsaí a chruthú do na boscaí neadaithe. Déanfar na boscaí neadaithe saorga a cheangal go daingean d’aghaidh na haille ag gach suíomh agus cuirfear ar fáil iad de réir na gceanglas dearaidh atá leagtha amach sa tuarascáil a d’ullmhaigh Cairde Éanlaith Éireann. Is é cuspóir an mhaolaithe ná a chinntiú gur féidir le fabhcúin ghorma, má dhíláithrítear iad ó na laftáin neadaithe a úsáideadh roimhe seo sa chairéal, fanacht agus pórú sa	Ní dócha go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar speicis éin phórúcháin, ar aon scála tíreolaíoch, cé is moite den fhabhcún gorm. Toisc gur dócha go gcaillfear Cairéal Leacaigh mar shuíomh neide ar bhonn buan, is dóigh go mbeidh éifeacht iarmharach shuntasach dhiúltach ag an Tionscadal ar an bhfabhcún gorm, ar an scála geografach contae. In éagmais fianaise maidir le héifeachtúlacht na mbeart maolaithe chun an riosca mortlaíochta a laghdú, tá an baol ann fós go mbeidh tionchair bhuana ar shuíomh nead na scréachóg reilige i gCaisleán Mhionlaigh mar gheall ar a chongaraí agus atá sé don Tionscadal agus do phobal áitiúil na scréachóg reilige mar thoradh ar an riosca mortlaíochta a d’fhéadfadh tionchar diúltach iarmharach suntasach a bheith aige ar scréachóga reilige, ar an scála geografach áitiúil.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	cheantar. Cé nach féidir a chinntiú go nglacfar le suíomh na neide saorga, beidh seans níos láidre ann mar gheall ar sholáthar an tsuímh seo go leanfaidh na fabhcúin ghorma le pórú agus go gcónóidh siad i gCairéal Leacaigh agus a thimpeallacht, rud a mhaolódh an tionchar diúltach suntasach iarmharach ar an bhfabhcún gorm ag an scála geografach áitiúil agus contae. Mar gheall ar shuíomh malartach neide a sholáthar sula gcuirfear tús le hoibreacha tógála, i gcomhar le hoibreacha tógála i gCairéal Leacaigh a thosaíonn roimh an séasúr pórúcháin, agus gan na laftáin neadaithe atá ann cheana a chur ar fáil go sealadach d’fhabhcúin ghorma neadaithe le linn na tógála, beidh rogha suíomhanna neadaithe ag an bhfabhcún gorm le linn na tréimhse tógála. Tabharfaidh an straitéis seo na deiseanna is fearr don phéire pórúcháin áitiúil de chuid an fhabhcúin ghoirm cur fúthu ann maidir lena gcríoch pórúcháin a choinneáil le linn thréimhse na tógála. Déanfar monatóireacht ar ghníomhaíocht pórúcháin na bhfabhcúin gorm i gCairéal Leacaigh agus ag an suíomh neide malartach atá beartaithe le linn gach séasúir pórúcháin le linn thréimhse na tógála ar fad chun aon rath/teip ar neadacha an phéire pórúcháin áitiúil a dhearbhú agus an bhfuil pléascadh ag cur isteach ar líon na speiceas creiche coitianta de chuid an fhabhcúin ghoirm. Déanfar monatóireacht ar úsáid na suíomhanna neide saorga freisin le linn oibriú an Tionscadail ar feadh tréimhse trí bliana. Éin Gheimhrithe Bearta chun Éin Gheimhrithe a Chosaint le linn na Tógála Coinneofar an torann ón tógáil chomh híseal agus is féidir de réir BS 5228 (2009). Sonrófar sna cáipéisí conartha go mbeidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir, a bheidh ag déanamh na n-oibreacha, bearta sonracha laghdaithe torainn a ghlacadh agus cloífidh sé leis an dea-chleachtas a bhfuil cuntas air i gCaighdeán BS 5228 – 1 na Breataine: 2009 +A1 2014: <i>Cód cleachtais i gcomhair rialú torainn agus creathaidh ar shuíomhanna tógála agus oscailte</i> – treoirlínte <i>Torainn agus an Údaráis um Bóithre Náisiúnta</i> (anois TII) <i>Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le Láimhseáil Torainn le linn phleanáil Scéimeanna Bóthair Náisiúnta</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2014). Déanfar pléascadh a bhaineann leis an mbealach isteach thoir chuig Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 12+100) idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair (agus an dá mhí sin san áireamh) chun nochtheadh éin gheimhrithe do chur isteach a bhaineann le pléascadh a íoslaghdú ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Tógfaidh sé thart ar naoi mí an pléascadh a bhaineann leis an ngearradh sa Chaisleán Gearr (Ch. 12+550 go Ch. 13+650) a chur i gcrích, le thart ar cúig phléascadh in aghaidh na seachtaine. Chun nochtheadh éin gheimhrithe do chur isteach a bhaineann le pléascadh a íoslaghdú ag Loch Bhaile an Dúlaigh, ní mór do na naoi mí sin go léir a bheith sa tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair (agus an dá mhí sin san áireamh) i mblianta as a chéile.	Éin gheimhrithe Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar speicis éan, ar aon scála tíreolaíoch.
Amfaibiaigh	<i>Cailteanas Gnáthóige, Cur Isteach agus Riosca Mortlaíochta</i> Má tá oibreacha chun aon chuid de na gnéithe gnáthóige atá oiriúnach chun tacú le speicis amfaibiacha chun tosú le linn an tséasúir ina bhféadfadh síol froganna nó torbáin a bheith iontu (Feabhra – lár an tsamhraidh), nó ina bhféadfadh earc fásta pórúcháin, a gcuid uibheacha nó larbha a bheith acu (lár Márta – Meán Fómhair), déanfar suirbhé réamh-thógála le cinneadh cibé an bhfuil amfaibiaigh ann. I gcás froganna, gabhfar aon síol froganna, torbáin, froganna óga nó fásta agus tabharfar amach as an ngnáthóg sin iad le líontán láimhe agus aistreofar iad chuig an limistéar is gaire de ghnáthóg oiriúnach atá ar fáil, lasmuigh de CT an Tionscadail. I gcás an earc luachra, béarfar ar chinn aonair agus tabharfar amach as an ngnáthóg sin iad le líontán láimhe nó trína sáinníú agus a aistriú chuig an limistéar is gaire de ghnáthóg oiriúnach atá ar fáil, lasmuigh de CT an Tionscadail. Má úsáidtear gaistí, ceadóidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra cineál agus dearadh na ngaistí. Is modh caighdeánach agus cruthaithe é seo chun breith ar an earc luachra agus é a lonnú áit éigin eile. Má tá méid nó doimhneacht ghné na gnáthóige ar dhóigh a fhágann nach féidir a rá gur gabhadh gach amfaibiach, draenálfar é faoi mhaoirsiú éiceolaí a mbeidh taithí oiriúnach aige le deimhniú nach bhfuil aon speiceas amfaibiach fágtha sula scriostar nó sula líontar isteach é. Beidh sciath ar aon chaidéal meicniúil a úsáidfear chun an ghné gnáthóige a dhraenáil, agus leagfar síos é, ar bhealach a fhágfaidh nach féidir aon speiceas amfaibiach a shú isteach sa chaidéal. Déanfar aon ghabháil agus athlonnú díreach sula nglanfar an suíomh/sula dtosóidh na hoibreacha tógála. <i>Díghrádú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dromchla</i> Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair Hidreolaíochta.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an bhFrog nó ar an Earc luachra, ar aon scála tíreolaíoch.
Reiptílí	Bearta chun Reiptílí a Chosaint le linn na Tógála <i>Cailteanas Gnáthóige, Cur Isteach agus Riosca Mortlaíochta</i> Chun go n-íoslaghdófaí an baol go gcuirfeadh glanadh suímh agus oibreacha tógála isteach ar an laghairt choiteann, nó go maróidís í, leanfar an sceideal seo a leanas d’oibreacha glanta suímh sna limistéir atá aibhsithe ar Fhioracha 8.14.1 go 8.14.8, agus Fíoracha 8.15.1 go 8.15.8, áit ina bhfuil sé deimhnithe go raibh an laghairt choiteann ar fáil: - Bainfear féar, scrobarnach nó fásra fraoigh le linn thréimhse an gheimhridh, nuair is féidir, ag seachaint suíomhanna féideartha de ghnáthóga geimhreachais (láithreáin thirime a bhíonn saor ó shioc m.sh. ballaí cloch, rapacha beaga mamach faoi thalamh, carnán broсна nó smionagair). - Nuair nach féidir é sin a dhéanamh agus go ndéanfar an glanadh le linn an tséasúir ghníomhaigh (Márta go Meán Fómhair, agus an dá mhí sin san áireamh), gearrfar an fásra ar dtús go dtí thart ar 15cm, agus ansin go talamh, faoi mhaoirsiú éiceolaí. Leis sin, beidh deis ag an laghairt éalú agus an limistéar a fhágáil - Bainfear ballaí cloch (nó suíomhanna de ghnáthóga geimhreachais eile féideartha) le linn an tséasúir ghníomhaigh (Márta go Meán Fómhair, agus an dá mhí sin san áireamh), faoi mhaoirsiú éiceolaí, nuair nach mbeidh an oiread seans ann go mbeidh siad in úsáid ag laghairteanna támhacha.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an laghairt choiteann, ar aon scála tíreolaíoch.
Iasc	Bearta chun Speicis Éisc a Chosaint le linn na Tógála <i>Cailteanas Gnáthóige</i> Dearadh na struchtúir i gcomhchomhairle le IFI agus de réir na gcritéar dearaidh atá leagtha síos i <i>dTreoirlínte do Thrasnú Sruthchúrsaí nuair atá Scéimeanna Bóthair Náisiúnta á dTógáil</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2005) agus na <i>Treoirlínte maidir le hIascaigh a Chosaint le linn Oibreacha Tógála agus Cóngarach d’Uiscí</i> (IFI, 2016). Is dóigh de bharr na mbeart seo, ina gcuimsítear, i dtéamaí leithne aithris a dhéanamh ar phróifíl agus substráite reatha an chainéil, go n-íoslaghdófar éifeachtaí an chaillteanais gnáthóige go méid áirithe ach aithnítear go mbeidh sé sin teoranta toisc gur cainéil shaorga iad laistigh de struchtúr bosca teorannaithe éadrom.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach diúltach suntasach ar speicis éan, ar aon scála tíreolaíoch.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	D’fhonn éifeachtaí an chaillteanais gnáthóige ar speicis éisc a íoslaghdú, déanfar gach cuid den chainéal abhann/srutháin laistigh de Theorainn an Mheasúnaithe, ach ní laistigh de lorg an Tionscadail agus den bhonneagar gaolmhar, a chosaint ó ghlanadh suímh agus ó oibreacha tógála. Cuirfear fál nó clai ar aibhneacha/srutháin ag fad 5m ar a laghad ó bhruach na habhann agus coinneofar an fásra bruachánach nádúrtha laistigh den chríos sin. Díghrádú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dromchla Tá na bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair hidreolaíochta. Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce Tá na bearta maolaithe a bhaineann le cosaint na hacmhainne screamhuisce le linn na tógála tugtha thíos i gcomhair Hidrigeolaíochta. Riosca Mortlaíochta agus Cur Isteach/Díláithriú Chun éifeachtaí féideartha na n-oibreacha tógála ar speicis éisc a íoslaghdú cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm: - Ní dhéanfar aon oibreacha ionsrutha idir míonna Dheireadh Fómhair agus Meithimh (agus an dá mhí sin san áireamh) d’fhonn an t-am is leochailí do speicis éisc agus do ghluaiseachtaí speiceas éisc a sheachaint - Beidh dearadh codanna nua de chainéal na habhann de réir na bprionsabal a bhfuil cuntas orthu in Channels & Challenges. <i>Enhancing Salmonid Rivers</i> (O’Grady, 2006) - Díreach sula gcuirtear aibhneacha/srutháin ar mhalairt slí isteach i gcainéal nó i dtóchar nuathógtha, déanfar leictriascaireacht orthu (más gá) chun iasc a ghabháil agus a aistriú ón mbun-chainéal chuig an gceann nua. A luaithe is a bheidh an sruthchúrsa curtha ar mhalairt slí ina dhiaidh sin, déanfar cuardach láimhe ar an mbun-shruthchúrsa chun aon iasc a bheidh fágtha a aistriú chuig an gcainéal nua abhann/srutháin - Comhaontófar aon phointí astarraingthe uisce a theastóidh chun deannach a chur faoi chois leis an IFI agus déanfar sciathadh ar an súcheann lena chinntiú nach mbaintear iasc le linn an phróisis astarraingthe Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne Déanfar gach struchtúr trasnaithe sealadach a úsáidtear chun sruthchúrsaí a thrasnú le linn na tógála a dhearadh de réir na <i>dTreoirlínte maidir le hIascaigh a Chosaint le linn Oibreacha Tógála in Uisce agus in aice leo</i> (IFI, 2016) agus <i>Treoirlínte maidir le Trasnú Sruthchúrsaí le linn Thógáil Scéimeanna Bóthair Náisiúnta</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2005) d’fhonn pasáiste éisc agus maicrinveirteabrach a chothú, agus chun dríodrú agus creimeadh a chosc.	
Ithreacha		
Tógáil créfoirt	Glacfar le teicnící tógála a chloíonn le ceanglais na gcomhlachtaí reachtúla i dtéarmaí torainn, creathaidh, éilliú ithreach agus screamhuisce agus ó thaobh diúscairt ábhar éillithe le haghaidh gearrthacha ithreach agus carraige. Caillteanas Barrithreach agus Fo-ithreach, agus Caillteanas Geolaíochta Soladaí Déanfar na hoibreacha créfoirt go léir de réir sonraíochtaí oibreacha créfoirt atá sainiúil don tionscadal, rud a chinnteoidh go ndéanfar an t-ábhar tochailte agus an t-ábhar iompórtáilte go léir a aicmiú i gceart chun an deis is mó a thabhairt chun ábhair an Tionscadail a athúsáid. Mar a thugtar le fios in Aguisín A.9.3, tá láimhseáil chúramach riachtanach chun aon struchtúr atá ann cheana féin maidir leis na hábhair thochailte a choinneáil agus sláine an struchtúir sin a chinntiú, mar a gcosnóidh íoslaghdú suaithheadh na hacraiteilme próisis thábhachtacha ar nós ceapadh carbóin. Úsáidfear na prionsabail seo a leanas agus móin á láimhseáil le linn chéim na tógála de chuid an Tionscadail: - Gluaiseachtaí plandaí agus achair iompair a íoslaghdú i ndáil le haon ghníomhaíochtaí créfoirt ach úsáid a bhaint as an Limistéar Sil-leagain Ábhar (MDA) is gaire atá ar fáil (i gcás ina gceadaítear móin) - Forbrófar limistéir chuí ó thaobh stóráil shealadach le haghaidh móin thochailte gar don tochailt - Cuirfear móin a luaithe is féidir tar éis tochailte nuair is féidir Déanfar barrithir thochailte a charnadh ach úsáid a bhaint as modhanna cuí chun tionchair an tsíonchaithimh a íoslaghdú. Déanfar gach iarracht an t-ábhar seo a athshaothrú chun giniúint deannaigh, insíothlú screamhuisce agus rith chun srutha a íoslaghdú. Chun dlúthú agus creimeadh na barrithreach lasmuigh de limistéir na tógála díri a íoslaghdú, beidh bealaí iompair feadh bealaí réamhchinntithe mar atá mionsonraithe i gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo, agus déanfar seachadtaí feadh bealaí réamhchinntithe lasmuigh d’achar an Tionscadail. I gcás ina dtarlaíonn balcadh i ngeall ar ghluaiseachtaí truceail agus gníomhaíochtaí eile tógála ar dhromchlaí neamhchríochnaithe, tabharfar faoi oibreacha leasúcháin chun an talamh a chur ar ais mar a bhí sé ag an tús. Nuair is féidir, seachnófar dlúthú aon ithir nó fo-ithir nach cuid de na hoibreacha é nó nach bhfanfaidh in situ laistigh den suíomh. Cinnteidh an conraitheoir go ndéanfar measúnú ar aon bharrithir, fo-ithir nó carraig thochailte lena n-athúsáid laistigh den Tionscadal agus cinnteoidh sé go ndéanfar an t-ábhar a láimhseáil, a phróiseáil agus a dheighilt mar is cuí. Nuair is féidir, seachnófar baint ábhair thochailte ón Tionscadal. Déanfar aon ábhar tochailte oiriúnach breise nach bhfuil ag teastáil sa Tionscadal a athúsáid ar thionscadail eile nuair is féidir. Bheadh athúsáid an ábhair seo mar fhotháirge ar shuíomhanna tógála eile faoi réir fógra faoi Rialachán 27 chuig an EPA. Níor mhór a thaispeáint go mbeadh an t-ábhar seo oiriúnach don úsáid sin agus go mbeadh sé faoi réir rialú agus tástáil iomchuí de réir sonraíochtaí créfoirt na suíomhanna foinse agus sprice. De rogha air sin, déanfar an t-ábhar tochailte breise a dhiúscairt ag áiseanna dramhaíola údaraithe oiriúnacha. Nuair is cuí, athúsáidfear ábhar tochailte, lena n-áirítear barrithir, fo-ithir, agus carraig bhrúite, mar líonadh tógála laistigh den Tionscadal nó cuirfear i limistéir shil-leagain iad. Beidh baint ag ábhar tochailte le riachtanais ábhar tógála don Tionscadal. Ábhar a thabhairt isteach atá díorthaithe as Liteolaíocht dhifriúil Tá an CEMP atá san áireamh in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo ina dhoiciméad oibre agus déanfaidh an Conraitheoir é a nuashonrú agus cuirfidh sé/sí i gcrích é tar éis ceapacháin agus roimh thús na n-oibreacha tógála, chun aon bhearta breise a bheidh riachtanach a áireamh de bhun aon chinneadh chun ceadú a dheonú. Áirítear leis sonraí faoi na ceanglais a bhaineann le clár créfoirt tógála a chuirfidh an Conraitheoir i bhfeidhm sula gcuirtear tús leis na gníomhaíochtaí créfoirt. Déanfaidh an clár créfoirt catagóirí ar fhoinse an ábhair do gach cuid líonta atá leagtha amach agus measúnaithe sa Tuarascáil MTT nuashonraithe seo in Ailt 9.4.2.1 agus 9.5.3. Tugtar léargas sa chlár mionsonraithe créfoirt ar úsáid an ábhair ghearrtha go léir ar na bealaí iompair atá sainaitheanta i bhFíoracha 7.1.001 agus 7.1.002 agus atá measúnaithe ar fud na Tuarascála MTT nuashonraithe seo agus leagfar amach ann an mhonatóireacht leanúnach ar ghluaiseacht oibreacha créfoirt. Nuair a bheidh bailchríoch á cur ar an gclár seo, cloifidh an Conraitheoir leis na teorainneacha líonta a bhfuil cuntas orthu thíos.	Mar thoradh ar chaillteanas beag an Chosáin Aolchloiche (iad go léir lasmuigh de láithreáin ainmnithe Eorpacha), beidh tionchar iarmharach suntasach/measartha ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	D’fhonn tionchar ar na gnáthóga áitiúla móna a chosc, de réir mar a thugtar cuntas orthu i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht, den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo déanfar na teorainneacha líonta seo a leanas a ionchorprú ag na suíomhanna aitheanta i dTábla 9.19 de Chaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht. - Ní cheadaítear ach amháin do shraitheanna cosáin agus barrchaidhpe a bhfuil cosaint acu ó rith chun srutha uisce dromchla agus gluaiseachtaí screamhuisce a dhíorthú as ábhar nach ábhar dúchasach é - Beidh gach ábhar líonta eile atá inghlactha díorthaithe as ábhar dúchasach nó ábhar pH eile atá comhoiriúnach Bacainn Tuile Déanfar sraith draenála nó sraith tosaithe, de réir fhoilseachán TII CC-SCD-00606, a chur i bhfeidhm chun claífoirt a thógáil in áiteanna atá i gcontúirt ó thuilte. Cinnteofar nuair a thabharfar isteach sraith draenála go mbeidh seoltacht hiodrálach ar fud na tuilemhá agus go gcuirfear deireadh leis an mbaol go mbeidh an claifort ann mar bhacainn tuile. Tarlú Créfoirt Beidh tarlú créfoirt feadh bealaí réamhchinntithe laistigh agus lasmuigh de theorainn an Mheasúnaithe atá beartaithe mar a thaispeántar ar Fhíoracha 7.101 go 7.123 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo. Tá na bealaí tarlaithe sainaitheanta feadh bealaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann cheana nó laistigh d’achar an Tionscadail. I gcás ina dtarlaíonn balcadh i ngeall ar ghluaiseachtaí trucail agus gníomhaíochtaí eile tógála ar dhromchlaí neamhchríochnaithe, tabharfar faoi oibreacha leasúcháin chun an talamh a chur ar ais mar a bhí sé ag an tús. Nuair is indéanta, seachnófar balcadh ithreach nó fo-ithreach ar bith atá le coinneáil feadh an Tionscadail. Glanadh Mionachar / Rith chun srutha dríodair Má úsáidtear líonadh gráinneach i dtógáil claífoirt gach seans nach dtarlóidh glanadh mionachar. Mar sin féin, i gcás go dtógfar an claifort le hábhar áitiúil i gceantair ina mbíonn tuilte ann go minic, má chuirtear sraith draenála nó sraith tosaigh isteach (mar a pléadh sa chuid ar Bhacainn Tuilte thuas) laghdófar an baol go rachaidh ábhar mion chun srutha. Nó, má chuirtear deighilteoir geoiteicstíle ag obair laghdófar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige i limistéir. Cuirfear córas ilchodach, ina mbeidh meascán de shraith draenála agus deighilteoir geoiteicstíle, ag obair i gclaífoirt a tógadh le líonadh comhghreamaitheach. Tugtar léargas ar na modhanna rialaithe dríodair san CEMP in Aguisín A.7.5. den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo agus sna codanna Hidreolaíocht agus Hidrigeolaíocht thíos. An Tionchar ar an Talamh Máguaird Mar shampla, cuirfear socraíocht talún, gluaiseacht chothrománach agus monatóireacht creatha i bhfeidhm le linn gníomhaíochtaí tógála lena chinntiú nach sáraíonn an tógáil na teorainneacha dearaidh. Cinnteoidh na teorainneacha dearaidh nach ndéanfar aon damáiste ó thaobh cuma de d’ionaid réadmhaoine in aice láimhe. I gcásanna ina gcinnfidh dearadh an phléasctha an tsuímh ar leith nach féidir pléascadh a dhéanamh in áit ar leith mar gheall ar chreathadh talún iomarcach, cuirfear crios eisiaimh pléasctha chun feidhme, áit nach gceadaítear pléascadh. I gcásanna dá leithéid, is féidir modhanna eastósctha malartacha amhail briseadh hiodrálach, scoilteadh hiodrálach, scoilteadh ceimiceach agus discaoileadh leictreach a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Cuirfear monatóireacht i bhfeidhm le linn an phléasctha, le linn tochailte gearrthacha, le haghaidh fánaí ró-uailithe níos géire ná 1V:2H (V= fána ingearach, H = fána cothrománach) agus fánaí carraige níos géire ná 1V:1.5H. Mar réamhchúram, sula gcuirtear tú tús le hoibreacha tógála a bhaineann le creathadh agus gluaiseacht (lena n-áirítear pléascadh), déanfar suirbhéanna réamhchoinníollacha do na gabhdóirí go léir laistigh de chrios tionchair. I gcomhréir le dea-chleachtas, ceapfaidh an conraitheoir saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé/sí i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar chreathadh talún máguaird in aice le gabhdóirí leochaileacha (tithe cónaithe ina measc) le linn oibreacha pléasctha. Beidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra ag déanamh monatóireachta ar na tuarascálacha go seachtainiúil chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na tiomantais i ndáil le teorainneacha creathaidh. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go sárófar teorainn chreathaidh an phléasctha ag an dromchla, scoirfear d’oibreacha pléasctha ar an suíomh go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabhrú arís ansin agus leanfar d’oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach. De réir Thuarascáil MTT 2018, ceapfar príomhtheagmhálaí le linn chéim na tógála chun cumarsáid a éascú idir úinéirí réadmhaoine atá i gceist, agus iad a chur ar an eolas faoi oibreacha atá beartaithe ina gceantar, lena n-áirítear pléascadh. I ndiaidh deireadh a chur le hoibreacha tógála a bhaineann le creathadh agus gluaiseacht, déanfar suirbhéanna réamhchoinníollacha do na gabhdóirí go léir laistigh de chrios tionchair. Sa chás, rud nach dócha, go dtabharfar faoi deara damáiste de bharr creathadh, déanfar an damáiste a dheisiú. Tá na hachair atá incheadaithe le haghaidh na modhanna tógála éagsúla tugtha thíos sa Chuid Torann agus Creathadh. Cuirfear an obair thógála ar struchtúir i gcrích i gcomhréir leis an CEMP in Aguisín A.7.5. Comhlíonfaidh tógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, Tharbhealach Mhionlaigh, Thollán Leacaigh agus Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe ceanglais Aguisíní A.7.1, A.7.2, A.7.3, agus A.7.4 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo faoi seach. Rialófar socraíochtaí agus gníomhaíocht talún tríd an gcineál bunsraithe a roghnú agus an modh tógála atá feiliúnach le haghaidh na riochtaí talún ar leith. Chun gluaiseachtaí ithreach a íoslaghdú i ngeall ar oibríochtaí píle gar do ghabhdóirí leochaileacha, tógfar gach píle go seicheamhach i dtreo i bhfad ón ngabhdóir leochaileach. Bíonn píilí a cuireadh isteach roimhe sin mar sciath toisc go mbíonn gluaiseachtaí ithreach níos mó i dtreo i bhfad ón gcrios docht, is é sin, i bhfad ó na píilí agus ó na gabhdóirí leochaileacha.	
Ábhar láithreáin a athúsáid agus a phróiseáil	Cuirfear clár créfoirt tógála i bhfeidhm don Tionscadal mar chuid den CEMP, a bhfuil cuntas air in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo, ina ndéantar catagóirí ar fhoinsc an ábhair le haghaidh gach coda líonta. Tráth a gcuirfear bailchríoch ar an gclár seo déanfar na teorainneacha líonta a bhfuil cuntas orthu i gCuid 9.6.2.1 a ionchorprú ag na suíomhanna a chuirtear i láthair i dTábla 9.19 de Chaibidil 9 den Tuarascáil MTT nuashonraithe.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Ábhair a iompórtáil, a easpórtáil agus a dhiúscairt	Coinneofar iompórtáil ábhar ó lasmuigh den suíomh chomh beag agus is féidir trína chinntiú go n-úsáidtear na hábhair a eascraíonn ó laistigh de limistéar an tsuímh a oiread agus is féidir. Cuirfear aon ábhar a bheidh fágtha nach féidir a ionchorprú isteach sna gníomhaíochtaí líonta tógála a chur i limistéir shil-leagain ábhar laistigh den Tionscadal. Laghdóidh sé sin go suntasach sil-leagan ábhair lasmuigh den suíomh. Tógfar ábhar guaiseach ón suíomh le diúscairt nó le haisghabháil ag suíomhanna ag a mbeidh ceadúnas nó atá ceadaithe go cuí mar atá sonraithe thuas le haghaidh Gníomhaíochtaí Tógála.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Tollánú	Cloífidh na teicnící tógála a ghlacfar le ceanglais na gcomhlachtaí reachtúla i dtéarmaí torainn, creathaidh, éilliú ithreach agus screamhuisce agus ó thaobh diúscairt ábhar éillithe.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Ar na réitigh dearaidh innealtóireachta a laghdaíonn an tionchar ar shláine na gné geolaíochta, tá carraig dhóthanach os cionn phoill an tolláin, colún oiriúnach idir na poill chun an tollán a chosaint ar thitim agus seichimh phléasctha oiriúnacha. Áirítear leis na bearta rialaithe suímh iniúchadh a dhéanamh ar an tollán roimh ré agus aghaidh phléasctha an tolláin a mhapáil agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpléascadh. Nuair is gá, cuirfear bearta cobhsaíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear boltaí carraige agus líneáil tolláin cruach láidir. Déanfar monatóireacht ar na réitigh dearaidh innealtóireachta seo le linn na tógála. Nuair a bheidh Tollán Leacaigh á thógáil, déanfar monatóireacht ar an éadan carraige faoi thacaíocht Aghaidh Chairéal Leacaigh agus déanfar monatóireacht ar na ballaí coinneála le haghaidh an Bhealaigh Isteach Thiar i gcomhair gluaiseachta. Ceapfaidh an Conraitheoir saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar chobhsaíocht carraigmhaise le linn a dtréimhse tógála. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go dtugtar éagobhsaíocht faoi deara laistigh den charraigmhais, cuirfear isteach bearta tacaíochta breise lena chinntiú nach mbeidh tionchar aige ar an dromchla thuas. Cuimsítear sna bearta tacaíochta breise ancairí talún, boltaí carraige, duail charraige, mogall carraige, rois-choincréit nó meascán de na bearta sin, atá deartha chuig na caighdeáin deartha iomchuí agus na treoir-cháipéisí dea-chleachtais (Eorachód 7, BS8081). Mar sin féin, bunaithe ar an gcur chuige coimeádach deartha, meastar go seachnófar an baol éagobhsaíochta agus nach dteastóidh bearta tacaíochta breise. Ceapfaidh an Conraitheoir saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcreathadh ag an dromchla, lena n-áirítear na limistéir ina bhfuil cosán Aolchloiche, le linn oibreacha pléasctha chun Tollán Leacaigh agus an Bealach Isteach Thiar a thógáil. Sainítear sprioc-theorainn creathaidh an phléasctha mar 20mm/soic, ceann atá 20% níos coimeadaí ná an cur chuige coimeádach dearaidh de theorainn creathaidh 25mm/soic ag dromchla na talún ina n-áirítear limistéir ina bhfuil cosán Aolchloiche, a thugann cúinse sábháilteachta breise do na hoibreacha tógála lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bpléascadh ar shláine struchtúrach an chosáin Aolchloiche. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go sárófar an sprioc-theorainn creathaidh ag an dromchla, scoirfear d’oibreacha pléasctha ar an láithreán go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabrú arís ansin agus leanfar d’oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach. Cuirtear tuilleadh eolais faoi Thollán Leacaigh i láthair in Aguisín A.7.3 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo.	
Tógáil Déanmhas	Cuirfear an obair thógála ar struchtúir i gcrích i gcomhréir leis an CEMP in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo a bhfuil cuntas air sna nithe seo a leanas: - Tuarascáil ar Intógthacht Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, Aguisín A.7.1 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo - Tuarascáil ar Intógthacht Tharbhealach Mhionlaigh, Aguisín A.7.2 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo - Luacháil Geoiteicniúil agus Hidrigeolaíochta Thollán Leacaigh Aguisín A.7.3 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo - Tuarascáil ar Thógáil Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe, Aguisín A.7.4 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo Rialófar socraíochtaí talún tríd an gcineál bunsraithe a roghnú agus an modh tógála atá feiliúnach le haghaidh na riochtaí talún ar leith. Chun gluaiseachtaí ithreach a íoslaghdú i ngeall ar oibriochtaí píle gar do ghabhdóirí leochaileacha, tógfar gach píle go seiceamhach i dtreo i bhfad ón ngabhdóir leochaileach. Bíonn píilí a cuireadh isteach roimhe sin mar sciath toisc go mbíonn gluaiseachtaí ithreach níos mó i dtreo i bhfad ón gcrios docht, is é sin, i bhfad ó na píilí agus ó na gabhdóirí leochaileacha. Maidir le Tarbhealach Mhionlaigh, íoslaghdaíodh méid chailiteanas na pábhála aolchloiche le linn chéim an deartha, mar ar coinníodh líon na bpiaraí agus méid bhonnraí na bpiaraí chomh híseal agus ab fhéidir. Le linn na tógála, tabharfar cosaint don chosán Aolchloiche ag Tarbhealach Mhionlaigh agus ní bheidh tionchar orthu nuair a chuirfear córas cosanta i bhfeidhm ina mbeidh geoighreille, geoiteicstíl chosanta agus sraitheanna ábhair mar atá léirithe ar Phláta 9.2 i gCaibidil 9 Ithreacha agus Geolaíocht. Bainfear é sin chomh luath is a bheidh an tógáil déanta. Tagair don Tuarascáil ar Bhailíocht Thógáil Tharbhealach Mhionlaigh in Aguisín A.7.2 den Tuarascáil MTT nuashonraithe i gcomhair tuilleadh sonraí.	Mar thoradh ar chailiteanas beag an Chosáin Aolchloiche (iad go léir lasmuigh de láithreáin ainmnithe Eorpacha), beidh tionchar iarmharach suntasach/measartha ann.
Talamh éillithe	Ní raibh aon limistéir de thalamh éillithe darbh fhios laistigh den limistéar staidéir. Déanfar tástáil i gcomhair éillithe ar shamplaí talún a bhfuil amhras fúthu iad a bheith éillithe le linn an imscrúdaithe mionsonraithe agus déanfar diúscairt ar thalamh a ndéanfar tochailt air ó na limistéir sin chuig suíomh(anna) ag a bhfuil ceadúnas nó cead iomchuí de réir na reachtaíochta reatha ar Bhainistiú Dramhaíola in Éirinn. Cuirfear cosc ar éilliú na hithreach má dhéantar dea-bhainistiú (glanadh laethúil an tsuímh, úsáid as boscaí bruscair diúscartha, srl.) ar an suíomh, agus má bhaintear úsáid cheart as na substaintí sin agus a gcoimeádáin agus má dhéantar iad a stóráil agus a dhiúscairt i gceart. Maidir le gach gníomhaíocht ina mbaintear úsáid as truailleáin fhéideartha nó ábhair ghuaiseacha, láimhseálfar ábhar mar coincréit, breoslaí, bealaí agus sreabháin hiodrálacha go cúramach agus stórálfar iad chun doirteadh a sheachaint. Coinneofar truailleáin fhéideartha sábháilte freisin i gcoinne loitiméireachta agus cuirfear srian ceart orthu de réir na gcód cleachtais. Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón suíomh agus déanfar í a dhiúscairt chuig suíomh ag a bhfuil ceadúnas nó cead iomchuí de réir na reachtaíochta reatha atá ag an gConraitheoir maidir le Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn. Iarrtar ar an gConraitheoir socrú a dhéanamh chun fáil réidh le haon uisce níocháin coincréite. Cuirfear trucail choincréite ar ais chuig a ngléasra baisceála chun iad a ní. Pléifear an socrú maidir le coincréit a thabhairt chuig an suíomh le soláthraithe sula dtosóidh an obair, agus tabharfar cuntas ar na bealaí measúnaithe a bheidh comhaontaithe, ag cur cosc ar shruthlú ar an suíomh agus pléifear nósanna imeachta éigeandála. Bainfear leas as dea-chleachtais bhainistíochta tógála chun an riosca go dtarchuirfear ábhair ghuaiseacha a íoslaghdú chomh maith le truailliú sruthchúrsaí agus screamhuisce in aice láimhe. Áireofar an méid seo a leanas leis na bearta atá le cur chun feidhme chun an riosca doirte agus éillithe ithreacha agus uiscí a íoslaghdú: - Gan ach lucht saothair inniúil a bhfuil taithí acu a fhostú, agus oiliúint a bhaineann go sonrach le suíomh a chur ar bhainisteoirí láithreáin, ar shaoistí agus ar lucht saothair, lena n-áirítear gach fochonraitheoir, i rioscaí truaillithe agus i mbearta coisctheacha. - A áirithiú go bhfuil gach limistéar ina stóráiltear leachtanna (lena n-áirítear breosla), nó ina ndéantar glanadh, i limistéir neamhscagacha ainmnithe atá scoite amach ón limistéar máguaird agus laistigh de chóras coimeádta tánaisteach, m.sh., trí bhunda ar ar féidir tiomáint, colbha ardaithe, rampaí nó rochtain chéimnithe. - Breithneofar suíomh aon saoráidí stórála breosla i ndearadh na gcomhdhúl tógála go léir agus déanfar iad a bhundú go hiomlán. Déanfar iad seo a dhearadh de réir na dtreoirilinte agus na gcód cleachtais dea-chleachtais ábhartha agus reatha tráth na tógála. - Beidh na gníomhaíochtaí measctha coincréite agus baisceála uile lonnaithe i limistéir ainmnithe amach ó shruthchúrsaí agus draenacha. - Déanfar truailleáin fhéideartha a dhaingniú go leordhóthanach i gcoinne loitiméireachta i gcoimeádáin i limistéar daingnithe tiomnaithe. - Soláthar srianta cuí ar thruailleáin fhéideartha de réir cóid chleachtais agus ceanglais dhlíthiúla ábhartha agus reatha. - Rialú críochnúil le linn na céime tógála ar fad chun a áirithiú go n-aithneofar aon doirteadh go luath agus go ndéanfar é a shrianadh agus a bhainistiú go héifeachtach ina dhiaidh sin. - Trealamh doirte atá le soláthar agus atá le coinneáil gar do na comhdhúile tógála sealadacha. Ba cheart oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le conas treatlamh doirte a úsáid i gceart.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Tabharfar léargas ar na cleachtais is fearr i mbainistíocht tógála, mar atá leagtha amach in Construction Industry Research and Information Association (CIRIA) Control of Water Pollution from Construction Sites – Guidance for consultants and contractors (Masters-Williams et al. 2001) sa CEMP in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo. Is í an treoir seo ó 2001 an treoir is ábhartha fós ar dháta na Tuarascála MTT nuashonraithe seo. Ullmhaíodh Plean Freagartha Éigeandála agus áirítear leis sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus déanfaidh an conraitheoir ceaptha forbairt bhreise air sula gcuirtear tús leis na hoibreacha agus déanfar é a nuashonrú go rialta, ag sainaithint na ngníomhartha atá le déanamh i gcás teagmhas truaillithe. Tabharfaidh an Plean Freagartha Éigeandála aghaidh ar na nithe seo a leanas: - Stóráil ola agus ceimiceán slán i limistéir bundaithe os cionn talún, atá teoranta don íosmhéid toirte atá riachtanach chun freastal ar riachtanais phráinneacha lena mbaineann limistéir shonracha ó thaobh seachadadh agus athbhreoslú de - Athbhreoslú ná stóráil breosla a chosc i bhfoisceacht 50m d’uiscebhealaí agus ar dhromchla séalaithe amháin - Coinneofar trealamh doirte éigeandála i láithreacha íogaire, agus cuirfear trealamh iniompartha ar fáil d’oibritheoirí gléasra agus trealaimh. - Stop a chur le hobair agus forbairt beart chun srian a choinneáil ar thruailleán agus/nó a bhaint má aithnítear teagmhas - Úsáidfear gaistí silte agus déanfar iad a chothabháil in áiteanna cuí. - Tógfar bundaí idircheaptha sealadacha agus díoga draenála taobh thuas de na tochailtí chun an rith chun srutha dromchla a íoslaghdú agus roimh ghníomhaíochtaí tochailte. - Cuirfear tochailt agus créfort ar fionraí le haghaidh athbhreithniú de réir mar is gá le linn agus díreach i ndiaidh tréimhsí báistí troma chun giniúint dríodair agus damáiste ithreach a íoslaghdú.	
Gnéithe carst	Beidh líonra draenála an charrbhealaigh séalaithe ar a laghad ar bith in áiteanna ina dtrasnaíonn an Tionscadal carraig atá tugtha do charstú. Trí réitigh innealtóireachta a úsáid, lena n-áirítear bacainn neamhscagach, sciodar stroighin nó leachtmhoirtéal, cuirfear cosc ar rith chun srutha díreach ó dhromchla pábháilte an Tionscadail ó dhul isteach sa charraig feadh an ailínithe bheartaithe, toisc go bhféadfadh sé sin tuilleadh meatha agus éagobhsaíocht carraigmhaise a chruthú. Déanfar measúnú ar bhearta maolaithe aonair ar bhonn cás ar chás, arna gcinneadh de réir mhéid an charst agus comhdhéanamh an Tionscadail a bhfuil cuntas air sa phrótacal carst atá mar chuid den CEMP in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo. Tabharfaidh hidrigeolaí agus/nó saineolaí geoiteicniúil faoi chigireachtaí ar ghnéithe carst d’fhonn an beart leasúcháin iomchuí a chinneadh. Áirítear leis na bearta leasúcháin sin, ach níl siad teoranta do bhaint gach ábhar ithreach scaoilte, bog, lag nó folamh, poill a aislíonadh le meascán aontaithe de dhuirleoga bolláin / carraig mhór / sciodar stroighin agus geo-ábhar sintéiseach láidir a shuiteáil chun ardán bunsraithe inniúil agus sábháilte a chruthú. Tá bearta maolaithe chun gnéithe carst a chosaint léirithe tuilleadh sa chuid thíos ar Hidrigeolaíocht agus curtha san áireamh sa CEMP in Aguisín A.7.5 mar chuid de phrótacal carst.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Limistéir Oidhreachta Geolaíochta	Sula ndéanfar codanna d’aghaidh na carraige nochta atá ann cheana a aislíonadh/a bhaint don ghearradh bóthair atá ann cheana feadh an N6 atá ann cheana i nDabhach Uisce (GC001), tabharfaidh an Conraitheoir fógra don GSI chun a áirithiú gur féidir cuairt ar an láithreán a shocrú chun measúnú a dhéanamh ar aghaidh na carraige sula ndéanfar í a aislíonadh/a bhaint. I gcás ina gceadóidh an dearadh (lena n-áirítear bearta maolaithe comhshaoil, ceanglais sábháilteachta agus srianta innealtóireachta), déanfar gearrthóga buncharraige suntasacha a dhearadh ionas go mbeidh siad infheicthe i gcónaí. I gcás nach féidir é sin a bhaint amach, déanfaidh an Conraitheoir taifid fhótagrafacha dhigiteacha de thochailtí nua suntasacha a thaifeadadh agus/nó déanfaidh an Conraitheoir cuairteanna ó GSI a éascú. Ina theannta sin, tabharfaidh an Conraitheoir fógra do GSI maidir le gearrthóga buncharraige chun cuairt ar an láithreán a éascú sula ndéanfar aon aislíonadh.	Beidh tionchar iarmharach suntasach/measartha mar thoradh ar an gcaillteanas beag ar sciar de Limistéar Oidhreachta Geolaíochta (Gearradh Carraige N6 atá ann cheana féin i nDabhach Uisce).
Hidrigeolaíocht		
Cainníocht agus Cáilíocht an Screamhuisce	Trí athrú ar dhearadh an Tionscadail áiríodh bearta sa dearadh chun tionchair shonracha a laghdú nó a chosc nuair ab fhéidir. Ionchorpraíodh na bearta seo a leanas i ndearadh an Tionscadail: - Ní dhéanfar aon dí-uisciú ar uiscíoch na buncharraige le linn na tógála ag Tarbhealach Mhionlaigh nó Tollán Leacaigh (nó na bealaí isteach chucu). Ina theannta sin, cuirfear san áireamh i seicheamh na tógála luaineacht shéasúrach an screamhuisce. Le linn an gheimhridh nuair a bhíonn an screamhuisce ard d’fhéadfadh gá a bheith le teorainn a chur le doimhneacht na n-oibreacha ionas nach dteastóidh dí-uisciú - Batailít Eibhir na Gaillimhe EW01, 02 (trí ghearradh), 04 07 agus 09: Déanfar screamhuisce a stopfar a bhailiú agus a phíobú chuig gabhdóir uisce dromchla a ndraenálfadh sé go nádúrtha chuige - Aolchloch: D’fhéadfadh gá a bheith le dí-uisciú tógála ar uiscíoch na buncharraige ar bhonn séasúrach in EW27 nuair is airde a bhíonn na leibhéil screamhuisce. Scaoilfear aon dí-uisciú chuig an GWB céanna - Beidh dí-uisciú riachtanach ar uiscíoch na buncharraige chun Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus na bealaí isteach chuige a thógáil. Déanfar an screamhuisce go léir a stopfar a bhainistiú agus a scaoileadh amach laistigh den GWB céanna - EW27: Rialófar screamhuisce laistigh den tochailt trína bhailiú i ndraenacha nó sumpáí. Má stoptar screamhuisce, déanfar é a phíobú agus a scaoileadh amach ag imchuach insíothlaithe laistigh den GWB céanna. Rialaítear screamhuisce stoptha agus insíothlaíonn sé ar ais chuig an réimse screamhuisce céanna - I gcás ina n-úsáidtear imchuacha insíothlaithe chun rith chun srutha ón láithreán a scaoileadh le linn na tógála, déanfar bainistiú ar an rith chun srutha ar an láthair, baileofar é agus cóireálfar é de réir an Phlean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe (Tagair do Chuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5) - I gcás ina síneann crios tionchair dí-uiscithe screamhuisce faoi bhun foirgnimh atá ann cheana féin, déanfar suirbhé ar bhail an ionaid réadmhaoine ag an ionad réadmhaoine roimh an tréimhse tógála agus lena linn i gcomhréir le tiomantas C18.19 de Chaibidil 23, Sceideal na dTiomantas. - Tiomantas go dtairgfear suirbhé ar bhail na n-ionad réadmhaoine do gach foirgneamh i bhfoisceacht 50m de Theorainn an Mheasúnaithe nó ón gerios tionchair dí-uiscithe (cibé ceann is mó) (de réir Alt 11.9.120 de Thuarascáil Chigirí ABP dar dáta an 22 Meitheamh 2021). Áirítear le dearadh an Tionscadail dí-uisciú uiscíoch na buncharraige i ngearrthóga i mBatailít Eibhir na Gaillimhe agus i ngearrthóga san Aolchloch Neamhdhifreáilte Viséach. Rinneadh measúnú ar an íostarraingt ó na gearrthacha sin. Tá tionchair na híostarraingthe teoranta ó thaobh méide agus ní bhíonn tionchar acu ar láithreáin Eorpacha nó ar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta. Ní bheartaítear aon mhaolú hidrigeolaíocha i dtaca le dearadh dí-uisciú na tógála. I dtaca leis an Aolchloch Neamhdhifreáilte Viséach mar gheall ar an mbaol atá le gnéithe carst a bheith á stopadh i dtochailtí i gcomhair créfoirt (lena n-áirítear tarbhealaí, droichid agus tolláin) agus imchuacha insíothlaithe, forbraíodh bearta maolaithe chun nascacht hiodrálach na gné a chaomhnú agus séalaítear é ansin ón tochailt. Cinntoidh an beart maolaithe maidir le Prótacal Carst nach mbeidh aon tionchar ar chosáin sreafa screamhuisce chuig gabhdóirí cleithiúnacha uisce. Tá an plean maolaithe carst mionsonraithe sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus tá achoimre de sa chuid thíos i mBearta Maolaithe Sonracha d’Uiscíocha.	Níl aon tionchair hidrigeolaíocha iarmharacha ar shuíomhanna Eorpacha agus níl aon tionchair iarmharacha a bhaineann le hÉiceachórais Talún Screamhuisce Chleithiúnacha (GWDTE) ar an Aolchloch Neamhdhifreáilte Viséach. Tá tionchair mhóra iarmharacha hidrigeolaíocha fós ann maidir le tionchair thriomaithe ar leibhéal screamhuisce faoi shuíomh cúig ghnáthóg Iarscríbhinn atá suite ar Bhatailít Eibhir na Gaillimhe. - Na Forai Maola Thoir Iarscríbhinn I (Ch. 1+250 go Ch. 1+500) - Troscaigh Thiar Iarscríbhinn I (Ch. 1+850 go Ch. 2+400) - Aille Iarscríbhinn I (Ch. 3+600 go Ch. 3+850) - Baile na mBúrcach Iarscríbhinn I (Ch. 4+650 go Ch. 4+800) - Knocknabrona Iarscríbhinn I (Ch. 7+700 go Ch. 7+750) - An Baile Nua neamh-Iarscríbhinn I (Ch. 0+150) - Na Forai Maola Thoir neamh-Iarscríbhinn I (Ch. 1+150) - Bearna neamh-Iarscríbhinn I (Ch. 3+100 agus Ch. 3+400)

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Gabhdóirí cleithiúnacha screamhuisce	Beidh bearta breise sna himchuacha insíothlaithe sin i GWB Eanach 1 (Mionlach) Loch Coirib (S19a agus S19b) ionchorpraithe ina dtógáil chun cosaint bhreise a thabhairt don réimse screamhuisce. Áirítear leis an imchuach insíothlaithe S19a agus S19b líneáil ar thaobhanna na tochailte chun insíothlú screamhuisce ingearach a chinntiú ionas go ndraenálann gach doirteadh tríd an bhfo-ithir atá leagtha síos le haghaidh tiús iomlán an chreasa neamhsháithithe. Bainfear maolú na dtionchar tógála féideartha amach trí dhian-chur i bhfeidhm nósanna imeachta dea-chleachtais tógála agus rialuithe comhshaoil d’fhonn an deis le haghaidh doirteadh éillithe rith chun srutha na tógála mar atá leagtha síos sa CEMP a íoslaghdú (Aguisín A.7.5). Áireofar le cleachtais den sórt sin bundú leordhóthanach le haghaidh coimeádán ola, niteoirí rothaí agus cosc deannaigh ar bhóithre an láithreáin, agus cothabháil rialta ar phlandaí. Cuirfear na bearta seo a leanas atá áirithe sa CEMP i bhfeidhm chun an baol atá ann go dtarlóidh truailliú ó dhoirteadh de thaisme ar an suíomh a rialú: - Ní cheadaítear stoc-charnadh a dhéanamh ar ábhar éillithe - Cuirfear cosc ar éilliú na hithreach má dhéantar dea-bhainistiú (glanadh laethúil an tsuimh, úsáid as boscaí bruscair diúscartha, srl.) ar an suíomh le linn na tógála, agus má bhaintear úsáid cheart as na substaintí sin agus a geoimeádáin agus má dhéantar iad a stóráil agus a dhiúscairt i gceart - Maidir le gach gníomhaíocht ina mbaintear úsáid as truailléain fhéideartha nó ábhair ghuaiseacha, faoin CEMP, iarrfar ar an gConraitheoir a chinntiú go láimhseálfar ábhar mar coincreít, breoslaí, bealaí agus sreabháin hiodrálacha go cúramach agus go stórálfar iad chun doirteadh a sheachaint. Coinneofar truailléain fhéideartha sábháilte freisin i gcoinne loitiméireachta agus cuirfear srian ceart orthu de réir na gcód cleachtais. Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón suíomh agus déanfar í a dhiúscairt i gceart - Cuirfidh an Conraitheoir bailchríoch ar an bPlean Freagartha Teagmhas sa CEMP in Aguisín A.7.5 sula gcuirfear tús leis an obair agus déanfar nuashonrú rialta air le haghaidh éigeandálaí truaillithe a fhorbróidh an Conraitheoir ceaptha. Sainaitheofar sa phlean na gníomhaíochtaí a bheidh le glacadh i gcás go dtarlóidh teagmhas truaillithe de réir threoir CIRIA. Mar atá molta i dtreoir CIRIA, áirítear iad seo a leanas leis an bplean teagmhas le haghaidh éigeandálaí truaillithe: - Bearta éillithe - Bealaí doirte éigeandála - Liosta den trealamh iomchuí agus de na hábhair glantacháin - Sceideal cothabhála do threalamh - Sonraí maidir leis an bhfoireann oilte, suíomh agus soláthar le haghaidh cumhdach 24 uair an chloig - Sonraí maidir le freagrachtaí na foirne - Nósanna imeachta fógra chun an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) nó rannóg chomhshaoil Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar an eolas - An sceideal a iniúchadh agus a athbhreithniú - Uimhreacha teileafóin na gcomhairlí reachtúla uisce - Liosta de chuideachtaí glantacháin truaillithe speisialaithe agus a gcuid uimhreacha teileafóin - Ní cheadófar aon sceithphointe neamhchóireáilte díri de rith chun srutha tógála go dtí an screamhuisce - I gcás ina n-aimsítear teagmhas truaillithe, stopfar na hoibreacha tógála go dtí go mbeidh foinse thruaillithe na tógála sainaitheanta agus leigheasta - Cuirfear saoráidí agus nósanna imeachta rialú truaillithe atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe Tógála atá áirithe sa CEMP in Aguisín A.7.5 i bhfeidhm más gá. - Suiteálfar na saoráidí rialaithe agus cóireála truaillithe agus an líonra monatóireachta, lena n-áirítear ionstraimí agus nósanna imeachta a bunaíodh roimh na gníomhaíochtaí tógála a tharlaíonn ar an talamh gar do shruthchúrsaí agus gabhdóirí dromchla agus screamhuisce leochaileacha. Samhlaítear go ndéanfar monatóireacht laethúil ar na saoráidí rialaithe truaillithe d’fhonn a bhfeidhm leanúnach a chinntiú Cinntoidh na bearta maolaithe thuas go mbeidh bearta i bhfeidhm chun sceitheadh breoslaí agus olaí de thaisme agus gluaiseacht dríodair mar sholaid ar fuaidreamh a laghdú. Má chuirtear na bearta thuas i bhfeidhm, is féidir an riosca go scaipfear truailléain lasmuigh den láthair a bhainistiú go sábháilte. Chuige seo, i gcás na n-uiscíoch uile, tá laghdú ar na ceantair sin atá le fána ón Tionscadal a aithníodh a bheith i mbaol ó thaobh tionchar ar cháilíocht uisce talún le linn chéim na tógála (réamh-mhaolú). Tá laghdú ar fhairsinge spásúil an tionchair fhéideartha go dtí lorg na tógála. Forbraíodh roinnt beart maolaithe freisin go sonrach le haghaidh gabhdóirí cleithiúnacha screamhuisce. Tá siad sin mionsonraithe thíos le haghaidh uiscíoch, toibreacha soláthair agus gnáthóga. Uiscíoch Tá bearta maolaithe uiscíocha sonracha curtha i bhfeidhm áit a dtagtar ar chriosanna tréscaoilteachta carst nó arda le linn an chláir tógála. I gcás ina dtagtar ar charst, cuirfear an Prótacal Carst i bhfeidhm, agus breactar é sin sa CEMP (Aguisín A.7.5). Tá achoimre de fheidhmiú an Phrótacail Carst thíos chun sonraí a thabhairt faoin áit a gcuirfear i bhfeidhm iad: - I gcás ina dtagtar ar ghnéithe carst le linn oibreacha tógála déanfaidh hidrigeolaí agus geolaí innealtóireachta measúnú air. Fágfaidh na gnéithe sin go gcaithfear a bhfairsinge ar fud an Tionscadail a mharcáil. I gcás tochailtí (gearrthacha bóthair, tolláin, tochailtí ar ché droichid) ansin déanfar an ghné charst a thocharl agus a aislíonadh le líonadh garbh agus déanfar é a shéalú. Cuirfidh sé sin cosc ar dhraenáil rith chun srutha isteach sa ghné agus dá bhrí sin, tabharfaidh sé cosaint i gcoinne doirteadh de thaisme. Ar an mbonn sin, ní dhoirtfidh rith chun srutha ón tógáil chuig cosán carst agus gheobhaidh sé maolú agus caolú nádúrtha san uiscíoch - Maidir leis na gnéithe carst a bheith á stopadh i dtoghailtí le haghaidh créfort (lena n-áirítear tarbhealaí, droichid agus tolláin) agus imchuacha insíothlaithe. Caomhnaíonn an Prótacal Carst nascacht hiodrálach na gné trí ábhar gráinneach a úsáid le líonadh ach ansin séalaítear a carst ón tochairt le líneáil (geoiteicstíl agus nó coincreít ag brath ar shonraíochtaí an láithreáin) a chuirfidh cosc ar nasc idir tochairt agus carst - I gcás ina bhfuil dí-uisciú beartaithe ar uiscíoch na buncharraige, suiteálfar monatóireacht ar leibhéal screamhuisce roimh an tógáil, le linn chéim na tógála agus 12 mhí tar éis na tógála ionas go mbeifear in ann éifeachtaí féideartha ó dhí-uisciú a shainaithint. I ngearrthacha éadoimhne an Tionscadail, ní bheidh ach fíorbheagán dí-uisciú ar uiscíoch na buncharraige ag teastáil; mar sin féin, beidh clár monatóireachta i bhfeidhm. Má thugtar le fios leis an monatóireacht go bhfuil tionchar intomhaiste ann thar mar atá luaite sa Tuarascáil MTT, ansin déanfar obair a bhfuil sé de chumas aige íostarraingt a mhéadú sábháilte agus scoirfear dó go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an measúnú hidrigeolaíoch bunaithe ar dhálaí an tsuimh agus ar mhaolú a úsáideadh más iomchuí. - D’fhonn tionchair éillithe féideartha a laghdú, cuirfear cosc ar stoc-charnadh ábhar éillithe agus cuirfear cosc ar ghiniúint láisteáite. I gcás ina dtarlaíonn sé go dtagtar ar ábhar éillithe féideartha, déanfar é a thástáil agus a dhiúscairt ar bhealach iomchuí agus ag teacht le reachtaíocht bainistiú uisce reatha. Mura féidir ábhar éillithe a bhaint láithreach, ansin stórálfar é, agus clúdófar é le leathánra polaitéine ionas nach dtiocfaidh uisce báistí isteach tríd an ábhar. Ní bheidh ach fíorbheagán ama i gceist ó dhéanfar an tochairt agus an bhaint	Knocknabrona neamh-Iarscríbhinn I (Ch. 7+850 go Ch. 8+150)

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Cé nach uiscíoch rótháirgiúil é Batailít Eibhir na Gaillimhe, meastar go mbeidh lochtanna agus scoilteadh ann ó am go chéile a d’fhéadfadh conair sreafa suas le 100m ar a mhéad a sholáthar. Agus an CEMP á chur i bhfeidhm, meastar go bhfuil conairí san eibhear cosúil leo siúd a bhaineann le haoilchloch. Ar an mbonn seo, má chuirtear plean teagmhais CEMP i bhfeidhm i gcomhair éigeandálaí truaillithe, cuirfear cosc ar gach doirteadh truaillleáin de thaisme ó dhul isteach i gcosáin san eibhear. Cuirfidh sé seo teorainn le méid aon doirteadh breosla chuig an láthair láithreach agus cuirfidh sé teorainn leis an mbaol go mbeidh truaillleáin ann i lorg na tógála amháin. Toibreacha Soláthair Glacfar leis na bearta maolaithe atá sa liosta thíos le linn chéim na tógála de chuid an Tionscadail: - Déanfar naoi dtobar (W50-10, W50-12, W50-13, W50-14, W50-15, W50-16, W50-17, W50-18, W50-19) a dhíchoimisiúnú le linn thógáil an Tionscadail. Maolófar gach ceann acu sin trí thobar nua a sholáthar, á nascadh le soláthar príomhlíonra nuair atá sé ar fáil nó trí chúiteamh airgeadais. San áit a ndéanfar toibreacha a thréigean mar chuid den Tionscadal déanfar iad a shéalú agus a thréigean go ginearálta de réir Threoirlínte Druileála Toibreacha arna gcur le chéile ag Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI 2007) - Déanfar coimisiúnú ar thoibreacha nua, umair stórála, trealamh agus píopaí pumpála gaolmhara in ionad Thoibreacha W50-13 agus W50-14 agus tástálfar iad lena chinntiú go mbeidh rátaí toradh imleora ann sula ndéanfar díchoimisiúnú ar thoibreacha W50-13 agus W50-14 - Tá ceithre thobar (W50-02, W50-20, W500-01 agus W1000-03) liostaithe i gCaibidil 10 den Tuarascáil MTT nuashonraithe seo ar baolach go mbeidh tionchair ar cháilíocht an uisce i gceist leo. Laghdaíonn na gnáth-bhearta maolaithe mar chuid den CEMP chun an riosca truaillithe a laghdú an riosca do na tobair seo ionas go dtíteann suntasacht an tionchair go neamhshuntasach. - D’fhéadfadh tionchar a bheith ag leibhéil screamhuisce laghdaithe le linn na tógála ar thoibreacha lasmuigh de Theorainn an Mheasúnaithe ach atá laistigh den chrios tionchair íostarraingthe. Déanfar monatóireacht ar gach tobar laistigh de 150m de theorainn na forbartha atá beartaithe (nó 50m ón CT íostarraingthe ríofa más níos mó) le haghaidh an leibhéil uisce gach mí ar feadh 12 mhí roimh thógáil, le linn na tógála agus ar feadh 12 mhí i ndiaidh na tógála. Má thugtar le fios leis an monatóireacht go raibh tionchar ag an Tionscadal ar thobar soláthair nó geoiteirmeach ansin cuirfear maolú i bhfeidhm - Cuirtear gnáth-bhearta maolaithe agus bearta maolaithe sonracha uiscíocha ag obair chun an screamhuisce a chosaint. D’fhonn cosaint cháilíocht na soláthairtí screamhuisce óil a chinntiú, déanfar monatóireacht ar gach tobar laistigh de 150m de theorainn na forbartha atá beartaithe ar bhonn míosúil. - Déanfar monatóireacht ar na toibreacha go léir le haghaidh gnáth-pharaiméadair cháilíocht an uisce óil ar bhonn míosúil ar feadh 12 mhí roimh thógáil, le linn na tógála agus ar feadh 12 mhí i ndiaidh na tógála. Má thugtar le fios leis an monatóireacht go raibh tionchar ag an Tionscadal ar sholáthar, ansin cuirfear maolú i bhfeidhm GWDTE Tá na GWDTE sin atá aibhsithe mar chinn atá i mbaol i réimsí ina bhfuil na cosáin screamhuisce carstach. Chuige sin, tá an Prótacal Carst (sa CEMP Aguisín A.7.5), mar atá mionsonraithe sna codanna roimhe seo thuas, ina chuid de mhaolú ionas nach mbeidh tionchar ar cháilíocht ná ar chainníocht an screamhuisce. Cuirtear maolú breise i bhfeidhm lena chinntiú nach mbíonn tionchar ar na láithreacháin Eorpacha Léiríonn na gníomhaíochtaí tógála foinse fhéideartha tionchair ar cháilíocht uisce Lochanna Chúil Each, atá mar chuid de LCS (Caomhnú) Loch Coirib, ó rith chun srutha neamhrialaithe ón tógáil agus éilliú féideartha an screamhuisce ó dhoirteadh tógála. Ní bheidh aon doirteadh ó uisce dromchla go lochanna Chúil Each agus déanfar cóireáil ar an rith chun srutha go léir sula scaoilfear chun talún é ag imchuacha insíothlaithe. Tá imchuacha insíothlaithe deartha chun lonnaíocht a áireamh d’fhonn dríodar a bhaint agus tiús cuí d’fho-ithir a bheith faoi leibhéal an inbhéarta Ní dhoirtfear an coincréit i dtoghailtí (Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh agus Tollán Leacaigh) ach amháin tar éis do hidreolaí cáilithe scrúdú a bheith déanta aige ar an toghailt. Déanfar imscrúdú ar dhoimhneacht agus ar fhairsinge iomlán gach toghailte le sainaitheint cibé an bhfuil aon bhealaí sreafa suntasacha, cosúil le feabhas carst ar thréscaoilteacht na buncharraige, ann. Mura bhfuil aon bhealaí sreafa suntasacha ann, ansin breacfaidh an hidreolaí é sin síos agus deimhneoidh sé nach bhfuil aon bhaol ann don screamhuisce ó sceitheadh coincréite. Má tá bealaí suntasacha ann ansin, dearfaidh an hidreolaí tionchair a d’fhéadfadh teacht chun cinn ó shreabhadh feadh na mbealaí sin bunaithe ar an bplean maolaithe carst, ina bhféadfaí crios tréscaoilteachta ard a shuiteáil in ionad na mbealaí screamhuisce a bhainfí le bunsraitheanna agus/nó tríd an nasc ón toghailt a shéalú chun an carst a chosaint. Ceadóidh hidreolaí cáilithe dearadh na mbeart maolaithe le deimhniú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar screamhuisce. Cinnteoigh na bearta thuas go rialaítear an riosca do thruailliú réimsí screamhuisce.	
Hidreolaíocht		
Draenáil, cáilíocht an uisce do riosca tuilte ginearálta, moirfeolaíocht chainéil agus príomhghabhdóirí éiceolaíocha	Is gnáth-chleachtas é gurb é an Conraitheoir a chuirfidh an CEMP atá áirithe in Aguisín A.7.5 i gcrích sula dtosófar ar an tógáil agus cuirfear iad seo a leanas i bhfeidhm mar chuid den phlean seo: - Plean Freagartha Teagmhas ina sonraítear na nósanna imeachta atá le cur i gcrích i gcás doirteadh dramhaíl cheimiceach, bhreosla nó dramhaíl ghuaiseach eile, teagmhais neamhchomhlíontachta agus aon rioscaí eile a bhféadfadh teagmhas truaillithe a bheith mar thoradh orthu a logáil, lena n-áirítear rioscaí tuilte (Déan tagairt do Chuid 10 den CEMP in Aguisín A.7.5) - Plean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe (Déan Tagairt do Chuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5). Áireofar leis sin monatóireacht ar cháilíocht uisce agus ráitis modha lena chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin cháilíochta comhshaoil atá sonraithe sa reachtaíocht ábhartha (is é sin, rialacháin uisce dromchla agus Rialacháin Salmainide 1988) - Gach cead agus ceadúnas riachtanach le haghaidh oibreacha tógála ionsrutha a bhaineann le tóchair, droichid agus sruth éalaithe abhann. Tá toiliú Alt 50 OPW faighte i dtaca le gach tóchar agus droichead atá beartaithe sa Tuarascáil MTT. D’fhonn athruithe a dhéanamh ar na struchtúir sin mar chuid den chéim deartha agus tógála mionsonraithe beidh gá toiliú nua Alt 50 a fháil - Treoir a fháil agus dul i gcomhairle le Rannóg Draenála Artairí an Iarthair den OPW atá freagrach as scéim Draenála Artairí Loch Coirib-Measca agus as rialú leanúnach leibhéil abhann agus locha ag Baráiste Dhroichead na mBradán i gCathair na Gaillimhe - Leanúint ag tabhairt treorach agus ag dul i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann (IFI) - Leanúint ag tabhairt treorach agus ag dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) - Déanfar na hoibreacha tógála go léir de réir threoirlínte dea-chleachtais tógála agus dá bhrí sin, cuirfear deireadh leis an mbaol maidir le doirteadh isteach in Abhainn na Gaillimhe. - Déanfar gach obair freisin i gcomhréir le Caighdeáin agus Sonraíochtaí Uisce Éireann, i gcomhréir le próisis agus nósanna imeachta caighdeánacha chun toiliú ceangail a fháil agus chun comhaontuithe a fhorbairt leis an soláthraí fóntais - Is féidir freastal go héasca ar mhuinchillí a phromhadh amach anseo i gcomharsanacht Ard an Aonaigh agus comhaontófar a suíomh le hUisce Éireann sula gcuirfear tús leis an tógáil. - Rachfar i gcomhairle le hUisce Éireann maidir leis an CEMP a thabhairt cothrom le dáta agus go sonrach maidir leis an bplean freagartha do theagmhais (IRP) le haghaidh céimeanna na tógála agus oibríochta - Déanfar foráil d’Fhoireann Uisce Éireann cuairt a thabhairt ar an láithreán tógála má mheasann Uisce Éireann gur gá sin. - Cuirfear idirchaidreamh leanúnach ar fáil le hUisce Éireann ag céim na tógála agus bunófar nósanna imeachta do dhátaí tionscadail rialta le linn chéim na tógála go tráthúil ionas go mbeidh Uisce Éireann in ann measúnú a dhéanamh ar an riosca méadaithe a d’fhéadfadh a bheith ann do cháilíocht uisce a bhfoinse soláthair uisce inólta	Ní bheidh aon tionchar hidreolaíoch iarmharach suntasach diúltach ar dhraenáil agus ar riosca i gcás tuilte, ar cháilíocht an uisce, ar mhoirfeolaíocht chainéil nó ar phríomhghabhdóirí éiceolaíocha.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Beidh gníomhaíochtaí tógála ag teastáil chun na treoircháipeisí seo a leanas a chur san áireamh i gcomhair obair thógála, os cionn uisce nó gar d’uisce: - Treoirlínte maidir le hIascaigh a Chosaint le linn Oibreacha Tógála in Uiscí agus Cóngarach d’Uiscí (Iascaigh Intíre Éireann, 2016) - Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne – Gnáthóg Iascaigh a Chosaint agus a Chaomhnú le tagairt ar leith do Thógáil Bóithre - Riachtanais maidir le Gnáthóg Iascaigh a Chosaint le linn Tógála agus Oibreacha Forbartha ag Láithreáin Abhann (Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir) - Cainéil agus Dúshláin an Phríomh-Bhoird Iascaigh – Feabhas ar Aibhneacha Salmainide - CIRIA C793 Lámhleabhar SUDS - CIRIA C624 Forbairt agus Riosca Tuilte - treoir do thionscal na tógála - CIRIA C532 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Láithreáin Thógála - Treoir do Chomhairleoirí agus do Chonraitheoirí - CIRIA C648 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní, treoir theicniúil - CIRIA C649 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní, treoir suímh - Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Thógáil Scéimeanna Náisiúnta Bóthair (NRA, 2006) - Draenáil Bóthair agus an Timpeallacht Uisce DN-DNG-03065 (TII, Meitheamh 2015) - Córais Draenála Fásmhara le Rith Chun Srutha Bóthair DN-DNG-03063 (TII, Meitheamh 2015) Bunaithe ar na treoircháipeisí thuas maidir le rialú na dtionchar tógála ar an timpeallacht uisce, tá cuntas sa mhéid seo a leanas de na príomhbhearta maolaithe a fhorordófar le haghaidh chéim na tógála d’fhonn gach dobharcheantar, sruthchúrsa agus limistéar faoi chosaint éiceolaíoch a chosaint ó thionchair dhíreacha agus indíreacha: - Caithfear gach limistéar compúin tógála a leagan ar thalamh tirim agus a bheith suite siar ó chainéil abhann agus srutháin agus amuigh as limistéir thuilemhá. I measc na limistéar tuilemhá, tá Criosanna Riosca Tuilte A agus B agus dá bhri sin, ní mór do gach limistéar compúin tógála a bheith ar thailte os cionn leibhéal tuilte na tréimhse athfhillte 1000 bliain - Ní dhéanfar olaí, breosla, ceimiceáin, sreabháin hidrálacha a stóráil, srl. laistigh de 100m d’Abhainn na Gaillimhe nó laistigh den limistéar tuilemhá - Déanfar uisce dromchla a ritheann isteach i limistéar na tógála a íoslaghdú trí bheirmeacha sealadacha a sholáthar, cainéil atreoraithe agus díoga gearrtha, nuair is iomchuí - Déanfar bainistiú ar stoc-chairn d’ábhar iomarcach chun sioltachán chórais sruthchúrsaí a chosc trí rith chun srutha le linn stoirmeacha báistí. Leis sin, d’fhéadfaí fásra a bhunú ar an ithir nochta agus uisce sceite a atreorú anuas de na stoc-chairn sin ar na linnte socraithe tógála agus stoc-charnadh ábhair gar do shruthchúrsaí leochaileacha a chosc - I gcás ina ndéantar oibreacha tógála cóngarach do thurlaigh, eanaigh, cainéil srutháin agus abhann agus lochanna, déanfar cosaint ar dhobharlaigh den sórt sin trí ualach siolta trí limistéir maolánacha féir caomhnaithe, fálta adhmaid le fálta siolta nó beirmeacha cré. Soláthróidh na bearta sin cóireáil imleor ar uiscí rith chun srutha ó láithreán tógála sula sroichtear na sruthchúrsaí - Úsáid as linnte síothlaithe, baic shiolta agus bundaí agus gníomhaíochtaí tógála laistigh de shruthchúrsaí a íoslaghdú. Nuair a bheidh an t-uisce le pumpáil, úsáidfear scagairí ag pointí iontógála agus déanfar an scaoileadh trí ghaiste dríodair nó <i>sedi-mat</i> - Cuirfear fál ar gach sruthchúrsa atá i limistéir thalún a úsáidfear i gcomhair compúin suímh/saoráidí stórála ag achar 5m ar a laghad. Ina theannta sin, cuirfear bearta i bhfeidhm lena chinntiú nach dtéann rith uisce dromchla éillithe nó siolt ualaithe isteach díreach sa sruthchúrsa. Ní thógfár compúin ar thailte atá ainmnithe mar Chríos Tuilte A nó B de réir Threoirlínte an Chórais Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (Samhain 2009). Ní cheadófar compúin suímh i Láithreáin Eorpacha (is é sin, LCS (Caomhnú) Loch Coirib) - Cuirfear bearta cosanta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gach hidreacarbón a úsáidtear le linn chéim na tógála a láimhseáil, a stóráil agus a dhiúscairt go hiomchuí de réir cáipéisí TII “Treoirlínte chun sruthchúrsaí a thrasnú nuair atá Scéimeanna Bóthair Náisiúnta á dtógáil”. Coinneofar gach suíomh líonta breosla agus ceimiceach laistigh de limistéir bhundaithe agus leagfar siar iad 10m ar a laghad ó shruthchúrsaí agus limistéir thuilemhá - Déanfar draenáil bhréan ó gach oifig suímh agus saoráidí tógála a choimeád agus a dhiúscairt ar bhealach iomchuí chun truailliú a chosc - Déanfar cóireáil ar an scaoileadh ón tógáil ar bhealach a fhágfaidh nach laghdóidh sé caighdeán cháilíocht chomhshaoil na sruthchúrsaí glactha - Cuirfear fálú ar fhásra bruachánach feadh sruthchúrsaí leochaileacha a aithneofar chun crios maolánach a sholáthar a bheidh 5m ar a laghad ó bhaile ach amháin pointí trasnaithe atá beartaithe lena chosaint - Déanfar úsáid agus bainistiú coincreíte (a bhfuil éifeacht dhochrach aici ar cheimic uisce agus ar ghnáthoga agus ar speicis uisceacha) i sruthchúrsaí nó gar dóibh a rialú go cúramach chun doirteadh a sheachaint. I gcás ina mbeartaítear baisceáil ar an láithreán, déanfar an ghníomhaíocht sin i bhfad ar shiúl ó shruthchúrsaí. Ní dhéanfar an tuilescríos ó phlandaí measctha den sórt sin ach amháin i limistéar neamh-thréscaoilteach coimeádta ainmnithe - Ní mór gach limistéar sil-leagain ábhar a bheith bundaithe go leordhóthanach agus a bheith roinnte ina ndeighleoga ar bhealach a rialaíonn i gceart an t-uisce báistí ó na saoráidí sin agus go ndéantar cóireáil air sula sroicheann sé na sruthchúrsaí dromchla glactha. Tá na ceanglais maidir le rialú dríodair leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe den CEMP (tagair do Aguisín A.7.5). D’fhonn an riosca éillithe do LCS (Caomhnú) Choimpléasc Chuan na Gaillimhe a íoslaghdú, rinneadh forbairt ar Phlean Bainistíochta um Rialú Dríodair, Creimthe agus Truaillithe le haghaidh chéim na tógála agus áiríodh é sa CEMP in Aguisín A.7.5, ina bhfuil foráil maidir le seachaint, laghdú, maolú agus monatóireacht. Seachnófar tionchair cháilíochta uisce agus hidreolaíochta tógála ar LCS (Caomhnú) Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus LCS (Cosaint) Chuan Istigh na Gaillimhe le linn na tógála. <u>Limistéar Sil-leagain Ábhar</u> Tá 32 limistéar suímh san iomlán aitheanta mar Limistéir Sil-leagain Ábhar (MDA) feadh bhealach an Tionscadail. Déanfar na láithreacha deasctha ábhair a bhundú nó a thochailt agus beidh fálú rialaithe creimthe dúbailte (fál claonta) agus linn lonnaíochta dríodair ag an asraon a thógfar sula n-úsáidfear iad mar limistéir dheasctha. Ina theannta sin, cuirfear saoráidí níocháin rotha ar fáil ag an mbealach isteach/imeacht mar a leagtar amach in CEMP – féach Aguisín A.7.5. Déanfar cóireáil ar rith chun srutha ó na limistéir sil-leagain ábhartha i linnte lonnaíochta sealadacha a chuirfear ar fáil in aghaidh srutha suas an sruthán nó an séarach glactha. Coinneofar na linnte sin go dtí go mbeidh na limistéir dheasctha ábhair cobhsaithe agus go mbeidh fásra leordhóthanach orthu. Ina theannta sin, leis an seicheamh tógála sonrach le haghaidh na limistéar sin (a thuairiscítear thíos), beifear in ann dríodar a shocrú sula scaoilfear chuig an sruthchúrsa glactha é. Fágann seicheamh tógála gach ceann de na limistéir deasctha ábhair go ndéantar an limistéar a leithdháiltear le haghaidh deascadh ábhair a roinnt ina urrann chun gur féidir limistéar deasctha a bhunú den chéad uair in aon urrann amháin, agus sreabhann an t-uisce a ritheann chun srutha ón urrann sin isteach in urrann chongarach agus tá sé laistigh di. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann dríodar a shocrú. A luaithe a shocraítear na dríodair, líontar an limistéar lonnaíochta sin le móin ansin agus feidhmíonn an urrann in aice láimhe mar an limistéar lonnaíochta le haghaidh na rití chun srutha ón roinn seo. Déanfar an próiseas sin a dhéanamh arís de réir mar a théann an obair ar aghaidh.	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Cinnteoidh seicheamhú agus dearadh tógála na limistéar deasctha ábhair go mbeidh tionchar diomaibhseach ar shruthchúrsaí cóngaracha. Mar chuid de CEMP forbraíodh plean maidir le creimeadh agus rialú dríodair a dhéileálann go sonrach leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag na limistéir deasctha ábhair agus tá sé sin faoi iamh in Aguisín A.7.5	
Riosca Tuilte ar Bhóthar Thuama an N83	Cuirfear limistéar stórála ar fáil ar an taobh thoir de Bhóthar Thuama an N83 chun an caillteanas stórála tuilte ó limistéar tuilte de thoradh báistí a mhaolú. Is mar seo a leanas atá na bearta maolaithe i gcomhair faoiseamh ó thuilte chun deireadh a chur leis an riosca i gcás tuilte agus an riosca i gcás tuilte atá ann cheana a laghdú sa limistéar seo (déan tagairt chomh maith do Fhíor 11.6 de Chaibidil 11 An Hidreolaíocht): - Cosc a chur ar an gcuid uasghrádaithe de Bhóthar Thuama an N83 ó dhoirteadh ó thuaidh isteach i gcabhsáin tithe atá i mbaol tuilte cheana féin trí: - Líonra draenála bóthair éifeachtach a uasghrádú agus a sholáthar feadh Bhóthar Thuama an N83 mar atá. Síneann an draenáil bóthair uasghrádaithe atá beartaithe don phíosa N83 ar feadh 780m - Draein idircheaptha a sholáthar chun an rith chun srutha tapa ó fhána an chnoic a thabhairt leis ón oirdheisceart ag sroicheadh Bhóthar Thuama an N83 - Soláthar d’insiothlú an draein idircheaptha seo le haghaidh na stoirmeacha báistí nach mbíonn chomh trom - An draein idircheaptha sin a nascadh leis an stóráil chúiteach tuilte atá beartaithe - An stóras tuilte a chailltear a chúiteamh trí stóráil chúitimh 8,030m³ i bhfoirm linn stórála saorga dronuilleach tochailte a sholáthar le hairde an bhoinn ag 16m OD agus airde leibhéal uisce le dearadh bairr de 17.5m OD - An stóras cúitimh sin a cheangal leis an limistéar stórála tuilte nádúrtha a luíonn íseal atá lonnaithe siar ó thuaidh den Tionscadal ionas go mbeidh an dá limistéar stórála nasctha ar bhonn hiodrálach trí thóchair - Soláthar a dhéanamh i gcomhair stáisiún pumpála buan agus an príomhlíonra a ardú ón tsaoráid stórála bia cúitimh atá beartaithe le scaoileadh chuig an séarach stoirme atá ann cheana le toilleadh pumpála 250l/s Déan tagairt chomh maith do Thábla 11.51 i gCaibidil 11, An Hidreolaíocht ina dtugtar cuntas ar na toirteanna stórála atá riachtanach don dobharcheantar le haghaidh raon tréimhsí athfhillte agus imeachtaí fad. - Is ionann an stóras tuilte riachtanach, le ráta pumpála de 0.25cumec (is é sin, 250l/s) ón linn stórála saorga, agus 20,700m³ le haghaidh an imeachta 100 bliain rud a mhéadaítear tuilleadh go 24,800m³ chun 20% athrú aeráide a chur san áireamh - Is éard atá sa stóras atá ar fáil a sholáthraítear sa linn stórála saorga ag barrleibhéal uisce de 17.5m OD ná stóras cúitimh de 8,030m³ agus tugann an stóras nádúrtha eile (leis an Tionscadal) a thugtar de 18,470m³ stóras tuilte iomlán ar fáil de 26,500m³, ar leor é chun an stóras riachtanas a chomhlíonadh agus a sháru.	Beidh tionchar iarmharach dearfach measartha go suntasach ar thuilte agus ar riosca tuilte ag ceantar Chlaí an Dá Mhíle ar Bhóthar Thuama an N83, toisc go laghdóidh an beart maolaithe atá beartaithe an riosca tuilte don bhóthar reatha agus do na sé theach atá fágtha. Mar sin féin beidh tionchair tuilte iarmharacha beaga diúltacha a bhaineann leis na bearta faoisimh ó thuilte ar an N83 fós ann: - Scaoilfear uisce tuilte isteach in Imchuach Thír Oileáin ag 250 l/s agus dá bharr sin tiocfaidh méadú beag ar leibhéil tuilte laistigh de chainéal Abhainn Thír Oileáin. Is tionchar fíorbheag é tionchar an sceite sin ar leibhéil thuilte in Imchuach Thír Oileáin ag léiriú mion-thionchar iarmharach buan ar leibhéil thuilte - Laghdófar an toilleadh atá ar fáil laistigh den séarach stoirme atá ann suite díreach ó dheas i bPáirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach (meastar go bhfuil an acmhainn tollta iomlán sa phíopa 900l/s agus dá bhrí sin, laghdóidh an scaoileadh uasta de 250l/s atá beartaithe an acmhainn atá ar fáil de 27% - meastar gur thionchar beag é sin - Riosca tuilte iarmharach ag Bhóthar Thuama an N83 a bhaineann le briseadh síos féideartha an stáisiúin pumpála uisce stoirme, agus blocáil an limistéir stórála agus draenacha agus sruthanna éalaithe gaolmhara. Meastar go bhfuil sé sin beag i bhfianaise cigireachtaí míosúla rialta atá beartaithe
Riosca Tuile	Úsáideadh bearta dearaidh i dTollán Leacaigh agus na limistéir deasctha ábhair chun riosca i gcás tuillte den N6 GCRR ag Tollán Leacaigh, a bhaineann leis an acmhainn le haghaidh maoschláir screamhuisce ardaithe atá níos measa fós de bharr linnte báistiúla laistigh den chairéal faoi na teagmhais tuile agus coinníollacha athraithe aeráide is foircní le 1000 bliain, a íoslaghdú. Tá ráta ag an riosca i gcás tuillte féideartha do Thollán Leacaigh roimh-mhaolú ina riosca measartha i gcás tuillte. Sa Phlean Freagartha do Theagmhais atá mar chuid de CEMP a áirítear in Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo agus a chuirfidh an Conraitheoir i gcrích tar éis a c(h)captha agus sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála, ionas go n-áireofar aon bheart breise atá de dhíth de bhun aon chinnidh chun formheas a dheonú, áireofar bainistiú riosca i gcás tuilte agus riosca comhshaoil i gcomhréir leis na gealltanais a léiríodh i gcaibidil 23 den TMTT nuashonraithe seo.	Tá riosca measartha i gcás tuillte féideartha do Thollán Leacaigh a bhaineann leis an acmhainn le haghaidh maoschláir screamhuisce ardaithe atá níos measa fós de bharr linnte báistiúla laistigh den chairéal faoi na teagmhais tuile agus coinníollacha athraithe aeráide is foircní le 1000 bliain. Trí chomhlíontacht leis an bPlean Freagartha do Theagmhais, atá mar chuid den CEMP a áiríodh in Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo, laghdófar an riosca iarmharacha go riosca beag.
Tírdhreach agus Amharc		
Glanadh suímh agus gníomhaíochtaí tógála	Beidh aird ag maolú na dtionchar tírdhreacha agus amhairc don Tionscadal ar an gcur chuige atá leagtha amach sna treoircháipéisí NRA/TII a leanas: - Treoir maidir le Cóireáil Tírdhreacha do Scéimeanna Náisiúnta Bóthair in Éirinn (2006) - Treoirlínte maidir Cóireáil Thírdhreacha do Scéimeanna Náisiúnta Bóthair in Éirinn a Chur i bhFeidhm (2012) - Treoirlínte maidir le Cosaint agus Caomhnú ar Chrainn, ar Fhálta Sceach agus ar Roschoill Sula dtógfar Scéimeanna Bóthair Náisiúnta, lena linn agus nuair a bheidh siad tógtha (2006) - Treoirlínte ar Bhainistiú Fiáilí Díobhálacha agus Speicis Planda Ionracha Neamhdhúchasacha ar Bhóithre Náisiúnta (Athbhreithniú 1, 2010)	Beidh tionchair iarmharacha shuntasacha ann le linn na tógála go dtí go leagfar síos na moltaí maolaithe tírdhreacha atá beartaithe agus de réir mar a éiríonn siad níos éifeachtaí

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Dearadh agus Seachadadh Cóireálacha Boga Tírdhreacha i dTimpeallachtaí Iompair Uirbeacha (2024) Cuirfear na cur chuigí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Treoir maidir le Cóireáil Tírdhreacha do Scéimeanna Náisiúnta Bóthair in Éirinn san áireamh i moltaí maolaithe tírdhreacha, go hairithe maidir le Caibidil 4: Comhcodanna de Thírdheach ar Thaobh an Bhóthair; Caibidil 5: Tosca Tíreolaíocha Ithreach; agus Caibidil 6: Cóireála Tírdhreacha. Mura luaitear a mhalaírt sa mhéid seo a leanas nó i gCaibidil 8, An Bhithéagsúlacht, beidh moltaí síolaithe agus curadóireachta, lena n-áirítear speicis agus cineál plandaithe de réir Chaibidil 6 de na Treoirlínte Tírdhreacha, agus iad oiriúnaithe mar is gá do na coinníollacha timpeallachta agus tírdhreacha áitiúla. Áirítear sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN) nuashonraithe an bhirt ábharthachta ar leith seo a leanas do chóireáil tírdhreacha an Tionscadail cóngarach do Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS): <i>“The seed/planting mix should not include either non-native invasive species at any location, nor within 250m of the SAC, negative indicator species for limestone pavement or calcareous grassland, including perennial rye grass, white clover, sycamore, beech and conifers. Within 100m of the SAC there will be control of other negative indicator species as listed by Wilson and Fernandez (2013), such as creeping thistle and ragwort, while the vegetation is establishing on the soft estate for two years post-seeding.”</i> Le linn chéim na tógála, cuirfidh an Conraitheoir an CEMP in Aguisín A.7.5 i gcrích agus glacfaidh sé/sí leis’. Beidh sé mar cheanglas de chuid an chonartha cloí leis an CEMP agus cinnteoidh sé sin go leantar dea-chleachtais oibre ionas go ndéanfar aon tionchair chomhshaoil suntasacha, diúltacha a éiríonn ón tógáil a íoslaghdú agus a bhainistiú. Chomh maith le míreanna eile, áirítear leis an CEMP an maolú atá leagtha síos laistigh den chaibidil seo agus ionchorpraítear na bearta seo mar chuid dá gcur i bhfeidhm. Cinnteoidh an maolú go ndéanfar monatóireacht leanúnach ar na hoibreacha faoin CEMP ionas go gcinnteofar go mbeidh dóthain cosanta ag limistéir lasmuigh de na hoibreacha tógála. Cinnteoidh bearta sonracha: - Go n-oibreoidh innealra suímh laistigh de limistéar tógála lorg an GCRR N6 atá beartaithe - Beidh limistéir stórála lonnaithe chun nach mbeidh aon tionchar breise acu ar mhaoín chónaithe atá ann cheana agus ar mhaoín eile, coillearnacha, crainn, fálta sceach, patrúin draenála, srl. - Cuirfear clársconsa soladach suímh a bheidh 2.0m ar airde ar a laghad ar fáil feadh na n-oibreacha tógála in aice le maoín chónaithe nó fiontais caitheamh aimsire - Cuirfear clársconsa soladach nó rud cosúil leis, a bheidh 2.0m ar airde ar a laghad ar fál feadh gach aon taobh de chompún tógála beartaithe, i gcás go bhfuil siad lonnaithe i bhfoisceacht 100m de mhaoine cónaithe - Déanfar díchoimisiúnú iomlán ar chompúin tógála agus déanfar iad a chur ar ais go dtí an riocht ina raibh siad roimh an tógáil ag deireadh an chonartha tógála mura bhfuil na limistéir sin sainaitheanta mar chúiteamh gnáthóige nó limistéir sil-leagain ábhar. - Ullmhófar taobh-fhánaí agus réimsí tírdhreacha eile feadh N6 CRR atá beartaithe i gcomhair salaithe, agus déanfar iad a shíolú agus/nó a chur chomh luath is a gheofar deis. Dá réir sin, d’fhéadfadh scóip a bheith ann chun tabhairt faoi limistéir móra síolaithe agus curadóireachta sula dtabharfar na hoibreacha tógála chun críche. Mar sin féin, mar gheall ar chláreagrú na tógála agus ar shrianta séasúracha, is dóigh freisin nach dtabharfar faoi mhór-oibreacha curadóireachta go dtí deireadh mhór-chéim na tógála i gCéim 2 den Tionscadal	
Oidhreacht Chultúrtha		
Gníomhaíochtaí tógála lena n-áirítear glanadh suímh agus oibreacha scartála	Tá na bearta maolaithe atá beartaithe don oidhreacht chultúrtha tugtha thíos agus mionsonraithe in Aguisín A.13.11: Achoimre de na láithreáin, struchtúir, tionchair fhéideartha go léir agus Caibidil 13 den TMTT nuashonraithe seo. Nuashonraíodh an straitéis mhaolaithe ó chaibidil TMTT 2018 chun aon athrú sa mheasúnú ar thionchar a d’eascair ó chur i bhfeidhm an mhodheolaíocht atá de dhíth laistigh de <i>Guidelines for Cultural Heritage Impact Assessment of TII National Road and Greenway Projects 2024</i> de chuid TII a léiriú. Tá na bearta maolaithe atá beartaithe do chéim na tógála mar seo a leanas: - Tabharfar faoin obair go léir mar chuid de Chonradh Seirbhísí Seandálaíochta Céim (i)-(iv) agus déanfar bainistiú agus maoirseacht air ag Seándálaí an Tionscadail arna ceapadh ag TII i gcomhairle le hInnealtóir an Tionscadail. Déanfar gach suirbhé, tástáil agus tochailt seandálaíochta roimh thús na tógála - Cuirfear clár suirbhé geofisicigh (más praiticiúil) i gcrích laistigh de lorg an Tionscadail sula ngabhfaidh an obair thógála ar aghaidh. Díreoidh sé sin ar limistéir úrnua agus ar limistéir nár cuireadh isteach orthu roimhe seo laistigh den Teorainn an Mheasúnaithe - I ndiaidh an tsuirbhé geofisicigh, beidh trinseáil thrialach seandálaíochta, a dhéanfar faoi Threoracha Aireachta i gcomhairle leis an DOHLGH agus Seándálaí an Tionscadail. Ag brath ar thorthaí na n-iniúchtaí, d’fhéadfadh go mbeidh maolú sa bhreis de dhíth amhail slánchoimeád le taifead nó in situ. Beidh gá le comhaontú ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta na DohLGH chun aon mhaolú breise a dhéanamh. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d’fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealach is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh - Déanfar an tochailt (slánchoimeád le taifead) ar gach láithreán seandálaíochta a thaifeadadh roimhe seo – i gcás ina dtiteann iad sin, go hiomlán nó i bpáirt, laistigh de lorg an Tionscadail – faoi Threoir Aireachta i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí an Tionscadail - Roimh an scartáil, déanfar suirbhé iomlán tomhaiste, i scríbhinn agus grianghrafadóireachta den teachín ceann tuí BH 12. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí é seo i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí an Tionscadail. - Déanfar taifead grianghrafadóireachta agus i scríbhinn mionsonraithe ar an tírdhreach diméin a bhaineann le Caisleán Mhionlaigh (DL 8), ag an Daingean Íochtarach (DL7) agus ag Teach Pháirc na Sceach (DL4) sula dtosófar ar thógáil an Tionscadail. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí é seo faoi Threoraithe an Aire i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí an Tionscadail. - Déanfar suirbhé i scríbhinn agus grianghrafadóireachta mionsonraithe ar gach láithreán Oidhreachta Cultúrtha (CH) atá liostaithe i dTábla 13.17 de Chaibidil 13 den TMTT nuashonraithe, ina bhfuil oidhreacht thógtha fós (chun tástáil trinsí a áireamh nuair is cuí). Déanfar é seo faoi Threoraithe an Aire i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí an Tionscadail. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d’fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealach is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh - Déanfar measúnuithe lapaireachta nó faoi uisce ag aon sruthchúrsa nádúrtha (AAPanna) a mbeidh tionchar ag an Tionscadal orthu ach a gcuirfidh an fhorbairt isteach ar a mbruacha nó a leapacha. Déanfar é seo faoi Threoraithe an Aire i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí an Tionscadail. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d’fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealach is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh - Beidh píosa ar bith de Theorainn Bhaile Fearainn a mbeidh tionchar ag an bhforbairt air faoi réir suirbhé i scríbhinn agus grianghrafadóireachta mionsonraithe (chun tástáil trinsí a áireamh nuair is cuí). Déanfar é seo faoi Threoraithe an Aire i gcomhairle leis an DoHLGH agus le Seándálaí Thionscadal TII. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d’fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealach is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh - I limistéar Shráidbhaile Chúil Each, déanfar na bearta maolaithe thuas i gcomhairle le hionadaithe ó chónaitheoirí Mhionlaigh-Chúil Each-Bhaile an Phoill-Bhaile an Dúlaigh.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Talmhaíocht		
Gníomhaíochtaí tógála	- Tabharfar rochtain don úinéir talún ar gach dáileacht talún scartha le linn thógáil an Tionscadail. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar an rochtain sin tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún - I gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthairtí uisce agus leictreachais reatha le linn chéim na tógála, cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil m.sh. umar uisce nó ductáil cáblaí leictreacha. Má chuirtear srian buan ar rochtain ar fhoinsí uisce óil dromchla soláthrófar soláthairtí eile (nó cúiteamh chun deis a thabhairt don fheirmeoir a thobar féin a dhruileáil) - Crochfar fál teorann oiriúnach chun líne theorainn don GCRR N6 beartaithe a idirdhealú agus ionas nach gcuirfear isteach ar thalamh cóngarach - Ceapfar príomh-theagmhálaí le linn chéim na tógála chun cumarsáid a éascú idir na húinéirí talún a bheidh i gceist agus chun an t-atheagrú a dhéanfaidh feirmeoirí ar fhiontair feirme a éascú le linn tréimhsí criticiúla - Tabharfar fógra roimh ré d’úinéirí talún a bhfuil talamh acu cóngarach do shuíomhanna ar a dtarlóidh briseadh cloch, pléascadh nó píleáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin - Íoslaghdófar na tionchair ar cháilíocht an uisce trí bhithin clár beart maolaithe le haghaidh foinsí uisce dromchla agus screamhuisce mar atá tuairiscithe sna codanna thuas ar Hidrigeolaíocht agus Hidreolaíocht - Íoslaghdófar scaipeadh deannaigh anuas ar thalamh in aice láimhe trí bhearta maolaithe atá leagtha síos sa chuid thíos ar Cháilíocht an Aeir. Go hiondúil, ní bhíonn an tionchar a bhíonn ag deannach ar bheostoc ar féarach suntasach - I gcás ina n-athraítear sruth éalaithe draenála go sealadach nó go mblocáiltear nó go ndéantar damáiste do dhraenacha talún coinneofar sruth éalaithe draenála a bheith dóthanach agus deiseofar draenacha ar an talamh - Fostóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe saineolaí eachaí nó cleachtóir tréidliachta ar feadh ré an chonartha tógála - Déanfar dearadh agus tógáil na stáblaí sealadacha agus na stáblaí buana atá beartaithe do Ráschúrsa na Gaillimhe i gcomhairle le Bord Rialála Rásaíochta Capall na hÉireann (Rásaíocht Capall Éireann HRI) - Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith i dteagmháil le Coiste Rásaíochta na Gaillimhe maidir le haon cheadú a dheonaítear a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann sé le Ráschúrsa na Gaillimhe - Pionna eallaigh a chur ar fáil a chur in ionad an phionna eallaigh atá ann cheana féin ag dáileacht 571	Beidh an 41 meántionchar tógála, na 39 tionchar Suntasacha, na 8 dtionchar an-suntasacha agus 4 thionchar dhíobhálacha fós ann agus láimhseálfar iad mar chuid den phróiseas fála talún agus comhaontófar iad níos déanaí le luachálaí. Ní cuid den phróiseas MTT é an cúiteamh agus dá bhrí sin ní bhreithnítear tuilleadh é.
Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta		
Ionaid réadmhaoine	- Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d’Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbheálfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áititheoirí na dtithe cónaithe agus na maoine tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbhreithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an Fógra Gnóthaíochta a sheirbheáil de réir fhorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/í an t-eadránaí maoine a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra Gnóhaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfaidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin, cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin - I gcás ina bhfuil tionchar ar an rochtain reatha ar réadmhaoin, cuirfear é sin ar ais nó cuirfear rochtain mhalartach ar fáil. - I gcás go bhfaighfear píosa réadmhaoine nó talún atá timpeall ar réadmhaoin, tá bealaí isteach iomchuí deartha agus tógfar cóireáil teorann iomchuí. - Scoilteann an N6 GCRR atá beartaithe saoráidí Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe. Le linn na tógála, coinneofar rochtain theoranta ar fud an limistéir tógála ag saoráidí Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe i gcónaí - Trasnaíonn N6 GCRR atá beartaithe an puball spóirt reatha agus dá bharr sin, bíonn tionchair dhíreacha acu ar an gceann thiar. Déanfar seicheamhú ar na mionathruithe tógála amhail go gcoimeádtar rochtain ar agus úsáid an phailliúin le linn chéim na tógála an N6 GCRR atá beartaithe - Le linn thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, soláthrófar rochtain mhalartach feadh bhruach Abhainn na Gaillimhe - Dearadh na hoibreacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe, atá á mheas in iarratas pleanála ar leith ach atá mar chuid den Tionscadal, chun aon chur isteach ar ghnáthghnó Ráschúrsa na Gaillimhe a mhaolú le linn thógáil chuid bóthair an Tionscadal. Mar a mhaíodh cheana, cuirfear stáblaí sealadacha ar fáil do Ráschúrsa na Gaillimhe nuair a bheidh GCRR N6 atá beartaithe á tógáil go dtí go mbeidh Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe críochnaithe agus nuair a bheidh an N6 GCRR oibríochtúil. Cuirfear stáblaí buana ar fáil ansin nuair a bheidh tógáil an N6 GCRR atá beartaithe curtha i gcrích. - Mar gheall ar bhearta maolaithe faoi mar atá mionsonraithe i gcomhaontuithe oibreacha cóiríochta aonair, cosúil le cóireáil teorann, bealaí isteach i dtithe, suirbhéanna ar riochtaí maoine (mar atá i gcás Torann agus Creathadh), ductáil a sholáthar chun seirbhísí a éascú, rochtain a chothabháil le linn na tógála agus míreanna eile, cuirfear deireadh le tionchair a bhaineann le maoine a bhfuil páirt-thógáil talún i gceist leo. Beidh na bearta cúiteacha as cailteanas talún, foirgneamh agus díobhálacha eile ina gcuid den phróiseas fála talún agus comhaontófar é níos déanaí le luachálaí. Ní cuid den phróiseas MTT é an cúiteamh agus dá bhrí sin ní bhreithnítear tuilleadh é - Dáileacht talún 607 – Balla teorann nua os comhair cloiche a thógáil ag tosach na maoine feadh an N84 atá ann cheana go dtí airde 1.8m, céibheanna go dtí an bealach isteach, geataí frithchaiteacha torainn a chur san áireamh agus cabhsa a athghrádú - Dáileacht 666 – Bealach isteach intíre nua a thógáil ag tosach na réadmhaoine feadh an N83 atá ann cheana ar bhonn comhchosúil agus é socraithe siar 5m ó imeall an charrbhealaigh - Cuirfear geata iontrála allamuigh breise ar fáil ó AR4/05 chun freastal ar chlós na feirme i ndáileacht talún 216 - Beidh an balla teorann cloiche nua le haghaidh plota 125 1.5m ar airde - Beidh an balla nua teorann cloiche do dháileacht talún 493 ag teacht le hairde an bhalla teorann tosaigh atá ann cheana - Beidh an balla teorann cloiche nua do dháileacht talún 523 comhoiriúnach leis an mballa atá ann cheana feadh an Chiorcláin Bhóthair agus beidh sé 2.0m ar airde feadh an bhóthair rochtana AR08/02 - Bainfear an teorainn agus an bealach rochtana atá ann faoi láthair do dháileacht talún 131 ar Bhóthar Foraí Maola agus tógfar balla nua cloiche 1.5m ar airde os cionn leibhéal na talún de réir na mionsonraí caighdeánacha GCRR-SK-C0-001 - Go dtí teorainn thuaidh na maoine, sínfidh an balla cloiche go 2.0m ar airde os cionn leibhéal na talún. Tógfar rochtain nua 4.0m ar an taobh ó thuaidh den réadmhaoin ó Bhóthar Na Foraí Maola go Bóthar Ceangail Troscaigh Theas. Tógfar an rochtain seo de réir na sonraí caighdeánacha CC-SCD-02753. Cuimseoidh an bóthar rochtana nua rochtain allamuigh nua ar CC-SCD-02754 agus geata allamuigh aonair ar CC-SCD-00309 - Tógfar balla coinneála cloiche le post adhmaid agus fál iarnróid suite ar a bharr mar a shonraítear in GCRR-SK-C-004 feadh theorainn an limistéir taispeána de dháileacht talún 668 in aice le Bóthar N83 Thuama. Cuirfear balla cloiche 1.2m ar fáil ar feadh an mhéid atá fágtha de Bhóthar N83 Thuama, is é sin, ó imeall theas an limistéir taispeána. Is éard atá sa chóireáil teorann bheartaithe atá fágtha le haghaidh na dtailte post adhmaid agus fálú iarnróid, arna ndéanamh i gcomhréir le Mionsonra Caighdeánach TII CC-SCD-00301, ó dheas ón dáileacht agus fálú slándála Paladin timpeall ar na linnte cóireála beartaithe	Tá na tionchair iarmharacha ó na tionchair an-suntasacha/suntasacha, 54 réadmhaoin chónaithe, ocht réadmhaoin thráchtála agus suíomh cónaithe amháin, a gheofar agus/nó a dhéanfar a scartáil chun freastal ar an N6 GCRR atá beartaithe, fós ina dtionchair an-suntasacha/suntasacha toisc nach féidir iad a mhaolú chun an tionchar a laghdú. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar iarmharach tar éis an chúitimh toisc go bhfuil an cúiteamh atá le comhaontú mar chuid de fháil na talún lasmuigh de raon feidhme an phróisis MTT. Cuirfidh bearta maolaithe mar atá mionsonraithe i gcomhaontuithe aonair ar oibreacha cóiríochta deireadh leis na tionchair iarmharacha a bhaineann leis na réadmhaoine lena mbaineann páirt-thógáil talún. Níl aon tionchar iarmharach ar thithe cónaithe óna bhfaighfear cuid den chiseal bóthair nó ar sheirbhísí nó ar bhonneagar seirbhísí. Is féidir na tionchair iarmharacha ar Champas Spóirt OnaG ó thaobh na sócmhainní ábhartha de a laghdú ó An-Suntasach mar a measadh in 2018 go Measartha leis an maolú breise atá daingnithe ag OnaG agus faoina smacht mar seo a leanas: - Tá plean nua campais spóirt agus straitéis do champas spóirt an Daingin ag teacht le fis fhoriomlán straitéiseach spóirt na hOllscoile - Bainfear na páirceanna spóirt atá ann agus cuirfear páirceanna imeartha nua ina n-ionad ag a bhfuil cead pleanála daingnithe ina leith - Tá spás ann d’fhóntais, bóithre agus bealaí rochtana agus imeachta timpeall an campais agus comhtháthaítear iad in ailíniú an N6 GCRR atá beartaithe Ní mór suíomh tírdhreacha an champais atá ann a fhorbairt chun éifeachtaí físiúla Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe a scáthú ó na páirceanna thart orthu agus ní mór saoráidí tacaíochta coimhdeacha amhail páirceáil charranna agus saoráidí

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Soláthrófar rochtain ar na tailte iarmharacha ar phlásán 729, in aice le hAcomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach, trí bhóthar rochtana AR 15/05. Soláthrófar rochtain aonréimse de réir Sonraí Caighdeánacha TII CC-SCD-02754 le geata slándála Paladin - Tógfar comharthaíocht ag maoin 668 le linn na tógála chun a chinntiú go bhfuil an suíomh iontrála feiceálach agus so-aitheanta - Tógfar comharthaíocht nua don ghnó ag maoin 668 tar éis na tógála, in ionad na comharthaíochta atá ann cheana - Cuirfear geata rochtana páirce amháin ar fáil do bhóthar rochtana AR4/05 - Beidh an balla cloiche feadh theorainn dáileachta talún 521 in aice le bóthar rochtana AR 08/01 2.0m ar airde - Bóthar rochtana AR 07/07 le gaisteáil agus le glasáil le heochair curtha ar fáil d'úinéirí réadmhaoine 486 agus 272_462 - Cóireálacha teorann agus rochtain de réir Fíoranna 5.5.1 go 5.5.30	feistis a athmhúnlú i ndiaidh chur chun críche an N6 GCRR atá beartaithe. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar iarmharach ar Champs Spóirt Ollscoil na Gaillimhe tar éis an chúitimh toisc go bhfuil an cúiteamh atá le comhaontú mar chuid d’fháil na talún lasmuigh de raon feidhme an phróisis MTT. Beidh tionchar iarmharach dearfach ar Ráschúrsa na Gaillimhe le rochtain fheabhsaithe ar an áitreabh agus clós nua stáblaí curtha ar fáil.
Seirbhísí/Fóntais	Tá gach ceann de mhalairtí treo na bhfóntas atá ceangailte leis an Tionscadal pleanáilte le rannpháirtíocht mhionsonraithe leanúnach le soláthraithe fóntais ábhartha le linn ullmhú na TMTT nuashonraithe seo. Leanfar den rannpháirtíocht sin roimh chéimeanna na tógála agus lena linn. Rinneadh measúnú ar gach malairt slí ó thaobh tógála de, ach freisin ó thaobh oibríochta de. I gcás ina mbeidh tionchar ar an mbonneagar do sholáthraithe seirbhíse, cuirfear é sin ar mhalairt slí nó cuirfear ar ais é de réir cheanglais na soláthraithe seirbhíse roimh an tógáil. Tabharfar fógra roimh ré d’úsáideoirí seirbhíse maidir le haon chur isteach sealadach nó aon bhriseadh cumhachta a chaithfear a dhéanamh mar gheall ar na hoibreacha tógála. Beidh an cur isteach ar sheirbhísí nó an briseadh cumhachta pleanáilte go cúramach ionas nach dtarlóidh siad ach ar feadh achar gearr. Athnascfar an soláthar uisce poiblí agus na córais uisce bhréin a bheidh i gceist. Déanfar na malairtí slí riachtanacha go léir de réir cheanglais an údaráis áitiúil agus Uisce Éireann. I gcás ina mbeidh tionchar ar sholáthairtí uisce óil príobháideacha, cuirfear tobar nua nó soláthar malartach uisce nó cúiteamh airgid ar fáil nuair a chaillfear an tobar. Comhaontóidh an luachálaí an maolú de bharr cur isteach ar umair sheipteacha níos déanaí.	Ní bheidh aon tionchair iarmharacha shuntasacha ann
Cáilíocht an Aeir		
Cáilíocht an Aeir	Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas chun feidhme le haghaidh chéim na tógála de chuid an Tionscadail, chun an riosca deannaigh a bhaineann le scartáil, tógáil, créfoirt agus rianú amach a laghdú, i gcomhréir le treoraíocht IAQM. Déan tagairt don Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) in Aguisín A.7.5 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi mhaolú chéim na tógála. Cuirfear gach beart i bhfeidhm ina iomlán ag an conraitheoir ceaptha. Bearta a Bhaineann go Sonrach le gach Suíomh: Cumarsáid - Plean cumarsáide le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail sula gcuirtear tús leis an obair ar an láthair - Taispeáin ainm agus sonraí teagmhála an duine/na ndaoine atá freagrach as cáilíocht an aeir agus saincheisteanna deannaigh ar theorainn an láithreáin. D’fhéadfadh an bainisteoir comhshaoil/an t-innealtóir comhshaoil nó lucht bainistíochta a bheith i gceist leis sin - Sonraí teagmhála na ceannoifige nó na hoifige réigiúnaí a thaispeáint Bainistíocht an Láithreáin - Gach gearán faoi dheannach agus cáilíocht an aeir a thaifeadadh, an chúis/na cúiseanna a aithint, tabhairt faoi na bearta iomchuí chun astaíochtaí a laghdú go tráthúil, agus na bearta a glacadh a thaifeadadh - Cuir loga na ngearán ar fáil don údarás áitiúil nuair a iarrtar sin orthu - Aon teagmhas eisceachtúil a chúisíonn astaíochtaí deannaigh agus/nó aeir, cibé acu ar an láthair nó as an láthair agus an ghníomh a ghlacadh chun é a réiteach a thaifeadadh sa logleabhar - Cruinnithe teagmhála rialta a reáchtáil le láithreáin tógála ardriosca eile laistigh den 250 m d’Achar Teorann an Tionscadail, chun a chinntiú go ndéantar pleananna a chomhordú agus go ndéantar astaíochtaí deannaigh agus ábhair cháithninigh a íoslaghdú. Tá sé tábhachtach idirghníomhaíochtaí an iompair/seachadtaí as an láthair a d’fhéadfadh na bealaí gréasáin bóithre straitéiseacha céanna a úsáid a thuiscint Monatóireacht - Tabhairt faoi iniúchadh laethúil ar an láthair agus as an láthair, sa chás go bhfuil gabhdóirí (lena n-áirítear bóithre) in aice láimhe, chun monatóireacht a dhéanamh ar dheannach, chun torthaí iniúchta a thaifeadadh, agus chun an loga a chur ar fáil don údarás áitiúil nuair a iarrtar sin orthu. Áireofar leis sin seiceálacha rialta ar dhromchlaí amhail troscán sráide, carranna agus leaca fuinneogae laistigh de 100m d’Achar Teorann an Tionscadail, agus beidh glanadh le soláthar más gá - Tá sé beartaithe monatóireacht a dhéanamh ar cháithníní (PM10 agus PM2.5) ag na gabhdóirí íogaire is gaire in aghaidh na gaoithe agus le gaoth de na hoibreacha tógála san áit inar sainaithníodh gabhdóirí íogaire i laistigh de 25m de na hoibreacha. Beidh an clár monatóireachta ar bun nuair a bheidh oibreacha is dóigh a chruthóidh deannach á gcur i gcrích. Tabharfaidh an mhonatóireacht deis comparáid dhíreach a dhéanamh le caighdeáin cháilíochta aeir PM10 agus PM2.5 ar bhonn laethúil - Déanfar monatóireacht ar theistíocht deannaigh ag roinnt suíomhanna gar don Tionscadal. Ar a laghad, déanfar monatóireacht ag an dá ghabhdóir éiceolaíocha is gaire ag suíomhanna ina bhfuil oibreacha ag tarlú laistigh de 250m. Déanfar monatóireacht leis an modh Bergerhoff, is é sin, anailís ar chrúscaí bailithe deannaigh a fhágfar ar an suíomh (German Standard VDI 2119, 1972). Cuirfear na torthaí i gcomparáid le treoirlínte TA Luft. Déanfar monatóireacht ar shil-leagan deannaigh ar feadh mí amháin ar a laghad sula gcuirfear tús leis na hoibreacha d’fhonn bonnlíne a leagan síos. - Iniúchtaí rialta láithreáin a dhéanamh, torthaí iniúchta a thaifeadadh, agus loga iniúchta a chur ar fáil don údarás áitiúil nuair a iarrtar sin orthu - Minicíocht na gcigireachtaí láithreáin ag an duine atá freagrach as cáilíocht an aeir agus saincheisteanna deannaigh ar an láthair a mhéadú nuair a bhíonn gníomhaíochtaí a bhfuil ardacmhainneacht iontu deannach a tháirgeadh á ndéanamh agus le linn dálaí fada tirime nó gaofara An Láithreán a Ullmhú agus a Chothabháil - Pleanáil leagan amach an láithreáin ionas go mbeidh innealra agus deannach is cúis le gníomhaíochtaí suite ar shiúl ó ghabhdóirí, a mhéid is féidir - Cuirfear scáileáin deannaigh soladacha i bhfeidhm in áiteanna ina bhfuil gabhdóirí íogaire suite laistigh de 100m de na hoibreacha. Ina theannta sin, cuirfear scáileán deannaigh 2m ar fáil ag na suíomhanna sna ceantair ina bhfuil forluí idir an N6 GCRR atá beartaithe agus LCS (Caomhnú) Loch Coirib - Láithreán nó oibríochtaí sonracha a chur faoi iamh go hiomlán i gcás ina bhfuil ardacmhainneacht ann maidir le deannach a tháirgeadh agus ina bhfuil an láithreán gníomhach ar feadh tréimhse fhada	Ní dócha go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Seachain rith chun srutha uisce nó láibe ar an láthair - Fálú láithreáin, bacainní agus scafall a choinneáil glan trí mhodhanna fliucha a úsáid - Bain ábhair a bhfuil sé de chumas acu deannach a tháirgeadh ón láithreán a luaithe is féidir, mura n-athúsáidtear iad ar an láithreán. Má tá siad á n-athúsáid ar an láthair, cuir clúdach orthu de réir mar a thuairiscítear thíos - Clúdach, síol nó stoc-chairn fál chun fuipeadh gaoithe a chosc Feithicil/Innealra Oibriúcháin agus Taisteal Inbhuanaithe - A chinntiú go múchann gach feithicil innill agus iad ina stad - gan aon fheithicil réchasta - Úsáid gineadóirí faoi thiomáint díosail nó peitрил a sheachaint agus úsáid a bhaint as leictreachas príomhlíonra nó trealamh faoi thiomáint ceallraí nuair is indéanta - Teorainn luais uasta 20km/u a fhorchur agus a chur in iúl ar bhóithre dola agus ar limistéir oibre nach bhfuil dromchla orthu (má tá bealaí cianaistir de dhíth féadfar na luasanna sin a mhéadú le bearta rialaithe breise oiriúnacha ar fáil, faoi réir cheadú an ghnóthaire ainmnithe agus le comhaontú an údaráis áitiúil, i gcás inarb iomchuí) Oibriochtaí - Ná húsáid ach trealamh gearrtha, meilte nó sáfa atá feistithe nó i gcomhcheangal le teicnící oiriúnacha sochta deannaigh amhail spraeanna uisce nó astarraingt áitiúil, m.sh. córais aerála sceite áitiúla oiriúnacha - Soláthar uisce leordhóthanach ar an láithreán a chinntiú le haghaidh sochtadh/maolú éifeachtach ábhair deannaigh/ cháithnínigh, agus úsáid á baint as uisce neamh-inólta nuair is féidir agus nuair is iomchuí - Úsáid siúiteanna agus iompróirí iata agus scipeanna clúdaithe - Airdí titime ó iompróirí, sluaistí lódála, crannóga agus trealamh lódála nó láimhseála eile a íoslaghdú agus spraeanna mínuisce a úsáid ar threalamh den sórt sin nuair is iomchuí - A chinntiú go bhfuil trealamh ar fáil go héasca ar an láthair chun aon doirteadh tirim a ghlanadh, agus doirteadh a ghlanadh suas a luaithe is indéanta le réasún tar éis an imeachta trí mhodhanna glantacháin fhliuch a úsáid Beart a bhaineann go sonrach le scartáil - A chinntiú go n-úsáidtear sochtadh éifeachtach uisce le linn oibriochtaí scartála - Cuir i mála agus bain aon smionagar bitheolaíoch nó taisligh ábhar den sórt sin sula scartáiltear é Beart a bhaineann go sonrach le créfoirt - Créoibreacha agus limistéir nochta/stoc-chairn ithreach a athfhásrú chun dromchlaí a chobhsú a luaithe is féidir - Bain úsáid as Hessian, mótaí nó rianaitheoirí i gcás nach féidir athfhásra nó clúdach le barrithreach, a luaithe is indéanta - Ná bain an clúdach ach i gceantair bheaga le linn na hoibre agus ní go léir ag an am céanna Beart a bhaineann go sonrach leis an tógáil - A áirithiú go stóráiltear gaineamh agus comhiomláin eile i limistéir bunda agus nach gceadaítear iad a thriomú amach, mura bhfuil gá leis sin le haghaidh próiseas ar leith, agus sa chás sin a áirithiú go bhfuil bearta rialaithe breise iomchuí i bhfeidhm - A áirithiú go ndéantar bulc-stroighin agus ábhair phúdair mhín eile a sheachadadh i dtancaeir iata agus a stóráil i sadhlanna ina bhfuil córais rialaithe astaíochtaí oiriúnacha chun éalú ábhair agus rólíonadh le linn seachadta a chosc Beart a bhaineann go sonrach le rianú amach - Bain úsáid as inneall (innill) glanta deannaigh uiscechuidithe ar an rochtain agus ar na bóithre áitiúla, chun aon ábhar a rianaítear amach as an láithreán a bhaint, de réir mar is gá. D'fhéadfadh go mbeadh gá le húsáid leanúnach an innill glanta. - Seachain scuabadh tirim ar limistéir mhóra - A chinntiú go gclúdaítear feithiclí a thagann isteach agus a fhágann láithreáin chun éalú ábhar le linn iompair a chosc - Féachaint ar bhealaí dola ar an láthair ar mhaithe le sláine agus na deisiúcháin is gá a dhéanamh ar an dromchla a luaithe is indéanta le réasún - Taifead na n-iniúchtaí uile ar bhealaí tarlaithe agus aon ghníomhaíocht ina dhiaidh sin i logleabhar láithreáin - Bealaí dola dromchla crua a shuiteáil, a dhéantar a mhaolú go rialta le córais spréite fosaithe nó soghluaiste, nó bogha uisce soghluaiste agus a ghlantar go rialta - Córas níocháin rotha a chur chun feidhme (le greillí rothlaim chun deannach agus láib charntha a dhíbirt sula bhfágfaidh siad an láithreán nuair is indéanta le réasún) - A chinntiú go bhfuil achar leordhóthanach de bhóthar dromchlaithe crua idir an tsaoráid níocháin rotha agus bealach amach an láithreáin, cibé áit a gceadaíonn méid agus leagan amach an láithreáin é - Rochtain a fháil ar gheataí 10 m ar a laghad ó ghabhdóirí nuair is féidir	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Aeráid		
Aeráid	Cuimsíodh sraith de bhearta maolaithe i ndearadh na tógála d’fhonn an carbón corpraithe a bhaineann le céim na tógála de chuid an Tionscadail a laghdú. Áirítear leis na bearta sin: - Coincréit ina bhfuil stroighin Portland a ionadú le coincréit ina bhfuil slaig foinnéise soinneáin ghránaithe meilte (GGBS). Mar thoradh ar an mbeart sin, meastar go sábhálfar thart ar 1,034 tona CO₂eq sa dearadh atá ann faoi láthair (50% de stroighin mar GGBS) den Tionscadal - Úsáid cruach arb é atá inti 70% ar a laghad de chruach athchúrsáilte - Íoslaghdóidh an Tionscadal diomailt ábhar mar gheall ar dhrochuainiú nó ró-ordú ar an láithreán agus ar an gcaoi sin, cuideoidh sé le lorg carbóin corpraithe an Tionscadail a íoslaghdú, féach Caibidil 20 An Bhainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní - I gcás inarb indéanta, ionchorprófar deiseanna le haghaidh athúsáid ábhar laistigh de mhéid an Tionscadail lena n-áirítear úsáid asfailt mhínghlanta agus comhiomlán athchúrsáilte - I gcás inarb indéanta, gheofar ábhair go háitiúil chun na hastaíochtaí corpraithe a bhaineann le hiompar a laghdú Iarrfar ar an gConraitheoir Córas Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm fad is a mhairfidh na hoibreacha. Áireofar iad seo a leanas ar a laghad leis sin: - Úsáidfear rialuithe teirmeastatacha ar gach córas teasa i bhfoirgnimh suímh - Úsáidfear struchtúir thógála shealadacha inslithe - Úsáidfear trealamh ísealfhuinnimh agus feidhmeanna coigilte cumhachta ar gach ríomhchóras - Úsáidfear feistis sconnaí agus cithfholcthaí ar shreabhadh íseal - Úsáidfear cumhacht na gréine/theirmeach chun uisce a théamh le haghaidh na saoráidí leasa ar an suíomh cosúil le doirtil agus cithfholcthaí. Ina theannta sin, i mí Meithimh 2024, chuir Rialtas na hÉireann treoir soláthair ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun laghdú an charbóin chorpraithe a chur chun cinn i dtionscadail tógála agus in ábhair thógála a fhaigheann tacaíocht phoiblí. Áirítear ar na bearta sin na nithe seo a leanas nach mór cloí leo le linn phróiseas soláthair an Tionscadail: - Go ginearálta, ba cheart a shonrú i dtáirgí coincréite, lena n-áirítear táirgí doirte nó réamhtheilgte, athsholáthar clincir 30% ar a laghad, i gcomhréir le IS EN 206, ach amháin i gcás ina dtugann gairmí atá cáilithe go cuí údar teicniúil chun sástacht an tsoláthróra - Níor cheart do chomhlachtaí poiblí táirgí stroighne ardcharbóin CEM I a sholáthar, ná a úsáid i dtionscadail tógála a tháirgtear go poiblí, ach amháin i gcás ina dtugann gairmí atá cáilithe go cuí údar teicniúil chun sástacht an tsoláthróra - Ba cheart do chomhlachtaí poiblí Dearbhú Comhshaoil maidir le Táirgí a lorg, de réir chaighdeán EN 15804, nó a choibhéis agus táirgí stroighne nó coincréite á soláthar go díreach acu. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí dearbhú maidir le nochtadh comhchosúil a lorg, i gcás ina bhfuil soláthar ábhar á bhainistiú ag páirtí ar conradh. Nuair atá sé ar fáil, ba cheart do chomhlachtaí poiblí Dearbhú Feidhmíochta agus Comhlíontachta a éileamh faoin Rialachán maidir le Táirgí Tógála - Comhlachtaí poiblí a sholáthraíonn tionscadail bhonneagair (tógáil seachas foirgnimh) a fhaigheann cistiú ón státchiste de bhreis ar €60 milliún, ba cheart dóibh measúnú ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ar Feadh na Saolré Iomláine a tháirgeadh nó a sholáthar dá dtionscadal. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí an mhodheolaíocht is iomchuí agus is infhaighte a shainaithint chun a áirithiú go ndéanfar carbón corpraithe an tionscadail a cheistiú go hiomchuí, agus go mbeidh sé infheidhme maidir leis an mbonneagar nó leis an gcineál tionscadail Tá Plean Bainistíochta Tráchta Tógála (CTMP) san áireamh in Aguisín A.7.5. Beidh tionchar ag na bearta a leagadh amach sa phlean seo ar thuilleadh laghdaithe astaíochtaí carbón. - Níl aon mhonatóireacht ag teastáil le linn chéim na tógála.	Faoi réir ag Caighdeán Aeráide TII, ba cheart tionchar an Tionscadail a mheas bunaithe ar a shaolré iomlán. Bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i gCaibidil 17 den TMTT nuashonraithe seo, táthar ag súil go mbeidh drochthionchar buan measartha ag an Tionscadal ar an aeráid le linn a shaolré.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Torann agus Creathadh		
An Torann	Tá bearta maolaithe do chéim na tógála leagtha amach thíos chun na tionchair fhéideartha a laghdú a mhéid is praiticiúil go dtí laistigh de na spriocanna deartha a glacadh maidir le torann agus creathadh. Saineofar na critéir maidir leis an torann tógála a gcaithfidh na hoibreacha tógála a oibriú laistigh dóibh go soiléir i gcáipéis an chonartha atá cuimsithe i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh. Beidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir a bheidh i mbun thógáil na n-oibreacha bearta sainiúla um laghdú torainn a dhéanamh agus cloífidh sé leis an dea-chleachtas atá leagtha amach in BS 5228-1 (2009+A1:2014) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astaíocht Torainn ó Threalamh lena Úsáid Lasmuigh), 2001. Cinnteofar an méid seo a leanas leis na bearta: - Ní bheidh cead ag gléasra ar bith a úsáidtear ar an láithreán bheith ina núis phoiblí leanúnach de dheasca torainn - Bainfear leas as an modh is fearr agus is féidir, lena n-áirítear cothabháil chuí an ghléasra, chun an torann a chruthóidh oibriochtaí láithreáin a íoslaghdú - Beidh na feithiclí go léir agus an gléasra meicniúil go léir feisithe le ciúnadóirí sceite éifeachtúla agus coinneofar i mbail mhaith oibre iad ar feadh thréimhse an chonartha - Beidh na comhbhrúiteoirí ina samhla caolaithe a bheidh feistithe le clúdaigh fhuaimne a bheith líneáilte agus séalaithe mar is cuí agus a choinneofar dúnta nuair a bheidh na meaisíní in úsáid agus beidh na huirlisí neomatacha coimhdeacha ar fad feisithe le ciúnadóirí oiriúnacha - Dúnfar innealra a úsáidfear go headrannach nó déanfar iad a mhaolú go dtí an méid is ísle nuair nach mbeidh siad in úsáid - Gléasra ar bith, amhail gineadóirí nó caidéil, a bheidh le hoibriú roimh 7rn nó i ndiaidh 7in, cuirfear fál fuaime nó scáthlán in-iompartha thart orthu. - Le linn an chláir tógála, beidh ar an gConraitheoir na hoibreacha a bhainistiú ionas go gcloífidh siad leis na teorainneacha atá mionsonraithe i dTábla 18.2 de Chaibidil 18, Torann agus Creathadh, ag baint úsáide as na modhanna atá leagtha amach in BS 5228-1 (2009+A1 2014) Áirítear in BS 5228 -1 (2009+A1 2014) treoir maidir le roinnt gnéithe de na cleachtais láithreán tógála, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: - Gléasra ciúin a roghnú - Foinsí torainn a rialú - Sciathadh - Uaireanta na hoibre - Idirchaidreamh leis an bpobal - Monatóireacht Tá nóta tráchta eile ar na míreanna sin ar fáil sna codanna seo a leanas agus in Aguisín A.18.3, ach beidh bearta rialaithe sonracha a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála arna ndéanamh ag an gConraitheoir leagtha amach laistigh de phlean bainistíochta torainn agus creatha na tógála. Áirítear ar na bearta rialaithe torainn a bhreithneofar sa phlean, gléasra ciúin a roghnú, fálta agus scáthláin a chur thart ar fhoinsí torainn, na huaireanta oibre a theorannú agus monatóireacht a dhéanamh ar an torann. Tá tuilleadh eolais maidir leis na bearta sin curtha ar fáil thíos. Beidh sé ceangailte ar an gConraitheoir tuartha ar thorann na tógála a dhéanamh sula gcuirfear tús leis na hoibreacha agus na bearta rialaithe torainn cuí a chur i bhfeidhm ag brath ar an leibhéal laghdaithe torainn a theastóidh ag suíomh amháin ar bith. Gléasra Ciúin a Roghnú Déanfar measúnú ar fhéidearthacht baill ghléasra ar bith chun torann a chruthú sula dtabharfar an piosa chuig an láithreán. Roghnófar an ball gléasra is lú torann nuair is féidir. Má fhaightear go gcruthaíonn ball áirithe gléasra atá ar an láithreán cheana ardleibhéil torainn, an chéad rud a dhéanfar ná a fháil amach an féidir nó nach féidir ball eile níos ciúine a chur in aonad an bhaill sin. Le haghaidh gléasra ina stad amhail comhbhrúiteoirí agus gineadóirí a úsáidtear ag láithreacha oibre amhail campúin tógála srl., cuirfear fálta fuaime dílsithe an déantóra ar fáil sna hionaid nuair is féidir. Déanfaidh an conraitheoir measúnú ar an rogha do phléaíl, tochailt, briseadh agus modh eile oibre agus cuirfidh sé na dálaí éagsúla talún agus srianta láithreáin san áireamh. Nuair is féidir, i gcás go bhfuil trealamh eile ann a chruthaíonn torann níos ísle agus lena mbainfí amach, sna dálaí talún faoi leith, torthaí comhionanna struchtúir / tochailte / briste ón taobh eacnamaíoch de, roghnófar iad sin chun an cur isteach féideartha a íoslaghdú. Beidh an cinneadh maidir leis an gcineál píleála, teicníce tochailte, briste carraigeacha, basctha srl. a úsáidfear ar láithreán rialaithe de ghnáth de réir srianta innealtóireachta, comhshaoil eile. Sna cásanna sin, d’fhéadfadh sé nach mbeifí ábalta ar chúiseanna teicniúla próiseas níos ciúine a chur in ionad próiseas torannach (m.sh. píleáil tollta rothlach thar philí saíte). Fiú nuair is indéanta, má ghlactar modh níos ciúine d’fhéadfaí an próiseas foriomlán a fhadú (m.sh. briseadh carraigeacha de láimh i leith pléasctha); agus is é an glantoradh a bheadh air sin nach gá go mbeadh an cur isteach foriomlán a dhéanfaí ar an bpobal laghdaithe. Nótaí Tráchta Ginearálta maidir le Rialú Torainn ag an bhFoinse Murar rogha inmharthana nó phraiticiúil é ball gléasra torannach a athsholáthar, breithneofar ar rialú torainn “ag an bhfoinse”. Is éard atá i gceist leis sin mionathrú a dhéanamh ar bhall gléasra, nó modhanna laghdaithe fuaime níos fearr a chur i bhfeidhm i gcomhairliúchán leis an soláthróir nó an úsáid dea-chleachtais um láimhseáil trealaimh agus ábhar chun torann a laghdú. I ngníomh, d’fhéadfaí gá bheith le cothromaíocht a aimsiú idir úsáid na dteicnící ar fad atá ar fáil agus na costais mar thoradh ar amhlaidh a dhéanamh. Tá sé beartaithe mar sin an coincheap “<i>Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil</i>” a ghlacadh, faoi mar a shainítear i dTreoir CE 96/61. Sa chomhthéacs sin ciallaíonn “is fearr” agus “<i>an teicníc is éifeachtúla chun ardleibhéal ginearálta cosanta an chomhshaoil ina iomláine a bhaint amach</i>”. Ciallaíonn an nath “<i>na teicnící atá ar fáil</i>” agus “<i>na teicnící sin a fhorbraítear ar scála lena gcumasaítear cur chun feidhme..., faoi dhálaí atá inmharthana ón taobh eacnamaíoch agus teicniúil de, ag cur san áireamh na costais agus na buntáistí, cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar na teicnící a úsáid nó a tháirgeadh laistigh den Stát, ar an gcoinníoll go bhfuil sé ar fáil le réasún don oibreoir a bhfuil an ghníomhaíocht á déanamh aige</i>”. Cuimsítear sa téarma “<i>teicnící</i>” agus “<i>an teicneolaíocht a úsáidtear agus an dóigh a ndéantar an tsuiteáil a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú</i>”. Dá réir sin, le coincheap na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil teastaíonn cothromaíocht a aimsiú idir na tairbhí comhshaoil a bhaint amach agus na himpleachtaí costais a d’fhéadfadh bheith ann. Nuair atá na Teicnící is Fearr atá ar Fáil á sainaithint, tabharfar aird ar réimse leathan tosca, ach cuirfear béim ar an “<i>oiriúnacht phraiticiúil</i>” agus an gá le “<i>hastáíocht agus a tionchar ar an gcomhshaoil ina iomláine a laghdú</i>”. Déanfar measúnú ar theicnící beartaithe chomh maith i bhfianaise a n-éifeachta féideartha ar shábháilteacht agus sláinte cheirde. Bainean an treoir imlíne seo a leanas le teicnící praiticiúla rialaithe torainn ag an bhfoinse a bhaineann le breithnithe sonracha láithreáin, a ndearnadh athbhreithniú agus nuashonrú orthu ó bhí TMTT 2018 ann:	Nuair atá na bearta maolaithe éagsúla i bhfeidhm, beidh na tionchair torainn a bhaineann le céim na tógála diúltach, ní suntasach agus sealadach go gearrthéarma, go tionchar diúltach, suntasach agus sealadach go gearrthéarmach.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Maidir le gléasra statach amhail comhbhrúiteoirí, gineadóirí, mótais, caidéil, beidh na haonaid timpeallaithe ag titim fuaimiúil nó iata laistigh d’imfháluithe fuaimiúla a sholáthraíonn aeráil acir, de réir mar is gá, chun a áirithiú nach sárófar CNTanna - I gcás inarb indéanta, úsáidfear trealamh a chumhachtaítear le leictreachas príomhlíonra de rogha ar threalamh a chumhachtaítear le hinnill dócháin inmheánaigh nó le leictreachas a ghintear go háitiúil - Maidir le baill gléasraí soghluaiste amhail craenacha, dumpairí, tochtaltóirí agus lódairí, is féidir le suiteáil sceite fuaime agus/nó cothabháil painéal fáлта a bhíonn dúnta le linn an oibriúcháin leibhéil torainn a laghdú suas le 10dB. Déanfar gléasra soghluaiste a chasadh as nuair nach bhfuiltear in úsáid agus ní fhágfar díomhaoin é - Maidir le gléasra píleála, is féidir laghdú torainn a bhaint amach tríd an gcóras tiomáinte a chur isteach i gcumhdach fuaime. Maidir le torann leanúnach seasmhach, amhail torann a chruthaíonn innill díosail, is féidir an torann a astaítear a laghdú trí chóras ciúnadóra sceite níos éifeachtaí a fheistiú nó ceannbhrat fuaime úsáid in áit an ghnáthchumhdaigh innill - Maidir le huirlisí cnagtha amhail bristeoirí coincréite neomatacha, druilirí carraige agus uirlisí áirítear ar líon beart rialaithe torainn tostóir nó trealamh laghdaithe fuaime a fheistiú ar ‘uirlis’ an bhristeora agus a chinntiú go ndéanfar ligean ar bith sna haerlínthe a shéalú. Scáthláin áitiúla a thógáil thart ar bhristeoir nó ar bhéalmhír druilire nuair a oibrítear iad gar do theorainneacha torann-íogaire agus cineálacha oiriúnacha eile laghdaithe torainn - Leathanbhanda a bheidh i gceist le haláraim droim ar ais ó ghléasra soghluaiste laistigh de chomhdhúile móra tógála (m.sh. limistéir ina bhfuil gearradh fairsing), chun eilimintí tonacha ón bhfoinse seo a laghdú - Déanfar gléasra soghluaiste agus stáisiúnach a mhúchadh nó a scoigeadh ar ais go dtí íosmhéid nuair nach bhfuil sé in úsáid (innill, mótais agus gineadóirí). Ní cheadófar do leoraithe, trucaílí ná feithiclí coincréite scuaine a dhéanamh ar chomhdhúile lasmuigh den láithreán agus innill fágtha réchasta. Beidh ar fheithiclí tógála i limistéir choinneála leoraithe a n-innill a mhúchadh agus iad ina stad - Maidir le measthóirí coincréite, bainfear leas as bearta rialaithe le linn glantacháin lena chinntiú nach ndéanfar casúireacht ríogach ag druma an mheascthóra - Maidir le láimhseáil uile na n-ábhar, cinnteoidh an conraitheoir go mbeidh na bearta rialaithe torainn láithreáin dea-chleachtais curtha chun feidhme lena n-áirítear a chinntiú nach dtitfidh ábhair ó airdí iomarcacha agus go mbeidh fánáin scaoilte/dumpairí línithe le hábhair athléimneacha. Is breithniú tábhachtach é sin le haghaidh campúin láithreáin áit a lódáiltear agus a dílódáiltear ábhair. Cuimseofar dianbheartas um rialú torainn a bhaineann le láimhseáil ábhar sna campúin láithreáin gar do limistéir torann-íogaire (féach Tábla 18.15 de Chaibidil 18, Torann agus Creathadh) - Is féidir éifeachtaí athshondais in obair phainéil nó plátaí cumhdaigh a laghdú trí champúin mhaolúcháin a stalcadh nó a chur i bhfeidhm; is féidir torainn ghliogair agus dhíoscánacha a rialú trí ábhair athléimneacha a fheistiú idir na dromchla a bheidh i dteagmháil lena chéile - Is féidir fáлта indíghléasta a úsáid chomh maith chun scáthlán a chur thart ar oibreoirí a úsáideann uirlisí láimhe agus is féidir iad a bhogadh thart ar an láithreán de réir mar is gá - Déanfar cothabháil rialta ar gach ball gléasra. Leis an gcothabháil sin is féidir méaduithe ar bith ar thorann gléasra neamhriachtanach a chosc agus d’fhéadfadh sé éifeachtúlacht na mbeart rialaithe torainn a fhadú Sciathadh Modh éifeachtach is ea sciathadh de ghnáth chun an leibhéal torainn ag suíomh glacadóra a laghdú agus is féidir é a úsáid go rathúil mar bheart bhreise le cineálacha eile rialaithe torainn. Braithfidh éifeachtúlacht scáthláin torainn ar airde agus fad an scáthláin, ar a mhais, agus ar a shuíomh i gcoibhneas leis an bhfoinse agus leis an nglacadóir. Ba cheart go mbeadh fad an scáthláin, i ngníomh, cúig oiread na hairde ar a laghad, ach má bhíonn gá le codanna níos gairide casfar bairr an scáthláin thart ar an bhfoinse. Sonraítear in BS 5228-1 (2009+A1 2014) gur cheart an scáthlán a chur chomh gar agus is féidir don fhoinse nó don ghlacadóir ar láithreáin chothroma. Tógfar an bhacainn ionas nach mbeidh bearnaí nó oscailtí ar bith ag ailt in ábhar an scáthláin. I bhformhór na gcásanna praiticiúla bíonn éifeachtúlacht an scáthláin teoranta ag an tarchur fuaime thar bharr na bacainne seachas an tarchur tríd an mbacainn féin. I ngníomh, tabharfar feidhmíocht dhóthanach shlán inslíthe le scáthláin a thógtar le hábhair ag a bhfuil mais in aghaidh an aonad d’achar dromchla níos mó ná 10 kg/m². Mar shampla, trí bhalla clár láithreáin tógála 2.4m ar airde a úsáid soláthrófar leibhéal dóthanach de sciathadh torainn nuair a bheidh sé suiteáilte ag suíomh oiriúnach idir an fhoinse agus an glacadóir. Soláthraítear in Iarscríbhinn B de BS 5228-1 (2009+A1:2014) (Fíoracha B1, B2 agus B3) gnáthshonraí maidir le scáthláin, botháin, agus fáлта fuaime sealadacha agus shoghluaiste ar féidir iad a thógáil ar an láithreán ó ghnáthábhair. Lena chois sin, breithneofar ar phleanáil chúramach leagan amach an láithreáin chomh maith. Laistigh de champúin láithreáin, má bhíonn foirgnimh láithreáin amhail oifigí agus siopaí suite idir an láithreán agus suíomhanna íogaire is féidir leibhéal maith sciata torainn a chur ar fáil. Mar an gcéanna, i roinnt cásanna is féidir le hábhair amhail barrithir nó comhlán feadh bhealach an N6 GCRR atá beartaithe méid áirithe sciata torainn a chur ar fáil má chuirtear idir an fhoinse agus an glacadóir é. Uaireanta na hOibre Beidh an ghníomhaíocht tógála ar siúl den chuid is mó le linn uaireanta an lae ón Luan go dtí an Aoine agus an Satharn (féach Cuid 18.4.1.5 de Chaibidil 18, Torann agus Creathadh). Ag brath ar leibhéil na n-astaíochtaí torainn agus an tionchar torainn gaolmhar a bheidh ann, beidh an Conraitheoir solúbtha agus beidh sé ábalta oibreacha áirithe a dhéanamh ag uaireanta nuair nach mbeidh réadmhaoine sa chomharsanacht chomh íogair i leith torainn. Beidh gá le ragobair (lena n-áirítear an deireadh seachtaine) agus meithleacha oíche a dhéanamh ag céimeanna criticiúla áirithe le linn an tionscadail. Thar chéim na tógála atá tuartha, beidh suas le 10 seachtaine d’obair san oíche i gceist feadh chodanna éagsúla an N6 GCRR atá beartaithe chun oibreacha droichid thar bhóithre atá ann a éascú go príomha. Breathnófar ar sceidealú na ngníomhaíochtaí ar bhealach a thiocfaidh le suíomh an láithreáin agus cineál na réadmhaoine sa chomharsanacht. Breathnófar ar gach gníomhaíocht/imeacht a d’fhéadfadh a bheith torannach de réir a fhiúntais aonair agus déanfar iad a sceidealú de réir a leibhéil torainn, a ghairdeachta do shuíomhanna íogaire agus roghanna féideartha le haghaidh rialú torainn. I gcásanna ina mbeidh gníomhaíochtaí an-torannach sceidealaithe m.sh. gníomhaíochtaí atá sainaitheanta i dTábla 18.14, Caibidil 18, Torann agus Creathadh (briseadh carraigeach/bascadh/píleáil tionchair srl.) nó gníomhaíochtaí eile ar leibhéal torainn comhchosúil, déanfar úsáid gníomhaíochtaí eile ar an láithreán a sceidealú chun leibhéil torainn charmtha a rialú. Idirchaidreamh leis an bPobal Ar ghnáthláithreáin tógála bóithre, bíonn na mórfhoinsí torainn móibíleach go bunúsach agus dá réir sin beidh an torann a gheofar ag pointí rialaithe ar bith éagsúil ó lá go lá de réir má théann an obair chun cinn. Bíonn an tréimhse do phíleáil, tochailt, briseadh agus oibreacha nó gníomhaíochtaí ard-torainn nó ardchreatha eile gairid de ghnáth i gcoibhneas le fad na hoibre tógála ina hiomláine, agus ní fhéadfadh an méid ama a chaitear ag obair gar do limistéir íogaire ach bheith ina chuid den tréimhse fhoriomlán. Tá sé tábhachtach, dá réir sin, go mbunófar cineálacha soiléire cumarsáide idir an conraitheoir agus limistéir torann-íogaire in aice láimhe ionas go mbeidh na cónaitheoirí nó áititheoirí na bhfoirgneamh feasach faoi fhad na ngníomhaíochtaí ar dócha go gcruthóidh siad torann nó creathadh níos airde. Áirítear sna limistéir ar leith torann-íogaire, sa chás go bhfuil cumarsáid faoi na hoibreacha sceidealaithe de dhíth, na scoileanna agus tithe altranais in aice láimhe áiteanna ina bhfuil aird agus suaimhneas le linn an lae tábhachtach. Beidh príomhréimsí cumarsáide de dhíth le linn pléasctha, briste, agus gnéithe eile de ghníomhaíocht ar ardhthorann le tréimhsí féideartha ar dócha go sárófar deich lá nó níos mó in aon tréimhse 15 lá i ndiaidh a chéile. Ceapfar oifigeach idirchaidrimh torainn ainmnithe ar an láithreán le linn na n-oibreacha tógála. Déanfaidh an t-oifigeach idirchaidrimh gach gearán faoi thorann a thaifeadadh agus a fhiosrú go pras. Monatóireacht	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Le linn chéim na tógála, déanfar monatóireacht torainn ag na suíomhanna íogaire is gaire lena chinntiú nach sárófar teorainneacha an torainn tógála atá leagtha amach i dTábla 18.2 de Chaibidil 17, Torann agus Creathadh. Déanfar an mhonatóireacht torainn i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ISO 1996: <i>Acoustics – Description, measurement and assessment of environmental noise</i> Cuid 1 (2016) agus Cuid 2 (2017). Beidh rogha na suíomhanna monatóireachta bunaithe ar na foirgnimh íogaire is gaire don limistéar oibre a rachaidh ar aghaidh feadh fhad na tógála bóthair. Tá sé molta go ndéanfar iniúchtaí rialaithe torainn ag eatraimh rialta le linn chlár na tógála i gcomhar le monatóireacht ar thorann. Is é an cuspóir a bheidh leis na hiniúchtaí a chinntiú go bhfuil na bearta cuí uile á ndéanamh chun astaíochtaí torainn tógála a rialú agus chun deiseanna a shainaithint le haghaidh feabhais, nuair is gá.	

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
An Pléascadh agus an Róbhrú Aeir	Tá sé deacair róbhrú aeir ó phléasc a rialú i ngeall ar a inathraitheacht, ach, is féidir a lán rudaí a dhéanamh chun an éifeacht a laghdú agus an dearadh pléisce a rialú ag an bhfoinse. I gcomhthéacs rialú an deartha pléisce, gheofar treoir shainiúil ó na moltaí atá cuimsithe laistigh de BS 5228-2 (2009+A1:2014) maidir le hoibríochtaí pléisce chomh maith le teicnící rialaithe pléisce a bhfuil taithí orthu arna n-úsáid ag an gconraitheoir. De réir TMTT 2018, áireofar cuid díobh seo a leanas leo sin: - Cuirfidh conraitheoirí atá oilte go gairmiúil an pléascadh go léir i gcrích. - Srian ar na huaireanta inar féidir pléascadh a chur i gcrích (09:00 – 18:00) - Déanfar pléascanna trialach a thástáil i limistéir nach bhfuil chomh íogair chun cuidiú le dearaí pléisce agus criosanna féideartha tionchair a shainaithint - Déanfar lánáin phléascacha a shrianadh go cuí trí mhéid dóthanach coiscthe - Cinnteoigh conraitheoir an phléascetha nach n-úsáidfear ach an méid is lú de chorda maidhmitheach, agus nach mbeidh corda maidhmitheach ar bith suite os cionn na talún. - Déanfar próifiliú i ndiaidh gach pléisce lena chinntiú gur féidir geoiméadracht an éadain charraige a dhearbhu, rud a chumasóidh an t-ualach agus an spásáil is fearr a chuirfear i bhfeidhm do phléascanna ina dhiaidh sin. - Beidh breithnithe speisialta ag taisteal maidir le dearadh, cur i gcrích nó críochnú pléascetha ar bith laistigh de 150 méadar de struchtúr atá ann. Áireofar leis sin suirbhéanna struchtúracha réamhbhaile agus iarbhaile a dhéanfaidh innealtóir struchtúrach inniúil - Déanfar creathadh talún agus róbhrú aeir (AOP) a thaifeadadh go comhuaineach le haghaidh gach pléisce ag na suíomhanna is íogaire, ag brath ar an limistéar oibreacha a bheidh á phléascadh - Nuair a bhogfar an pléascadh go limistéar nua, déanfar pléasc ar leibhéal íseal ar dtús (is é sin, Uaslánán Láithreach íseal (MIC)) agus déanfar monatóireacht go comhuaineach ag roinnt réadmhaoine íogaire i dtreonna difriúla chun graif achair scálaithe faoi leith a chruthú - Bainfear úsáid as na graif achair scálaithe chun an MIC is fearr a dhearbhu do limistéir phléascanna ina dhiaidh sin chun creathadh agus teorainneacha AOP faoi na huasluachanna ábhartha a rialú (de réir mar atá leagtha amach i gCuid 18.2.1 de Chaibidil 18, An Torann agus An Creathadh) ag na foirgnimh íogaire is gaire Ar aon dul leis an dea-chleachtas tá bearta maolaithe ó fhoinsí creatha, dea-chaidreamh cumarsáide agus poiblí ina bpríomhthoisce maidir le héifeachtaí geiteach do chónaitheoirí a laghdú. Sa chás sin, cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí chun feidhme sula dtosófar oibreacha pléascetha ar bith. I gcásanna dá leithéid, de réir TMTT 2018, beartaítear na bearta maolaithe molta seo a leanas: - Tabharfar fógra do chónaitheoirí ábhartha in aice láimhe sula gcuirfear tús le hobair nó pléascadh ar bith (e.g. fógra i scríbhinn 24 uair an chloig ar a laghad) - Cuirfear adhaint pléascanna i gcrích, nuair is féidir, ag amanna comhchosúla chun éifeacht ‘geiteach’ a laghdú - Eiseofar imlîtreacha leanúnacha ina gcuirfear daoine ar an eolas faoi dhul chun cinn na n-oibreacha pléascetha - Coinneoidh an conraitheoir cur chun feidhme nós imeachta gearán taifeadta - Tabharfaidh comhlachtaí seachtracha faoi úsáid monatóireachta neamhspleáiche chun torthaí a fhíorú	Nuair atá na bearta maolaithe éagsúla i bhfeidhm, beidh na tionchair torainn a bhaineann le céim na tógála diúltach, ní suntasach agus sealadach go gearrthéarma, go tionchar diúltach, suntasach agus sealadach go gearrthéarmach. Cé go bhfuil leibhéil ardtorainn ag baint le pléascadh aonair, tá na héifeachtaí ar feadh tamaillín agus beidh na dearthaí pléascetha rialaithe go dian chun a chinntiú go bhfuil na leibhéil AOP agus PPV laistigh den na luachanna teorainn sainithe. Cuirfidh an fhoirm sin briste carraige dlús le leibhéal astarraingthe carraige in aon suíomh amháin agus mar sin, laghdófar amanna nochtá foriomlána agus tionchair fhoriomlána. Nuair a mheastar go bhfuil leibhéil torainn na tógála agus fad na n-oibreacha ag teacht le DMRB Torainn agus Creathaidh (UKHA 2020), ní bheidh leibhéil torainn iarmharacha Chéim na Tógála suntasach.
An Creathadh	I dTreoirlínte TII, moltar lena chinntiú nach bhféadfadh damáiste creatha ar bith tarlú le linn na tógála, gur cheart creathadh ó na gníomhaíochtaí tógála a theorannú go dtí na luachanna atá leagtha amach i dTábla 18.4, Caibidil 18, Torann agus Creathadh. Ar athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil chreatha dhóchúla a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála, d’fhéadfaí a chinneadh nach bhfuitlear ag dréim le tógáil an Tionscadail bheith ina chúis le creathadh a bheidh an-ionsáiteach nó a d’fhéadfadh bheith ina chúis le damáiste struchtúrach nó cosmaideach d’fhoirgnimh. I gcás leibhéil chreatha bheith ina gcúis le míchompord daoine, chun na tionchair sin a íoslaghdú, cuirfear na bearta seo a leanas chun feidhme le linn thréimhse na tógála: - Bunófar clár cumarsáide soiléir chun áititheoirí foirgneamh ina aice láimhe a chur ar an eolas roimh oibreacha ionsáiteacha féideartha ar bith a d’fhéadfadh bheith ina gcúis le leibhéil chreatha ar dócha dóibh na leibhéil inbhraite a shárú. Déanfar cineál agus fad na n-oibreacha a leagan amach go soiléir sna himlîtreacha cumarsáide ar fad - Bainfear úsáid as modhanna oibre agus/nó baill ghléasra eile nach bhfuil chomh dian, nuair is féidir - Cuirfear aonrú cuí creatha i bhfeidhm ar an ngléasra, nuair is féidir - Suiteálfar trinsí scoite chun conair tarchuir an chreatha a aonrú nuair is gá - I gcás oibreacha píleála nó scartála tionchair mar shampla, breathnófar ar laghdú a dhéanamh ar an bhfuinneamh ionchuir in aghaidh an séidte nuair is gá - Déanfar monatóireacht ag foirgnimh íogaire a sainaitníodh, i gcás go bhféadfadh na hoibreacha atá beartaithe na huasluachanna creatha a shroicheadh nó a shárú Suirbhéanna ar Bhail Réadmhaoine Tairgfear suirbhéanna ar bhail réadmhaoine do gach foirgneamh laistigh de 50m ó Theorainn an Mheasúnaithe agus na foirgnimh laistigh de 150m de na hoibreacha pléascetha atá beartaithe feadh an N6 GCRR atá beartaithe. Déanfar suirbhéanna ar bhail réadmhaoine chomh maith ag foirgnimh agus struchtúir a measfar iad a bheith cuí i gcoibhneas lena ngaireacht do na hoibreacha. Déanfaidh Suirbhéir Cairte nó Innealtóir Struchtúrach Cairte na suirbhéanna sin ar bhail réadmhaoine. Déanfar na suirbhéanna ar bhail réadmhaoine, faoi réir chomhaontú i scríbhinn na n-úinéirí réadmhaoine ábhartha, ina dhá chéim mar a leanas: - bainfidh an chéad chéim le suirbhéanna baile réamhthógála lena n-áirítear taifid ghrianghrafadóireachta a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an tógáil - bainfidh an dara céim le suirbhéanna baile iarthógála lena n-áireofar taifid ghrianghrafadóireachta Déanfar suirbhé ar riocht réadmhaoine ag an teachín tuí i Sráidbhaile Chúil Each, Mionlach agus ag M&M Qualtech, Páirc Ghnó na Páirce Móire. Cur isteach ar Threalamh agus ar Phróisis atá An-Íogair i leith Creatha Sainaithníodh suíomh gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh bheith íogair i leith creatha do shaoaráidí déantúsaíochta laistigh de Pháirceanna Gnó na Páirce Móire agus an Ráschúrsa. Tá an suíomh sin gar do limistéar ina mbeidh pléascadh ar siúl mar chuid den tollán atá beartaithe i mBaile an Bhriotaigh. An cineál is éifeachtaí maolaithe don chineál sin próisis íogair ná trí chomhairliúchán leanúnach a dhéanamh leis na húinéirí réadmhaoine de réir mar a théann dearadh agus tógáil an tionscadail chun cinn. Bainfidh sé sin le monatóireacht ar chreathadh bonnline agus úsáid a bhaint as pléascanna trialach ag baint úsáide as lánán ar leibhéal íseal ar dtús le bearta creatha a bheidh á ndéanamh go comhuaineach ag an bhfoirgneamh. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis sin le leibhéil chreatha inghlactha don tsaoráid a chinneadh i dtaca le híogaireacht an trealaimh oibriúcháin. Le torthaí an mheasúnaithe trialacha ansin leagfar síos uasluachanna comhaontaithe cuí ag an tsaoráid lena mbaineann ar a ndéanfar monatóireacht le linn pléascanna nó modheolaíochta	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	tochailte eile ina dhiaidh sin. I gcás nár cinneadh teorainn shábháilte ar bith, déanfar uainiú agus sceidealú na bpléascanna i gcomhar leis an tsaoráid nuair nach bhfuil oibríochtaí íogaire ar bith ar siúl. Ag cur san áireamh an tréimhse ghairid ama ina ndéantar pléasc aonair (is é sin, cúpla soicind), meastar go bhfuil an cur chuige sin indéanta. Áireofar M&M Qualtech ar liosta na n-úinéirí réadmhaoine a rachfar i gcomhairle leo de réir mar a théann dearadh agus tógáil an Tionscadail ar aghaidh, go háirithe maidir le dátaí briste agus pléasctha carraige agus an plean mionsonraithe bainistíochta tráchta dá gceantar. Déanfar monatóireacht ar chreathadh ag a gcuid maoine sa Pháirc Mhór. Cuirfear na cónaitheoirí i limistéar Mhionlaigh-Chúil Each-Bhaile an Phoill-Bhaile an Dúlaigh ar an eolas faoi aon phléascadh atá beartaithe sula ndéanfar an pléascadh, de réir mar a leagtar amach i Roinn 13.1 de CEMP in Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo agus in Aguisín C den RTN nuashonraithe. Déanfaidh an Conraitheoir idirchaidreamh leis an oibreoir do Chairéal Chlaí an Dá Mhíle i ndáil leis an sceideal pléasctha don N6 GCRR atá beartaithe agus leis an sceideal pléasctha don chairéal. Áiritheoidh an Conraitheoir nach ndéanfar an pléascadh idir Bóthar na Scoile agus an N84 an tráth céanna (i gcomhthráth) a dhéanfar an pléascadh i gCairéal Chlaí an Dá Mhíle.	
An Daonra agus an tSláinte		
An Daonra	Ba cheart an chuid seo a léamh i gcomhar le Táblaí 19.13 agus 19.14 i gCaibidil 19 den TMTT nuashonraithe seo, ina sonraítear bearta sonracha atá beartaithe maidir le tionchair soheacnamaíochta féideartha. Tá go leor de na bearta sin curtha san áireamh i ndearadh an Tionscadail. Airítear orthu soláthar na saoráidí trasnaithe ag acomhail Bhóthar na bhForaí Maola, Bhóthar Throscaigh, Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn L1321, Bhóthar na Ceapaí agus Bhóthar Bhaile an Mhóinín chun éascú le trasbhealaí do choisithe agus/nó rothaithe den N6 GCRR atá beartaithe. Tá saoráidí trasnaithe do choisithe beartaithe freisin ag an áit a chríochnaíonn Acomhal Thuaidh Bhóthar Ceangail an N59 ag Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Acomhal Bhóthar na Sceach) agus ag na ceangailtí ag na sliosbhóithre le hAcomhal Bhóthar Áth Cinn an N84. Tá bealaí rothair beartaithe chun éascú le rochtain ar pháirceanna Lána Miller agus Gort na Bró agus ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84. Tugadh roinnt gealltanais le linn éisteacht ó bhéal 2020 agus tá siad san áireamh thíos agus inaitheanta le réiltín. Tá na bearta sonracha maolaithe seo a leanas beartaithe chun feabhas a chur ar thaitneamhacht turais agus chun scaradh a íoslaghdú: - Áiseanna trasrianta coisithe a sholáthar ag acomhail idir an N6 GCRR molta agus le mionbhóithre a fhreastalaíonn ar phobail tuaithe áitiúla - Sciathadh sealadach amhairc agus torainn a chur ar fáil ó oibreacha tógála ag reilig Shéipéal San Séamas i bPáirc na Sceach agus ag Scoil San Séamas, Páirc na Sceach - Íocfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe as cóiríocht mhalartach chomhchosúil do theaghlach Kerin (Ard na Locha) a athchóireofar le linn thréimhse 9 mí na n-oibreacha talún ag an N59.* - Déanfar na geataí stairiúla atá ann cheana ag an mbealach isteach chuig Eastát Achadh an Churraigh a bhaint, a stóráil agus a chur suas ag an mbealach isteach tosaigh nuair a bheidh siad críochnaithe, ag tabhairt faoi deara nach bhfuil na geataí maisiúla seo dúnta faoi láthair agus nach ndúnfaidh siad agus nach guimseoidh siad leithead nua an bhealaigh isteach. - Áis trasrianta coisithe a sholáthar ag Acomhal Pháirc na Toise le Nascbhóthar Thuaidh an N59 le linn tógála - Cuirfear raon rothar 2m ar fáil ó Thimpeallán Ghort na Bró go Gael Scoil Mhic Amhlaigh ar an dá thaobh - Cuirfear rian rothaíochta dhá bhealach ar fáil ó Ghaelscoil Mhic Amhlaigh go Bóthar Rathúin ar imeall thoir Bhóthar Ghort na Bró - Scaradh fadaithe ar bith a sheachaint agus an tréimhse úsáide ag trácht na tógála ag an Seanbhóthar a íoslaghdú - Soláthar a dhéanamh do rochtain mhalartach feadh bhruach Abhainn na Gaillimhe, mar aon le réamhchomhairle a thabhairt do dhaoine a bheidh ag siúl, má bhíonn feidhm le srianta rochtana i ngeall ar thógáil an droichid coisithe. Coinneofar rochtain shábháilte ar fud an láithreáin tógála laistigh de Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe ar feadh ré an chonartha tógála - Déanfar na modhnuithe ar an bPuball Spóirt ag Campas Spóirt OnaG mar oibreacha cumasúcháin le linn thréimhse an tsamhraidh sula gcuirfear tús le tógáil an N6 GCRR atá beartaithe* - Coinneofar áiseanna leasa ag an bPuball Spóirt ag Campas Spóirt OnaG ar fud na n-oibreacha tógála - Chun idirnasca a chinntiú le haghaidh OnaG tar éis an tógáil a chríochnú, cuirfidh GCC ceart slí ar fáil don OnaG chun na tailte faoin tarbhealach atá beartaithe a úsáid chun críocha spóirt/lúthchleasa trí léas fada* - Oibreacha tógála a chéimniú chun tionchair ar imeachtaí rásaíochta ag Ráschúrsa na Gaillimhe a íoslaghdú - Tógfar comharthaíocht ag maoín 668 le linn na tógála chun a chinntiú go bhfuil an suíomh iontrála feiceálach agus so-aitheanta. - Bainfear an chomharthaíocht reatha ag réadmhaoín 668 ar Bhóthar Thuama an N83, agus cuirfear suas é ag an áitreabh nuair a bheidh sé críochnaithe. - Áiseanna trasrianta coisithe a sholáthar ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 le linn tógála - Cosán a chur ar fáil laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe feadh Bhóthar na Scoile, an Caisleán Gearr - Comharthaíocht treo a chur ar fáil do Pháirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise, lena n-áirítear cead díoltóireachta carranna atá suite ansin le linn chéim na tógála - Comharthaíocht treo a chur ar fáil ar rochtain ar an gcead díoltóireachta carranna agus Lárionad Sórtála An Post ar N83 le linn na tógála - Bearta a ghlacadh lena chinntiú nach n-úsáidtear cul-de-sacanna nó tailte in aice láimhe le haghaidh páirceáil mhídhleathach le linn na tógála - Suiteálfar crosaire coisithe ag an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh sula gcuirfear tús le hoibreacha tógála chun an glasbhealach a chothabháil. Coimeádfaidh an conraitheoir an trasnú coisithe sin ar feadh ré na n-oibreacha. Beidh srian luais 15km/u ar an mbóthar rochtana isteach i gcomhdhúil an láithreáin ag Cairéal Leacaigh ar feadh ré na n-oibreacha Leagtar amach thuas i Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíocha na bearta maolaithe atá molta do shaoráidí Campas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe agus Ráschúrsa na Gaillimhe.	Beidh tionchar iarmharach suntasach ann mar thoradh ar scartáil 44 áit chónaithe agus ceannach 10 n-áit chónaithe na ndaoine a bheidh páirteach sa phróiseas ceannaigh éigeantaigh ach sláine na bpobal a bheidh fágtha ina ndiaidh ó thaobh a bhféiniúlachta de. Beidh tionchar iarmharach suntasach ar an dá sholáthróir tógálaithe atá le fáil chomh maith. Leagtar amach thuas i Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíocha na tionchair iarmharacha ar Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe agus Ráschúrsa na Gaillimhe.
An Ghaeilge	Is iad seo a leanas na bearta maolaithe atá beartaithe chun an Ghaeilge a chosaint: - Le linn na tógála, soláthrófar gach fógra poiblí agus gach nuashonrú ar thionscadail phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla araon - Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh an chumarsáid ó lá go lá a bhainfidh le tógáil an tionscadail trí mheán an Bhéarla, beidh sé de chumas ag an bPríomhchonraitheoir an chumarsáid agus an comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus acmhainní foirne dóthanacha agus comhréireacha a thabhairt chun plé le haon duine ar mian leis comhfhreagras agus cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. - Luafar logainmneacha de réir an Ordaithe Logainmneacha iomchuí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú).	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Sláinte an Duine	Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d’Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbhéalfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áitiitheoirí na dtithe cónaithe agus na maoine tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbheithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an Fógra Gnóthaíochta a sheirbheáil de réir thorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/i an t-eadránaí maoine a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra	Tá na tionchair iarmharacha suntasacha dóchúla ar na réadmhaoine sin atá le ceannach nó le scartáil mar atá siad le haghaidh an daonra thuas.

Foinse / Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Gnóhaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfáidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin. Tá bearta maolaithe molta do cháilíocht an aeir ionchasaigh, torann, uisce, ithreacha agus tírdhreach agus radharc sonraithe thuas sna codanna faoi seach. Déanfar cur chun feidhme na mbeart maolaithe sin, astaíochtaí, lena n-áirítear aer agus torann a rialú go dóthanach lena chinntiú nach mbeidh éifeacht dhíobhálach ar bith ar shláinte an duine.	
An Bhainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola		
An Bhainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola	Leagadh amach raon bearta maolaithe thíos a chuirfidh an Conraitheoir i bhfeidhm don Tionscadail, agus pé scéal é, cinnteoidh an Conraitheoir go mbainistítear aon dramhaíl faoi réir ag ordlathas dramhaíola agus i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996, arna leasú. Ullmhaíodh Acmhainn Tógála agus Scartála agus Plean Bainistíochta Dramhaíola (CDRWMP) agus áiríodh é sa CEMP (Aguisín A.7.5 de Chaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála). Ullmhaíodh é sin agus cuirfear i bhfeidhm é ag an gConraitheoir ceaptha i gcomhréir le Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála. Leagadh amach sa CDRWMP faoin gcaoi a ndéantar bainistiú ar dhramhaíl a eascraíonn le linn chéim na tógála de chuid an Tionscadail ar bhealach a chinntíonn comhlíontacht le forálacha na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola arna leasú agus go gcoimeádfar agus go gcuirfear chun feidhme gach beart maolaithe atá sa CDRWMP cibé dóigh. Nuashonróidh an Conraitheoir ceaptha an CDRWMP roimh thús a chur ar an tógáil. Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm le linn tógála ag an gConraitheoir ceaptha chun comhlíonadh Achtanna um Bainistiú Dramhaíola a chinntiú agus chun cur le baint amach na cuspóirí a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagrach Ciorclaigh: - Sa chás nach féidir giniúint dramhaíola a sheachaint, íoslaghódófar an diúscairt dramhaíola - Lorgófar deiseanna chun ábhair, seachtháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn chéimeanna éagsúla an Tionscadail - Seolfar ábhar tochailte neamhghuaiseach lena athchúrsáil nó lena aisghabháil - Déanfaidh duine cuícháilithe faireachán ar thochailtí meilte déanta (ina bhfuil meascán de tharmac, coincreít, plaistigh, ábhair bhallasta agus gaineamh sílice) chun a áirithiú go ndéanfar aon teophointe éillithe a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint i gceart, agus go ndéanfar an t-ábhar éillithe a dheighilt agus a dhiúscairt go hiomchuí - Déanfar aon ábhar éillithe sainaitheanta a dheighilt agus a stóráil i limistéar nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go nginfear rith chun srutha nó go ndéanfar insíothlú chun draenála talún nó uisce dromchla. Tabharfar aire chun a chinntiú nach dtrasnaíonn an teophointe ithreacha glana éillithe in áiteanna eile ar fud an láithreáin - Má thagtar air, déanfar aon aispeist a d’fhéadfadh a bheith ann le linn chéim na tógála a bhainistiú trí úsáid a bhaint as bearta caighdeánacha sláinte agus sábháilteachta mar a leagtar amach in ‘Ábhair ina bhfuil Aispeist (ACManna) in Ionaid Oibre: Treoirlínte Praiteiciúla maidir le Bainistiú agus Laghdú ACM’. Luaitear sa doiciméad sin “<i>go mbeidh conraitheoir speisialaithe aispeiste ag teastáil chun aispeist a bhaint as ithir éillithe chun aon aispeist infriochta a bhaint</i>” agus “<i>ba cheart do mheasúnú riosca arna dhéanamh ag duine inniúil neamhspleách na bearta rialaithe agus na straitéisí feabhsúcháin is iomchuí a chinneadh</i>” - Coinneofar an láithreán chun cosc a chur ar bhruscar agus déanfar bruscar a bhailiú go rialta ar fud an láithreáin - Úsáidfear seachadadh díreach in am chun cur amú ábhair a íoslaghdú - Stórálfar péinteanna, séaltáin agus ceimiceáin ghuaiseacha in suíomhanna slána bunda - Cuirfear oiliúint ar gach ball foirne ar an láithreán faoin gcaoi dramhaíl a íoslaghdú (is é sin, oiliúint, ionductú, iniúchtaí agus cruinnithe) - Déanfar ábhair ar an láithreán a stóráil i gceart agus go slán - Nuair is féidir, déanfar miotal, adhmaid, gloine agus ábhar in-athchúrsáilte eile a dheighilt agus a bhaint lasmuigh den láithreán chuig saoráid cheadaithe / cheadúnaithe le haghaidh athchúrsála. Úsáidfear códú dathanna srutha dramhaíola agus grianghraif chun idirdheighilt a éascú - Déanfar dramhaíl oifige agus bia ar an láithreán a thagann chun cinn a dheighilt ina bhfoinsí in-athchúrsáilte measctha tirime, ina ndramhaíl in-bhithdhíghrádaithe agus ina ndramhaíl iarmharach ar a laghad - Déanfar boscaí bruscair dramhaíola, coimeádáin, coimeádáin scipeála agus limistéir stórála a lipéadú go soiléir le cineálacha dramhaíola ba chearta a bheith iontu, lena n-áirítear grianghraif de réir mar is iomchuí - Úsáidfear scipeanna leithscartha laistigh de limistéar leithscartha dramhaíola ainmnithe a bheidh suite sa Champúin Tógála ar an láithreán (go háirithe le haghaidh dramhaíola ghuaisí, gipsim, miotail, adhmaid, dramhaíola táimhe agus dramhaíola ginearálta) - Déanfaidh an Conraitheoir ceaptha an chainníocht a thaifeadadh i dtonaí agus i gcineálacha dramhaíola agus ábhar a fhágann an láithreán le linn chéim na tógála. Déanfar ainm, seoladh agus sonraí údaráithe na saoráidí agus na suíomhanna uile a sheachadtar dramhaíl agus ábhair chucu a thaifeadadh mar aon le cainníocht na dramhaíola i dtonaí a sheachadtar chuig gach saoráid. Taispeánfar sna taifid ábhar a aisghabhtar, a athchúrsáiltear agus a dhiúscaítear - Bainfear dramhaíl a ghintear ar an láithreán a luaithe is indéanta tar éis í a ghiniúint lena seachadadh chuig saoráid dramhaíola údaráithe - Cinnteoidh an Conraitheoir ceaptha go mbeidh deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus/nó ceadúnas dramhaíola GCC cuí i bhfeidhm ag aon saoráid stórála eatramhach lasmuigh den láithreán le haghaidh ábhair tochailte - I gcás ina bhfuil gá le fógraí faoi Rialachán 27 i ndáil leis an Tionscadal, déanfaidh an Conraitheoir ceaptha fógraí faoi Rialachán 27 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid GCC lena n-athúsáid ag seachtháirgí - Beidh an t-údarú dramhaíola iomchuí ábhartha i bhfeidhm do gach saoráid a sheachadtar dramhaíl chuici (is é sin, deimhniú clárúcháin, cead saoráide dramhaíola agus / nó ceadúnas dramhaíola GCC)	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

22.3 An Chéim Oibriúcháin

Leagtar amach i dTábla 22.2 thíos na bearta maolaithe atá beartaithe do gach toisc chomhshaoil mar aon leis na tionchair iarmharacha shuntasacha agus a n-iarmhairt chomhshaoil le haghaidh chéim oibriúcháin an Tionscadail.

Tábla 22.2 Measúnú ar na Tionchair Fhéideartha agus Bearta Maolaithe – An Chéim Oibriúcháin

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú		Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Trácht			
Trácht	Léirítear leis an samhaltú tráchta nach bhfuil aon tionchar tráchta lena mbaineann suntasacht mhór acu le haghaidh Blianta na hOscailte (2031) agus an Deartha (2046) agus dá réir sin níl aon bheart maolaithe ag teastáil.		Cuirfear buntáistí ar fáil leis an Tionscadal do sheirbhísí iompair phoiblí agus bealaí siúil agus rothaíochta atá ann cheana féin agus nua ar an ngréasán bóithre áitiúil agus réigiúnach in aice láimhe agus bearta eile atá beartaithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe. Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach diúltach ar bith ann.
Bainistíocht Dramhaíola			
Cothabháil	Beidh méideanna beaga den dramhaíl oibriúcháin ar dócha go gcruthófár í ón Tionscadal a sheachadfár chuig saoráidí dramhaíola údaraith e de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go 2016.		Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Bithéagsúlacht			
Ginearálta	Cinnt eoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe (GCoC) go n-úsáid fear torthaí an fhaireacháin chun bonn eolais a chur faoin gclár maolaithe éiceolaíochta fadtéarmach agus faoi aon ghníomh ceartaitheach tráthúil is gá. Le linn na hoibríochta, rachaidh GCoC i mbun seirbhísí conraitheora oiriúnaigh chun faireachán a dhéanamh ar na bearta maolaithe éiceolaíocha ar feadh shaolré an tionscadail. Na ceanglais ábhartha uile maidir le faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar na bearta maolaithe éiceolaíocha thar shaolré an Tionscadail, cuirfear san áireamh iad sna coinníollacha sa chonradh/sna conarthaí a dhéanfar leis an gconraitheoir ceaptha. Féachfaidh GCoC chuige go ndéanfar foráil, sa chonradh/sna conarthaí a dhéanfar leis an gconraitheoir a cheapfar, go ndéanfar gníomh ceartaitheach sa chás nach sásúil an chaoi a gcuirtear aon ghné de na bearta maolaithe éiceolaíocha agus na tograí maidir le gealltanais faireacháin i bhfeidhm. Sna forálacha sin beidh ceanglas go bhfostófaí éiceolaí/saineolaí bithéagsúlachta atá cáilithe go cuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d’éirigh le haon ghníomh ceartaitheach.		
Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra	Láithreáin Eorpacha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe Sa bhreis ar na bearta tógála atá beartaithe chun tionchair iarmharacha shuntasacha ar Láithreáin Eorpacha agus ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus ar na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe a íoslaghdú, moltar na bearta a leanas don chéim oibriúcháin freisin. Féach freisin ar an NIS i ndáil le Láithreáin Eorpacha: - Caillteanas/briseadh suas gnáthóige: bearta maolaithe chun caillteanas gnáthóige a íoslaghdú in LCS (Caomhnú) Loch Coirib agus chun caillteanas ghnáthóg QI a sheachaint laistigh de LCS (Caomhnú) Loch Coirib a sheachaint le linn na tógála (féach ar an gcuid thíos maidir le gnáthóga Tuarascáil Instruchtúrthachta Dhroichead na Coiribe Aguisín A.7.1, Tuarascáil Instruchtúrthachta Loch Coirib Aguisín A.7.2, Tollán Leaca, Foscríbhinn A.7.3) - Díghrádú gnáthóige – hidrigeolaíocht: bearta maolaithe chun díghrádú gnáthóg a sheachaint in LCS (Caomhnú) Loch Coirib mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíocha le linn an oibriúcháin. - Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht: bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint le linn sruthchúrsaí a ghlacadh le linn na hoibríochta (féach ar an gcuid Hidreolaíochta thíos) - Díghrádú gnáthóige– tollánú/tochailt: bearta maolaithe chun sláine struchtúrach an chairm charraige atá mar dhúshraith faoi ghnáthóga QI in LCS (Caomhnú) Loch Coirib le linn an Tolláin Leacaigh atá beartaithe a thógáil (agus a Bhealach Isteach Thiar) le linn na tógála agus na hoibríochta - Díghrádú gnáthóg – speicis ionracha neamhdhúchasacha: bearta maolaithe chun tabhairt isteach nó leathadh speiceas ionrach neamhdhúchasach ar láithreáin Eorpacha agus NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn a sheachaint le linn an oibriúcháin. Tá siad sin mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5. - Éifeacht bacainne: bearta maolaithe chun an Tionscadal a sheachaint lena gcuirtear srian ar ghluaiseacht Madraí Uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna. - Riosca básmhaireachta: bearta maolaithe chun an baol go marófai/go ngortófaí Madraí Uisce mar gheall ar imbhuailtí leis an trácht bóithre a sheachaint Is iad seo a leanas na bearta maolaithe is gá chun a chinntiú nach ndéanfaidh an Tionscadal difear suntasach do NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn le linn na hoibríochta: - Bearta ionas nach dtabharfar isteach nó nach scaipfear speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn le linn na hoibríochta.		Ní bheidh aon tionchair iarmharacha shuntasacha ann
Gnáthóga	Déanfar limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I laistigh den Teorainn Mheasúnúcháin agus atá aitheanta le bheith coimeáda agus fálaithe le linn thógáil an Tionscadail a sheachaint le linn na céime oibriúcháin chomh maith. Ní bheidh aon fhálú déanta laistigh de ghnáthóga Iarscríbhinn I atá lonnaithe laistigh de LCS (Caomhnú) Loch Coirib. Déanfar limistéir chúitimh gnáthóg, lena n-áirítear plandú na ngnáthóg mar chuid de bhearta maolaithe speiceas do chéim na tógála a choimeád agus a mhonatóirí ú le linn na céime oibriúcháin agus déanfar oibreacha feabhsúcháin má mheastar gur gá sin. Féach freisin ar an gcuid thíos i ndáil le Bearta Cúitimh,		Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Bearta chun Cainníocht Screamhuisce agus Cáilíocht Screamhuisce a Chosaint agus tionchair fhéideartha ar ghabhdóirí bithéagsúlachta	Tá na bearta maolaithe chun cainníocht screamhuisce agus cáilíocht screamhuisce le linn an oibriúcháin a chosaint sonraithe thíos le haghaidh Hidrigeolaíochta agus déantar a lán de na gabhdóirí bithéagsúlachta a chosaint dá réir sin.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Bearta chun Leathadh Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach a Rialú agus a Chosc	Tá an straitéis um maolú maidir le speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha a chosnóidh a lán gabhdóirí bithéagsúlachta mar atá sé sa mhéid atá léirithe thuas do chéim na tógála. Tá siad sin mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Plandaí agus Speicis Neamhchoitianta agus faoi Chosaint	I gcás ina n-imrítear tionchar díreach ar phlandaí Plagiomnium cuspidatum agus Plasteurhynchium striatulum agus ina bhfuil siad ag fás ar fhoshraitheanna inaistrithe (carraigeacha nó lomáin) ansin athlonnófar na foshraitheanna chuig limistéir fásra choinnithe, agus na dálaí comhshaoil céanna acu agus atá ag suíomh an deontóra, agus déanfar faireachán leantach chun rath nó teip a dheimhniú.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Madraí uisce	Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne agus Baol Imbhualite Úsáideann madraí uisce go leor de na bealaí uisce a thrasnaíonn an Tionscadal. Chun marú Madraí Uisce ar na bóithre a sheachaint, soláthrófar saoráidí pasáiste do Mhadraí Uisce ag na bealaí uisce go léir a úsáideann an Madra Uisce (m.sh. leaca ardaithe laistigh de struchtúir, nó píopaí 600mm tirim ar leithligh ar chuirfear isteach gar do na tóchair). Tógfar íosbhealaí mamach de réir Threoirlínte do Chóireáil Mhadraí Uisce sula dTógfar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2008). Tá liosta d’ionad na saoráidí pasáiste madraí uisce a chuirfear ar fáil liostaithe i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus léirítear iad ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Beidh gá le fálú sábháilteachta mamach chun cosc a chur ar mhadraí uisce rochtain a dhéanamh ar an Tionscadal agus chun madraí uisce a threorú chuig na híosbhealaí mamach. Suiteálfar fálú sábháilteacht mamach de réir na sonraíochtaí atá léirithe sna Treoirlínte ar Chóireáil Mhadraí Uisce sula dTógfar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2008) agus na sonraíochtaí d'fhálú sábháilteachta mamach an TII (CC-SCD-00320/00319 faoi láthair). Tá na háiteanna a mbeidh fálú sábháilteachta mamach le suiteáil iontu léirithe ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. De réir na moltaí a thuairiscítear sna Treoirlínte ar Chóireáil Mhadraí Uisce sula dTógfar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2008) , déanfar monatóireacht gach ráithe ar éifeachtúlacht na mbeart maolaithe sa chéad bhliain i ndiaidh na hoibreacha tógála a chur i geric (mar shampla, cigireacht ar an bfálú chun aon bhearnaí a thabhairt faoi deara agus cigireacht ar íosbhealaí chun a chinntiú nach bhfuil aon ní blocáilte) Chomh maith leis sin, i bhfianaise scála an tionscadail, leanfar den mhonatóireacht ar feadh trí bliana ar a laghad agus déanfar cothabháil na laftán a ionchorprú sa chlár ginearálta cothabhála bóithre.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Ialtóga	Bearta chun baol mortlaíochta a laghdú agus tionchair na mbacainní laistigh de dhearadh agus d’oibriú an Tionscadail Tá an maolú chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair bacainní suntasacha deartha chun an dea-chleachtas reatha a léiriú. Áirítear ar an dá phríomhbhealach isteach a úsáidfear don Tionscadal, tá íosbhealaí ar mhéid oiriúnach ina mbeadh dearadh an Tionscadail ar chlaifort agus uasbhealach fiadhúlra san áit a ghearrfar é. Is iad an dá bheart sin an t-aon dá rogha a léiríodh go raibh siad éifeachtach ag leibhéal an daonra (CEDR, 2016, (Elmeros agus Dekker, 2016, Abbot et al 2012, 2012). Moltar íosbhealaí ag limistéir ina bhfuil pointí trasnaithe tábhachtacha agus tá siad ailínithe le gnéithe tírdhreacha reatha a bhfuil eolas ina leith go bhfuiltear in úsáid ag ialtóga mar thoradh ar shuirbhéanna. Meastar go bhfuil íosbhealaí i gceantar Mhionlaigh – An Bhóthair Nua agus ar Bhóthar Áth Cinn an N84 ríthábhachtach maidir leis an gcrú-ialtóg bheag chomh maith le do ghluaiseachtaí ialtóg eile feadh an tírdhreacha. Leagtar amach i dTábla 8.47 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht an sceideal struchtúir a sholáthraíonn pasáiste d'ialtóga agus luaitear an fheidhm atá leo ó thaobh conas an éifeacht bacainne féideartha a mhaolú. Le méid agus suíomh na n-íosbhealaí agus na dtóchar cuireadh san áireamh an taighde a rinne Abbott (2012a, b) agus an chomhairle a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha CEDR, COST341 agus WC1060. Féach freisin ar Fhíoracha 8.39.1 go 8.39.15. Sa bhreis ar na struchtúir atá deartha go sonrach do phasáiste ialtóg, tá struchtúir eile mar shampla nuair a théann mionbhóithre faoin Tionscadal agus is féidir iad sin a úsáid mar phointí trasnaithe sábháilte. Seiceálfar na struchtúir a sholáthraítear le haghaidh ialtóga a thrasnú roimh oibriú an Tionscadail chun a áirithiú go dtógtar iad i gcomhréir leis na ceanglais deartha a leagtar amach sa roinn seo chomh maith le Roinn 8.9.2 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht. Tá an chuid den N6 GCRR atá beartaithe ó Bhóthar Áth Cinn an N84 go dtí Bóthar N83 Thuama beagnach go hiomlán gearrtha agus ní féidir íosbhealaí a shuiteáil ann, dá bhrí sin is é an t-aon rogha éifeachtach ná róbhealach fiadhúlra (dá ngairtear Forbhealach Fiadhúlra Chaisleán an Gharraí). Is cuid ríthábhachtach den straitéis é Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr. Ligfidh sé d’ialtóga eitilt thar an Tionscadal idir na faraí agus na gnáthóga sealgaireachta ar an taobh thuaidh agus Pluais an Chúipéara agus limistéir shealgaireachta ó dheas ag an suíomh seo. Ní mholtar leithead faoi 20m mar cé go léirítear le fianaise go mbainfidh speicis úsáid as na droichid sin fós, ní úsáidtear chomh minic iad. Tá an t-uasbhealach atá beartaithe ag an gCaisleán Gearr mar sin 30m ar leithead. Déanfar an uasbhealach a thírdhreachú chun gnáthóg nascachta a sholáthar ar fud an Tionscadail. Is éard atá sa dearadh plandála atá beartaithe cosán féir caol lárnach atá teorantach ar an dá thaobh le fálta sceach dubailte sa chuid láir den róbhealach (chun aithris a dhéanamh ar bhóithrín 4m ar leithead); is é sin, fálta sceach crann-líneáilte 2m ar leithead de speicis crann agus tor dúchasacha. Imeoidh gach fál sceach amach ansin chun “béal” a chruthú ag bealach isteach an uasbhealaigh ar an dá thaobh den Tionscadal chun ialtóga a threorú chuig lár an uasbhealaigh. Athróidh doimhneacht na hithreach ó 45cm ar a laghad ag na himill go 1.5m feadh an lárlíne. Cuirfear speicis crann ag ionaid 3m i sraitheanna dubailte i ngach fálta sceach agus áireofar leo fearnóg, beith, rámhán, curtha mar chaighdeáin (is é sin, giorta 8-10cm, c.2.4m ar airde) agus fuipeanna (1.25m ar airde). Seasca faoin gcéad de na tor plandáil a bheidh comhdhéanta de dhraighean, sceach gheal, agus coll, chomh maith le trom, cuileann, feoras, saileach, agus speicis dhúchasacha eile Beidh plandaí sceach gheal 90cm ar airde. Plandófar toir eile 60cm ar airde. Cuimsíonn an dearadh plandaithe fál sceach dubailte sa chuid lár den uasbhealach (chun bheith cosúil le bóithrín 4m ar leithead). Imeoidh gach fál sceach amach ansin chun “béal” a chruthú ag bealach isteach an uasbhealaigh ar an dá thaobh den Tionscadal chun ialtóga a threorú chuig lár an uasbhealaigh.	Beidh tionchair iarmharacha shuntasacha fós ann i ndiaidh chur chun feidhme na mbeart maolaithe toisc nach féidir roinnt de na gníomhaíochtaí a sheachaint agus níltear ábalta iad a mhaolú ach go leibhéal áirithe cinnteachta. Is ionann iad sin agus na cinn atá léirithe thuas do chéim na tógála. Rinneadh tuilleadh plé ar na tionchair iarmharacha sin sa togra le haghaidh bearta sonracha cúitimh atá sonraithe i gCuid 22.4.2 thíos.

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Ní sholáthrófar soilsíú ar bith ag nó ar aon cheann de na struchtúir a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil ach amháin i gcás S06/01 ina gcuirfear soilse ar fáil chun go mbeidh coisithe in ann iad a úsáid go sábháilte. Beidh gnéithe fásra adhmadaigh ceangail ar na híosbhealaí ialtóg ar fad (chomh maith leis na faraí saorga) atá deartha do Chrú-ialtóga beaga. Ní bhraitheann speicis eile ialtóg an oiread ar fhálta sceach agus ar imill choillearnaí. Cé go bhfuil a lán gnéithe tírdhreacha atá ann lasmuigh den Teorainn Mheasúnúcháin, ní féidir leis an straitéis um maolú ialtóg brath orthu sin san fhadtearma mar go bhféadfadh siad bheith faoi réir idirghabhálacha tríú páirtithe. Go deimhin, is é an rud a chruthófar ná conair fálta sceach as a dtiocfaidh íosbhealaí sa chuid den Tionscadal idir Achadh an Churraigh agus An Caisleán Gearr. Cuirfear conair ghlas ráthaithe ar fáil leis an bplandú sin a nascann na huasbhealaí/íosbhealaí agus beidh ialtóga ábalta oiriúnú níos éasca do chaillteanais ar scála tírdhreacha a d’fhéadfadh tarlú amach anseo de ghnéithe gnáthóg ceangail. Déanfar plandú na bhfálta sceach a bheidh ag dul go dtí na híosbhealaí a chothabháil agus déanfar monatóireacht ar fhás na bhfál sceach ar feadh 5 bliana tar éis na hoibreacha a bheith tugtha chun críche agus déanfar aon oibreacha feabhsúcháin má mheasfar gur gá sin. An clár monatóireachta atá beartaithe Toisc gur féidir le leibhéal bonnlíne ghníomhaíocht na n-ialtóg agus áitíocht faraí athrú le himeacht ama, déanfar monatóireacht réamhthógála sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála chun go mbeidh na sonraí a gcuirfear an mhonatóireacht réamhthógála i gcomparáid leo chomh cothrom le dáta agus is féidir (féach an Ceadúnas maidir le Maolú Ialtóg atá ar fáil in Aguisín A.8.25). Déanfar monatóireacht chomh maith ar éifeachtúlacht na mbearta maolaithe agus cúitimh ialtóg le linn na tógála agus i ndiaidh na tógála. I gcás ina sainaithnítear sa mhonatóireacht go bhfuil deacrachtaí leis na bearta maolaithe nó cúitimh (m.sh. solas iomarcach a théann i bhfeidhm ar úsáid), réiteofar iad sin lena chinntiú go mbainfidh na bearta sin a gcuid aidhmeanna amach chomh fada agus a bhaineann siad le cur isteach ar líon ialtóg na háite a mhaolú nó a chúiteamh (féach an Ceadúnas Maolaithe Ialtóg in Aguisín A.8.25). Féach ar an gcuid Tógála thuas i ndáil le Monatóireacht Réamhthógála. <i>Monatóireacht le Linn Tógála agus Iarthógála</i> <i>Monatóireacht ar fhara</i> Cuirfear tús le monatóireacht ar áitíocht na bhfoirgneamh fara bréige (lena n-áirítear struchtúir athfheistithe) agus na mboscaí ialtóg láithreach nuair a bheidh siad suiteáilte chun a bhreithniú cé chomh luath agus a úsáidfear iad. Suiteálfar iad sula ndéanfar an príomhshuíomh a ghlanadh; mar sin, féadfár gach monatóireacht a dhéanamh trí chigireacht ó shúil de réir an sceidil seo a leanas: - Comhaireamh maidir le teacht amach ag fara Chaisleán Mhionlaigh: déanfar comhaireamh maidir le teacht amach le linn oibreacha tógála agus sna 10 mbliana tar éis na tógála i mí Bealtaine, mí Iúil agus mí Lúnasa. Déanfar an comhaireamh sin le taifeadadh ó cheamaraí infridhearga chomh maith le cigireachtaí ó shúil ar ialtóga ag úsáid an láithreáin fara nua atá beartaithe gar do Chaisleán Mhionlaigh chun cuntas iomlán a fháil ar na hialtóga ag an suíomh seo. - Foirgnimh fara saorga: Déanfar áitíocht i bhfoirgnimh faraí saorga atá beartaithe (lena n-áirítear struchtúir aisfheistithe) a chomhaireamh le linn oibreacha agus tar éis tógála sna 10 mbliana tar éis den tógáil a bheith tugtha chun críche. Déanfar suirbhéanna i lár an gheimhridh maidir le húsáid geimhrithe agus i mí Bealtaine agus mí Iúil maidir le húsáid sa séasúr póraithe. Áireofar le suirbhéanna seiceálacha d’ialtóga aonair agus freisin do shalachar na n-ialtóg (nuair is gá ag baint úsáide as anailís DNA). Tógfar an salachar ón áit tar éis gach seiceáil chun a chinntiú go ndéanfar taifead ina dhiaidh sin díreach ar úsáid a rinneadh le linn na tréimhse idirlinne. Déanfar monatóireacht ar na faraí go bliantúil maidir leis na crú-ialtóga beaga agus seolfar an líon a bheidh comhairthe chuig an NPWS mar chuid den chlár monatóireachta náisiúnta ar an gcrú-ialtóg beag. Féadfaidh foireann oibre an NPWS, grúpa ialtóg na Gaillimhe nó eile an monatóireacht sin a dhéanamh nó daoine eile a roghnóidh an t-údarás áitiúil. D’fhéadfadh sé nach mbeadh gá cuairt a thabhairt ar na faraí i gcónaí mar gheall ar chianbhealaí monatóireachta trí leas a bhaint as teicneolaíocht nua agus go bhféadfár íomhánna infri-dhearga laistigh den fhara a sheoladh gan sreang. Sa chás go léireoidh monatóireacht nach mbeidh ialtóga á n-úsáid, déanfar tuilleadh suirbhéanna dírithe chun iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar ghluaiseachtaí na n-ialtóg go háitiúil agus é mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna. Déanfar aon athruithe a d’fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach a chomhordú agus a chur in iúl chun a chinntiú nach mbeidh siad ag teacht salach ar aon cheann de na tuartha tionchair nó na bearta maolaithe a fhorordaítear sa doiciméadú Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Measúnachta Cuí. Suiteáilfear tóireadóirí teochta agus bogthaise chomh maith le logálaithe sonraí sna faraí ar feadh dhá bhliain tar éis tógála agus glacfár bearta (e.g. poill a fheistiú, tréimhse na n-umar uisce a mhéadú sa limistéar fara geimhrithe) chun aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn. - Boscaí Ialtóg: Ní heol do na húdair aon íoschaighdeán nó caighdeán molta maidir le monatóireacht ar bhoscaí ialtóg. Ach a mbeidh na boscaí suiteáilte, déanfar cigireacht ó shúil orthu gach raithe in aghaidh na bliana don chéad dá bhliain. Léirigh taighde ar éifeachtacht na mbearta maolaithe gur ionann ar an meán áitíocht na mboscaí ialtóg agus 50% toisc go bhféadfadh sé go mb’fhearr leis na hialtóga láithreáin fara eile go háitiúil. Is féidir aon bhoscaí nach léiríonn aon chomharthaí sóirt áitíochta sa tréimhse sin a athlonnú chuig suíomhanna eile laistigh den Teorainn Mheasúnaithe in aice láimhe in áit éigin a bheadh chun sochair an daonra ialtóg áitiúil. Sna blianta 3-5, tar éis na boscaí a bheith curtha isteach, déanfar iad a sheiceáil go déanach i mí Márta agus i mí Mheán Fómhair chun úsáid san Gheimhreadh agus sa Samhradh a thaifeadadh agus chun nach gcuirfí isteach orthu le linn na tréimhsí fogair geimhrithe. - Déanfar na boscaí ialtóg a sheiceáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad ó thógfar iad. <u>Monatóireacht ar phointí trasnaithe</u> Bainfear leas le linn na monatóireachta ar bhrathadóir fuaime agus ar thaifeadadh ó cheamara infri-dhearga ag na tóhair sna cúig áit a ndearnadh suirbhé réamhthógála iontu, is iad sin: - Limistéar 1: Ó Thuaidh de Choill Bhearna - Limistéar 2: Achadh an Churraigh - Limistéar 3: Abhainn na Gaillimhe go dtí An Bóthar Nua - Limistéar 4: Siar ó Bhóthar Áth Cinn an N84 - Limistéar 5: Baile an Dúlaigh go dtí An Caisleán Gearr, lena n-áirítear Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr Comhairfear úsáid na n-ialtóg i gcomparáid le neamhúsáid (m.sh. bealaí eitleite eile in úsáid). Fágfaidh sin go gcaithfear a chinneadh an bhfuil na struchtúir pasáiste ialtóg éifeachtach ag leibhéal an daonra (sa chás go nglacfár leis go bhfuil 90% de na hialtóga ábalta trasnú faoin tionscadal). Déanfar an mhonatóireacht an athuair ag gach suíomh chun sraith sonraí láidir a sholáthar. Sa chás go mbreithnítear nach bhfuil na struchtúir pasáiste ialtóg atá beartaithe lena n-áirítear Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr éifeachtach, ansin beidh gá le tuilleadh suirbhéanna chun na cúiseanna a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach réasúnach nuair is féidir (mar shampla, soilse a rialú, aghaidh a thabhairt ar athruithe sa tírdhreach áitiúil). Déanfar aon athruithe a d’fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach a chomhordú agus a chur in iúl chun a chinntiú nach mbeidh siad ag teacht salach ar aon cheann de na tuartha tionchair nó na bearta maolaithe a fhorordaítear sa doiciméadú Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Measúnachta Cuí. I gcomhréir le treoir CEDR (2016), tá sé beartaithe go mbeidh dhá shuirbhé ar leith ar a laghad sa séasúr pórúcháin agus dhá shuirbhé ar leith (in am) i lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair i gceist leis an bhfaireachán iarthógála sin, chun tréimhsí gluaisreachtaí ar scála tírdhreacha a léiriú, agus go ndéanfar na suirbhéanna sin ar feadh deich séasúr gníomhaíochta ialtóige (Bealtaine-Lúnasa) tar éis thógáil an Tionscadail a thabhairt chun críche. Baineann an clár monatóireachta a bhfuil cur síos déanta thuas air freisin leis na bearta cúitimh d’ialtóga a bhfuil cur síos déanta air i gCuid 8.9.2 de Chaibidil 8 Bithéagsúlacht agus iad tugtha anseo thíos an athuair i gCuid 22.4.2.	

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	<u>Éagsúlacht agus flúirse in aice le conair an Tionscadail</u> Tógfar traschriosanna de ghníomhaíochtaí na n-ialtóg feadh na n-áiteanna céanna agus a tógadh na traschriosanna réamhthógála chun aon éifeachtaí díláraithe mar thoradh ar thionchair chur isteach a aithint le linn na tógála agus an oibriúcháin. Cé go bhfuil teorainneacha fós ag baint le feidhmiú na modheolaíochta de chuid Berthinussen & Altringham (2015) mar gheall nach bhfuil sé ach curtha i bhfeidhm i dtírdhreacha talmhaíochta oscailte, is ionann é agus bunchloch do bhealach suirbhé inatáirgthe atá oiriúnach don Tionscadal Sa chás go mbraitear éifeacht díláithrithe (flúirse agus éagsúlacht laghdaithe gar don Tionscadal) ansin beidh gá le tuilleadh suirbhéanna dírithe chun cúiseanna a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu nuair is féidir (mar shampla, soilse a rialú, aghaidh a thabhairt ar athruithe ar an tírdhreach áitiúil trí phlandú breise). Déanfar aon athruithe a d'fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach a chomhordú agus a chur in iúl chun a chinntiú nach mbeidh siad ag teacht salach ar aon cheann de na tuartha tionchair nó na bearta maolaithe a fhorordaítear sa doiciméadú Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Measúnachta Cuí. Tá sé beartaithe go ndéanfar monatóireacht le linn na tógála agus 10 séasúr gníomhaíochta ialtóg tar éis thógáil an Tionscadail a chur i gcrích.	
Broic	<i>Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne agus Baol Básmhaireachta</i> Le saoráidí broc atá ar fáil ag na suíomhanna atá liostaithe i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus léirithe ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15, déanfar broic a chosaint le linn na céime oibriúcháin. Tógfar íosbhealaí mamach de réir Treoirlinnte maidir le Cóireáil Broic le linn Thógáil Scéimeanna Bóthair Náisiúnta (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006). Tá draenáil leordhóthanach ag fobhealaí mamaigh atá 600mm ar leithead ar a laghad, tá clúdach maith fásra acu timpeall na mbealaí isteach agus tá sé cruthaithe go n-úsáideann broic nascacht mhaith gnáthóige (Eldridge & Wynn, 2011). Síneoidh fobhealaí mamaigh chomh fada leis an bhfálú atá frithsheasmhach in aghaidh mamaigh, agus comhtháthóidh siad leis. I gcás ina dtagann srianta innealtóireachta salach ar na suíomhanna molta ag an tógáil, féadfar fobhealaí mamach a aistriú go dtí an suíomh is oiriúnaí, ach ní fhéadfar iad a aistriú níos faide ná c.250 m ar shiúl. Luíonn líon de na struchtúir pasáiste mamach laistigh den chrios doirte éadroim samplach agus d’fhéadfadh soilsíú saorga dul i gcion ar a n-úsáid ag Broic: struchtúir C07/04, C07/01(b) agus C12/01. Cuirfear sciathadh ar fáil lena chinntiú nach gcuirfidh doirteadh éadrom isteach ar shlite agus iontrálacha na struchtúr sin. Beidh gá le fálú atá frithsheasmhach in aghaidh mamach chun broic a threorú chuig na fobhealaí agus suiteálfar é de réir na sonraíochta a leagtar amach sna <i>Treoirlinnte maidir le Cóireáil Broic roimh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil</i> (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006a), agus sonraíocht fálú TII atá frithsheasmhach in aghaidh mamach (CC-SCD-00320/00319 faoi láthair), agus áireofar leis promhadh suaitheantais ar bhóithre rochtana éigeandála agus ar phointí rochtana comhchosúla eile, áit a bhfuil sé suite i limistéir ina bhfuil fálú atá frithsheasmhach in aghaidh mamach le suiteáil. Tá na háiteanna a mbeidh fálú sábháilteachta mamach le suiteáil iontu léirithe ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Áirítear leis seo promhadh mamach ar an bhfálú slándála paladin atá beartaithe timpeall ar gach locháin mhaolúcháin/linn uisce. I gcomhréir leis na moltaí a thuairiscítear sna <i>Treoirlinnte maidir le Cóireáil Broic le linn Thógáil Scéimeanna Bóthair Náisiúnta</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006), déanfar faireachán ráithiúil ar éifeachtacht na ngealltanas comhshaoil sna chéad trí bliana tar éis oibreacha tógála a chur i gcrích (mar shampla, cigireachtaí fálúcháin chun bearnaí a sheiceáil agus cigireacht faoi bhealach chun baic a sheiceáil, éifeachtacht na laftán atá suiteáilte i dtóchair a sheiceáil). Chomh maith leis sin, i bhfianaise scála an tionscadail, leanfar den mhonatóireacht ar feadh trí bliana ar a laghad agus déanfar cothabháil na laftán a ionchorprú sa chlár ginearálta cothabhála bóithre.	Ní bheidh éifeacht iarmharach shuntasach ar bith ar Bhroic, ar scála geografach ar bith.
Speicis mhamach eile (gan ialtóga san áireamh)	Ceanglaítear sceideal na struchtúr chun foráil a dhéanamh maidir le gluaiseacht mhamach, de réir Thábla 8.43 de Chater 8, Bithéagsúlacht agus mar a léirítear i bhFíoracha 8.38.1 go 8.38.15, chun tréscaoilteacht a áirithiú do gach speiceas mamach eile ar fud an Tionscadail le linn na hoibríochta. <i>Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne</i> Le comhcheangal an líonra saoráidí tiomanta do phasáistí mamach, mar aon le struchtúir an droichid agus an tarbhealaigh (Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), agus na tailte coimeádtá os cionn Thollán Leacaigh atá beartaithe agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe soláthrófar ardleibhéal tréscaoilteachta tírdhreacha feadh an Tionscadail do na speicis mhamach eile ar fad a taifeadadh, nó ar dócha go mbeidh siad i láthair, leis an limistéar staidéir. Tá cur síos déanta ar na suíomhanna i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus léirithe ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Léiríodh go mbaineann speicis mhamach beag úsáid as saoráidí pasáiste fiadhúlra amhail Gráinneoga, Dallóga fraoigh agus Lucha féir (Dolan 2006; Eldridge & Wynn 2011); cé nár tástáladh a n-éifeachtúlacht. Mar sin féin, is dócha go laghdóidh ard-tréscaoilteacht an Tionscadail éifeachtaí aon téarfa, aon éifeacht bhacainne nó aon riosca imbhualite a d’fhéadfadh a bheith bainteach leis an Tionscadal (Haigh, 2012) sa chaoi nach ndéanfaí difear do stádas caomhnaithe an speicis. <i>Riosca Imbhualite</i> Níl aon bhealach praiticiúil nó éifeachtach ann chun mamaigh bheaga nó speicis mhamaigh arabacha (mar shampla an cat crainn agus an t-iora rua, ar dreapadóirí ardoilte iad) a chosc ó rochtain a fháil ar an Tionscadal. Mar a pléadh thuas maidir le héifeacht téarfa agus bacainne, foráiltear le dearadh an Tionscadail do leibhéal ard tréscaoilteachta ar fud an Tionscadail agus cuireann sé seo an réiteach is praiticiúla ar fáil chun idirghníomhaíocht fhéideartha mamach beag leis an Tionscadal a íoslaghdú. Dá bhrí sin, ní dócha go ndéanfaidh riosca imbhualite difear do stádas caomhnaithe an speicis agus ní dócha go mbeidh éifeacht iarmharach dhiúltach shuntasach mar thoradh air, ar aon scála geografach.	Ní bheidh éifeacht iarmharach shuntasach ar bith ar speicis mhamach ar bith (gan ialtóga san áireamh), ar scála geografach ar bith.
Inveirteabraigh	Seilide rinseach réisc <i>Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce</i> Tá cur síos déanta thíos ar na bearta maolaithe maidir leis an acmhainn screamhuisce a chosaint le linn an oibriúcháin le haghaidh Hidrigeolaíochta. Fritileán réisc Ní bheidh éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar na Fritileáin réisc le linn an oibriúcháin tuartha agus ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith.	Seilide rinseach réisc Níl tionchar iarmharach suntasach diúltach ar na Seilidí rinseacha réisc, ar scála geografach ar bith. Fritileán réisc Níl tionchar iarmharach suntasach diúltach ar na Fritileáin réisc, ar scála geografach ar bith.

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
Éin	Éin Phórúcháin <i>Caillteanas Gnáthóg, Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne agus Baol Básmhaireachta</i> Le plandú na ngnáthóg coillearnaí, fáлта sceach agus féaraigh feadh an Tionscadail faoi mar a shonraítear i liníochtaí an tírdhreacha (Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15) cuirfear gnáthóg chúitimh ar fáil do roinnt speiceas éan. I roinnt cásanna, amhail i limistéir mhóra d’fhéarach talmhaíochta feabhsaithe nach bhfuil teorainneacha páirceanna fásmhara ar bith orthu, cuirfidh sé sin feabhas ar éagsúlacht na ngnáthóg éan. D’fhéadfadh sé nach neadóidh a lán speiceas gar d’fhorbairt bóthair mar gheall ar chur isteach (m.sh. múchadh cheol na n-éan ag torann an tráchta). Cé nach cosúil go gcúiteoidh an plandú caillteanas na ngnáthóg pórúcháin go hiomlán (mar gheall ar an ngaireacht de chur isteach an tráchta bóthair ar an mbóthar oibriúcháin) is cosúil go soláthróidh sé gnáthóg bhreise shealgaireachta do roinnt speiceas. Chun éifeachtaí chaillteanas na ngnáthóg pórúcháin a íoslaghdú tuilleadh, tógfaidh éiceolaí cáilithe 20 bosca neide ar an iomlán i suíomhanna oiriúnacha ar shiúl ó na hacomhail/bóithre gnóthacha. Cinnfidh éiceolaí suíomh agus cineál na mboscaí neide ag suíomhanna ina gcuirfear nó ina gcoimeádfar crainn feadh bhealach an Tionscadail; mar a léirítear ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15. Déanfaidh éiceolaí monatóireacht ar bhoscaí neadaireachta gach bliain, agus tuairisceofar na torthaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun a n-úsáid ag éin ghoir a thaifeadadh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis a dtógála. <i>Scréachóg reilige</i> Déanfar bearta maolaithe Scréachóga reilige a chomhtháthú i ndearadh an tírdhreacha gar don láithreán pórúcháin i gCaisleán Mhionlaigh, agus laistigh de chrios 5km timpeall air, áit nach bhfuil na bearta sin ag teacht salach ar riachtanais eile tírdhreacha agus sábháilteachta agus ar chúinsí comhshaoil eile a bhaineann le dearadh an bhóthair. Cruthófar nó coinneofar an veigeán díreach cois bóthair mar dhálaí foráiste mí-oiriúnacha chun Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó fhiach sa limistéar sin chun an baol go dtarlódh imbhuailteacht díreach feithicle agus/nó éin a ghabhtar i ndiaidh Feithicil Earraí Troma (HGV) a laghdú. Laistigh de 3m de chiumhais an bhóthair díreach in aice leis an ngualainn chrua / carrbhealach (in éagmais gualainne cruu), coinneofar an féar ar airde nach mó ná 10cm nó cuirfear gairbhéal ina ionad más iomchuí (ag tabhairt faoi deara go measfaí go ginearálta go mbeadh gairbhéal míchuí mura mbeadh saincheisteanna ann maidir le rochtain ar chothabháil, nó cúinsí aeistéitiúla ag sainlimistéir, amhail timpealláin nó bealaí isteach chuig bailte). Más féidir agus más oiriúnach don tírdhreach máguaird atá ann cheana, cuirfear bacainn nádúrtha de thor dlúth agus/nó líne chrainn ar fáil sa réimse níos leithne in aice leis an imeall díreach cois bóthair chun feidhmiú mar mhaolán. (i) Dírigh ar ghníomhaíochtaí foráiste éan níos faide ón mbóthar, (ii) Laghdaigh éifeacht múscail HGVanna, agus (iii) Laghdaigh cosán eitilte Scréachóg reilige atá ag trasnú an bhóthair os cionn airde na bhfeithiclí. I gcás inar féidir é sin a dhéanamh de bharr leithead na ciumhaise agus na gceanglas eile maidir le cóireáil tírdhreacha, is féidir gnáthóg oiriúnach foráiste a sholáthar le haghaidh Scréachóga reilige i bhfoirm féarthailte leathnádúrtha atá deighilte ón trácht de réir tor agus línte crainn. Déanfar codanna den fhorbairt bóthair atá beartaithe a phlandú le clúdach dlúth de scrobarnach ísealfháis (m.sh. draighean donn) chun Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht gar don Tionscadal. Beidh an plandú déine go leor chun an mhoill a íoslaghdú idir an plandú agus clúdach dóthanach talún a fháil chun na Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht. I gceantair ina bhfuil dóchúlacht ard ann go bhféadfadh Scréachóga reilige iarracht a dhéanamh go rialta an Tionscadal a thrasnú (an chuid den chlaifort idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100), cuirfear línte de chrainn atá spásáilte go dlúth (thart ar 2m lárionad), atá níos airde ná 4m, feadh bharr chlaifoir an Tionscadail; lasmuigh den bhacainn sábháilteachta agus den chrios soiléir. Déanfar an tsraith mheánach a phlandú go dlúth. Déanfar amhlaidh chun bacainn láidir fhásmhar a chur i láthair chun Scréachóga reilige a shraonadh ó na limistéir ard-riosca sin agus/nó chun tabhairt ar éin eitilt thar an Tionscadal os cionn an tráchta bóthair. In áiteanna eile feadh an Tionscadail, áit a bhfuil limistéir de ghnáthóg scréachóga reilige oiriúnach á geruthú nó á gcoinneáil, cuirfear crios toir agus crann 2m ar leithead a shroichfidh 4m ar airde ar a laghad chun Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó rochtain a fháil ar an g carrbhealach bóthair. Ba cheart an plandú maolaithe sin a athrú ina chomhdhéanamh atá oiriúnach don tírdhreach in aice láimhe agus d’fhéadfadh meascán de speicis a fhásann go tapa a bheith ann amhail Fearnóg (<i>Alnus glutinosa</i>), Beith Gheal (<i>Betula pendula</i>), Fionncholl (<i>Sorbus aria</i>), Cárthann (<i>Sorbus aucuparia</i>), Coll (<i>Corylus avellana</i>) agus Saileach (<i>Salix aurita</i>, <i>Salix caprea</i>, <i>Salix cinerea</i>) agus speicis tearcstóráilte amhail Dris (<i>Rubus</i> spp. - 60 % den mheascán tearcstórach), Sceach Gheal (<i>Crataegus monogyna</i>), Cuileann (<i>Ilex aquifolium</i>) agus Draighean (<i>Prunus spinosa</i>). Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an crios tor agus crann seo atá beartaithe laistigh den ‘Chrios Glan’ atá sainithe ag treoir theicniúil TII (<i>GE-ENV-01102 Treoir maidir le Cóireáil Tírdhreacha do Scéimeanna Náisiúnta Bóthair in Éirinn</i>). I gcás planduithe nua nó crainn atá ann cheana laistigh den Chrios Glan, ní bheidh an trastomhas uasta incheadaithe níos mó ná 100mm nó níos mó ná 314mm (nuair a thomhaistear é ag 0.3m os cionn na talún). I gcás planduithe nua, cuirfear méid aibí an chrainn san áireamh sa dearadh. D’fhéadfadh grúpáil crann le trastomhais stoic ≤ 100 mm agus/nó giorriacha ≤ 314 mm le chéile a bheith ina guais mar gheall ar thionchar carnach na gcrann ar fheithicil atá i mbaol le haghaidh spásáil níos lú ná 1500 mm. Dá bhrí sin, chun an maolú inmhianaithe a bhaint amach do scréachóga reilige, ba cheart na crainn a chur mar fhoirmeacha ilghais nó tor sna suíomhanna seo, mar go sroichfidh siad an airde riachtanach, ach ní sháróidh siad an teorainn girth 314mm (nuair a thomhaistear iad ag 0.3m os cionn na talún). Ba cheart crainn den sórt sin a chur ag airde 3.5-4m ón tús, chun a áirithiú go mbeidh an chosaint is gá i bhfeidhm a luaithe is féidir. I limistéir gearrtha, leathnófar crios na dtoir agus na gcrann suas taobhanna na bhfánaí gearrtha ionas go ndéanfar conair eitilte ulchabháin Barn a atreorú a mhéid is gá. Beidh an plandú maolaitheach ar fad i bhfeidhm chomh luath agus is féidir le linn na tógála lena chinntiú go mbeidh an maolú chomh éifeachtach agus is féidir, i ndiaidh oscailt an Tionscadail. Tá na suíomhanna ina n-úsáidfear plandú chun laghdú a dhéanamh ar bhaol básmhaireachta na Scréachóg reilige ón trácht bóthair léirithe ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15 agus ar liníochtaí an tírdhreacha (Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15). Chun gnáthóg féarthailte garbha a bhunú agus a chothabháil le haghaidh scréachóga reilige, déanfaidh eallach tailte a chumhdaíonn limistéar c.8.9 ha siar ó thuaidh den Tionscadal ag Caisleán Mhionlaigh (féach Fíoracha 8.38.1 go 8.38.15) a innilt go bliantúil ar feadh tréimhse trí mhí idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair ag ráta stocála 0.35 aonad beostoic/ha. Leanann an straitéis, agus an dlús stocála forordaithe, an straitéis a úsáideann an Barn Owl Conservation Trust ag a gCúltaca Dúlra san RA, mar a shonraítear sa <i>Barn Owl Conservation Handbook</i> (Barn Owl Trust, 2012). Déanfar faireachán bliantúil ar ghnáthóg na bhféarthailte ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis a cur chun feidhme agus é mar chuspóir leis sin bunú gnáthóg oiriúnach féarthailte garbha a thaifeadadh agus an dlús stocála a choigeartú, más gá. Tá na bearta maolaithe seo a leanas molta: Déanfar suirbhéanna ar phlandú cois bóthair ag deireadh bhlianta a haon agus a dó chun plandú nach n-éireoidh leis a shainaithint agus a athsholáthar	Éin phórúcháin Ní dócha go mbeidh aon éifeacht iarmharach shuntasach ar speicis éan pórúcháin, ar aon scála tíreolaíoch, cé is moite den Fhabhcún gorm agus den Scréachóg Reilige. Toisc gur dócha go gcaillfear Cairéal Leacaigh mar shuíomh neide ar bhonn buan, is dóigh go mbeidh éifeacht iarmharach shuntasach dhiúltach ag an Tionscadal ar an bhfabhcún gorm, ar an scála geografach contae. In éagmais fianaise maidir le héifeachtúlacht na mbeart maolaithe chun an riosca mortlaíochta a laghdú, tá an baol ann fós go mbeidh tionchair bhuana ar shuíomh nead na scréachóg reilige i gCaisleán Mhionlaigh mar gheall ar a chongaraí agus atá sé don Tionscadal agus do phobal áitiúil na scréachóg reilige mar thoradh ar an riosca mortlaíochta a d’fhéadfadh tionchar diúltach iarmharach suntasach a bheith aige ar scréachóga reilige, ar an scála geografach áitiúil.

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Déanfar suirbhé ar thaismigh bhóthair chun básanna scréachóga reilige a thaifeadadh feadh bhealach an Tionscadail de réir an chur chuige sin atá leagtha amach in REENV-07004 <i>Na hidirghníomhaíochtaí idir Scréachóga reilige agus mórbhóithre: eolas a chur ar fáil don bhainistíocht agus don mhaolú</i> (Lusby <i>et al.</i>, 2021) ar feadh tréimhse 2 bhliain tar éis na hoscailte - Monatóireacht chun gníomhaíocht agus stádas pórúcháin na láithreán gníomhach ar fad laistigh de 5km den Tionscadal thar dhá shéasúr pórúcháin (Feabhra go hIúil). Déanfar é sin i gcomhthráth leis an suirbhé ar thimpistí bóthair, agus beidh dhá chuairt ar láithreáin fhéideartha agus aitheanta neadaithe i gceist chun méid na n-álta agus an rath pórúcháin a dhearbhú. Nuair is inrochtana, tabharfar cuairt ar neadacha chun ulchabháin óga a fháinniú (faoi réir ceadúnas cuí ón SPNF). Cuirfear tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na monatóireachta thuas isteach chuig SPNF ag deireadh bhliain a dó. D’fhéadfadh na moltaí seo a leanas bheith sa tuarascáil, ag feitheamh thorthaí na suirbhéanna. Fabhcún Gorm Déanfar monatóireacht ar ghníomhaíocht pórúcháin na bhfabhcúin gorm i gCairéal Leacaigh agus ag an suíomh neide malartach atá beartaithe le linn gach séasúir pórúcháin le linn thréimhse na tógála ar fad chun aon rath/teip ar neadacha an phéire pórúcháin áitiúil a dhearbhú agus an bhfuil pléascadh ag cur isteach ar líon na speiceas creiche coitianta de chuid an fhabhcúin ghoirm. Déanfar monatóireacht ar úsáid na suíomhanna neide saorga freisin le linn oibriú an Tionscadail ar feadh tréimhse trí bliana. Éin Gheimhrithe Bearta chun Éin Gheimhrithe a chosaint le linn an Oibriúcháin <i>Cur isteach/Díláithriú</i> In ainneoin chonclúid an mheasúnaithe nach dócha go mbeidh aon éifeacht ar leibhéal an daonra ar éin gheimhrithe mar thoradh ar shuaitheadh le linn oibriú an Tionscadail, déanfaidh plandáil fálta sceach feadh na Teorann Measúnaithe (ag na suíomhanna a thaispeántar ar na líníochtaí tírdhreacha (Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15) an suaitheadh a d’fhéadfadh a bheith ann d’éin gheimhrithe ó thrácht ar bhóithre a íoslaghdú a thuilleadh.	Éin gheimhrithe Ní bheidh éifeacht iarmharach shuntasach ar bith ar éin gheimhrithe, ar scála geografach ar bith.
Amfaibiaigh	Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn an Oibriúcháin <i>Scaradh Gnáthóige agus Éifeacht Bacainne</i> Le comhcheangal an líonra saoráidí do phasáistí fiadhúlra, tóchair, struchtúir na ndroichead agus an tarbhealaigh (m.sh. Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), soláthraítear ardleibhéal tréscaoilteachta tírdhreacha feadh an Tionscadail. Coimeádfaidh sé sin nascacht ar scála áitiúil idir láithreáin a úsáideann na speicis amfaibiach agus tá sé tuartha go laghdóidh sé scaradh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne fadtéarmacha ar bith a bhaineann leis an tionscadal sa chaoi is nach ndóigh go mbeidh drochthionchar aige ar stádas caomhantais na speiceas amfaibiach. I gcás ina dtarlaíonn tolláin nó lintéir le haghaidh gluaiseacht mhamach i ndlúthghaireacht do locháin nó do bhogaigh, áireofar struchtúir, amhail bruacha talún, chun amfaibiaigh a threorú chuig na struchtúir trasnaithe sin. Tugtar tuairisc ar shuíomhanna na saoráidí pasáiste fiadhúlra i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus taispeántar iad ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Tá gá leo sin chun tréscaoilteacht a áirithiú do speicis amfaibiacha ar fud an Tionscadail le linn na hoibríochta.	Ní dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar an bhFrog nó ar an Earc luachra, ar aon scála tíreolaíoch.
Reiptílí	Bearta chun Reiptílí a Chosaint le linn na Tógála <i>Scaradh Gnáthóige agus Éifeacht Bacainne</i> Le comhcheangal an líonra saoráidí do phasáistí fiadhúlra, tóchair, struchtúir na ndroichead agus an tarbhealaigh (m.sh. Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), soláthraítear ardleibhéal tréscaoilteachta tírdhreacha feadh an Tionscadail. Coimeádfaidh sé sin nascacht ar scála áitiúil idir láithreáin a úsáideann na speicis reiptíle agus tá sé tuartha go laghdóidh sé scaradh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne fadtéarmacha ar bith a bhaineann leis an tionscadal sa chaoi is nach ndóigh go mbeidh drochthionchar aige ar stádas caomhantais na speiceas amfaibiach. Tugtar tuairisc ar shuíomhanna na saoráidí pasáiste fiadhúlra i dTábla 8.43 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus taispeántar iad ar Fhíoracha 8.38.1 go 8.38.15. Teastaíonn siad seo chun tréscaoilteacht a chinntiú don laghairt Choiteann ar fud an Tionscadail le linn na hoibríochta.	Ní dócha go mbeidh aon éifeacht iarmharach shuntasach ar an laghairt choiteann, ar aon scála tíreolaíoch.
Ithreacha		
Tollán Leacaigh	Le linn na céime oibriúcháin, leanfar le monatóireacht ar chobhsaíocht na maise carraige. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar na córais choinneála carraige agus ró-ualaiigh i gCairéal Leacain agus i gCur Chuige an Iarthair mar chuid de sceideal cothabhála an Údaráis Áitiúil chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith ag feidhmiú mar a bhí beartaithe do shaolré deartha an Tionscadail. Sa chás thar a bheith dóchúil go mbreathnaítear ar éagobhsaíocht laistigh den charraigmhais bearta tacaíochta breise a leagtar amach i Roinn 9.4.2.1 agus i Roinn 9.6.2.4 de Chaibidil 9 den TMTT nuashonraithe seo, déanfar céim na tógála a shuiteáil chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar ar shláine struchtúrach chosán na hAolchloiche. Bunaithe ar chur chuige an deartha caomhantais, áfach, (an córas tacaíochta cumaisc atá suiteáilte agus monatóireacht le linn na tógála) meastar go seachnófar an riosca éagobhsaíochta agus ní bheidh bearta tacaíochta breise de dhíth. Déantar tuilleadh plé ar bhearta maolaithe oibríochta do Thollán Leacaigh in Aguisín A.7.3 den TMTT nuashonraithe seo. Is é toradh chur chun feidhme an deartha, bhearta rialaithe modheolaíochta na tógála agus beart maolaithe nach bhfuil bearta maolaithe ar bith don chéim oibriúcháin maidir le tionchar féideartha díreach agus indíreach a sheachaint ar na hithreacha agus ar an timpeallacht gheolaíochta don tionscadal.	Ní bheidh tionchar iarmharach suntasach ar bith ann.
Hidrigeolaíocht		
Cainníocht agus Cáilíocht an Screamhuisce	Le linn chéim oibríochtúil chigireacht agus chothabháil an Tionscadail, déanfar é chun a áirithiú go leanfaidh na trinsí insíothlaithe de bheith ag oibriú mar a bhí beartaithe do shaolré deartha an Tionscadail. Cuireadh roinnt beart san áireamh i ndearadh an Tionscadail chun a dtionchar a íoslaghdú Sa dearadh draenála, úsáideann dearadh an abhantraí insíothlaithe thar thochailt faoin dearadh inbhéartaithe chun fo-ithir de thiús agus ábhar iomchuí a chomhlíonann Treoirlínte TII (TII HD45/15) a chur. Tá na báisíní insíothlaithe go léir níos mó ná 15m ó charst dromchla mapáilte le linn an tsuirbhé karst (féach Fíor 10.1.002) agus beidh draenáil séalaithe acu suas go dtí an pointe insíothlaithe. Tá gach imchuach insíothlaithe deartha chun na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh: - Limistéar srianta - Idirghabhálaí hidreacarbóin	Níl aon tionchar hidrigeolaíoch iarmharach ar láithreáin Eorpacha agus níl aon tionchar iarmharach bainteach le GWDTE ar Aolchloch Neamhdhifreáilte Visean. Tá tionchair hidrigeolaíocha iarmharacha fós ann maidir le tionchair iostarraingthe ar leibhéal screamhuisce faoi bhun shuíomh cúig ghnáthóg in Iarscríbhinn I agus ceithre ghnáthóg nach bhfuil in Iarscríbhinn I atá lonnaithe ar

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Bogach Tá limistéar sriana i ngach líonra draenála freisin ar féidir é a ghníomhachtú de láimh chun doirteadh a choinneáil ar an gcarrbhealach. Tá líonraí S19a, S19b agus S41 lonnaithe ar GWB Loch Coirib Fen 1 (Mionlach), a thacaíonn le héiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce (GWDTE) ag lochanna na Cúlóige. Mar gheall ar iogaireacht GWB Loch Coirib Fen 1 (Mionlach), tá línéar suiteáilte ag na líonraí draenála sin a dhraenálann an carrbhealach os cionn GWB, lena n-áirítear S19a agus S19b, chun a chinntiú go síothlaíonn an rith chun srutha cóireáilte trí thiús iomlán na fo-ithreach. Tá S41 suite ar thaobhbhóthar lena mbaineann riosca níos ísle go mbeidh doirteadh de thaisme ann agus, dá réir sin, ní áirítear an beart maolaithe sin ann. Déanfar cigireacht rialta ar na habhantracha insíothlúcháin lena dhearbhu nár tharla turnamh inbhraite ar bith san insíothlú mar gheall ar charst. Níl treoirlínte ar bith ann maidir le minicíocht na cigireachta d’abhantracha insíothlúcháin, ach, bunaithe ar na bearta maolaithe a cuireadh chun feidhme meastar go bhfuil an baol go dtarlódh turnamh íseal agus moltar cigireacht a dhéanamh gach 5 bliana. Má bhíonn carst i gceist agus má fhaightear conairí féideartha le linn na cigireachta, mar sin cuirfear an Prótacal um Charst a forbraíodh do chéim na tógála chun feidhme lena chinntiú nár cruthaíodh conairí fabhracha ar bith laistigh den abhantrach insíothlúcháin.	Batholith Eibhear na Gaillimhe a luaitear thuas le haghaidh chéim na tógála.
Hidreolaíocht		
Riosca Tuile	I leibhéal an tuile deartha atá beartaithe do na bearta faoisimh ag Bóthar Thuama an N83 áirítear teagmhas tuile na tréimhse athfhillte 100 bliain le lámháltas 20% maidir leis an athrú aeráide, 17.5m OD Malin, rud a chuirfidh cosc ar thuile na gcabhsán chuig na háiteanna cónaithe agus ar Bhóthar Thuama an N83. Tugtar tuairisc thuas i dTábla 22.1 le haghaidh hidreolaíochta ar na bearta maolaithe faoisimh tuilte chun deireadh a chur le riosca tuilte an Tionscadail agus chun an riosca tuilte atá ann cheana sa limistéar seo a laghdú. Chun an riosca tuile iarmharach a bhaineann le blocáil tóchar faoisimh tuile agus sócmhainní draenála lena mbaineann a íoslaghdú, moltar an beart maolaithe oibriúcháin sin a leanas: Cigireacht rialta (míosúil) a dhéanamh ar shaoráidí Faoisimh Tuile an N83 lena chinntiú go bhfuil an córas ag obair i gceart agus go bhfuil sé ag feidhmiú de réir mar a dearadh é.	Ní bheidh tionchair iarmharacha shuntasacha dhiúltacha hidreolaíochta ar bith ar dhraenáil agus ar an riosca tuile ginearálta, ar cháiliocht an uisce, ar mhoirfeolaíocht bealaí nó ar phríomhghabhdóirí éiceolaíocha. Faoi mar atá sonraithe thuas i dTábla 22.1 faoi Hidreolaíocht, beidh tionchar iarmharach suntasach dearfach ar riosca tuile Bhóthar Thuama an N83. Mar sin féin, beidh tionchair bheaga dhiúltacha iarmharacha tuile ann fós a bhaineann le bearta faoisimh tuile an N83 atá sonraithe i dTábla 22.1.
Tírdhreach agus Amharc		
Bearta Tírdhreacha Tionscadal	Bearta atá beartaithe chun tírdhreach agus tionchair amhairc chéim oibríochta an Tionscadail a mhaolú, breithnítear iad faoi Bhearta Uile-Thionscadail agus faoi Bhearta Sonracha. Tá na bearta uile-thionscadail leagtha amach thíos agus léirítear iad ar Fhigiúirí 12.1.01 go 12.1.15 Cuirfear na bearta ar fud an tionscadail i bhfeidhm ar fud an Tionscadail ina iomláine, ag brath ar chineál na rannóige ar leith. Nuair is féidir, áireofar ar na bearta tírdhreacha athcheangal teorainneacha páirce agus fálta sceach atá ann feadh an tionscadail. Nuair is cuí déanfar speicis chrann mar atá sonraithe thuas agus i dTáblaí 12.7 agus 12.8 de Chabidil 12, Tírdhreach agus Amharc, a spásáil go randamach ar bhealach nádúraíoch ón taobh amhairc de laistigh de na fálta sceach sin. Déanfar an cur chuige sin a mhodhnú de réir an cheantair áitiúil chun cóireálacha tírdhreacha eile a chuimsiú, a d’fhéadfadh an riachtanas don fhál sceach a chealú, m.sh. bloic de phlandú coillearnaí dúchasai (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 6.2: Cóireálacha Crann agus Tor) nó móinéir leath-nádúrtha (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 6.1: Cóireálacha Féaraigh) i gcás go meastar cuí é codanna oscailte a bheith feadh an charrbhealaigh atá beartaithe. Le codanna oscailte cuirfear radhairc ar fáil ar an tírdhreach níos leithne, i gcás nach sáraíonn siad na ceanglais maidir le sciathadh do réadmhaoine cónaithe nó taitneamhachtaí eile. Áiritheofar leis na tograí go ndáilfear plandú feadh an N6 GCRR atá beartaithe agus na n-athailínithe bóthair áitiúla gaolmhara agus go mbeidh sé éagsúil ó athbhunú fálta sceach atá iomchuí go háitiúil, le plandú crann, i gcás inarb iomchuí; do phlanduithe níos leithne de phlandú tírdhreacha agus scáileáin; limistéir níos mó de scrobarnach/phlandú tor agus coillearnach nua a bhunú chun an fhorbairt a chomhtháthú laistigh den tírdhreach níos leithne. Leis an gcur chuige sin soláthrófar déine agus éagsúlacht an phlandaithe agus feabhsófar struchtúr bithéagsúlachta an tírdhreacha nua (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 6.2: Cóireálacha Crann agus Tor). Cuirfear san áireamh sna cóireálacha measúnú agus moltaí Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus áiritheofar leo go n-úsáidfear speicis atá dúchasach agus dúchasach go háitiúil sna planduithe atá beartaithe. Mar sin féin, breithneofar i dtograí mionsonraithe ó thaobh a gcineáil agus a gcur chuige den timpeallacht áitiúil a mbeidh tionchar air agus ó thaobh speiceas de, d’fhéadfadh sé go n-áireofaí plandaí neamhionracha neamhdhúchasacha, m.sh. laistigh de limistéir chónaithe i gcás gur suaiththeadh plandú gairdíní. I gcás go bhfuil limistéir ghearrtha nó líonta, bunófar báinseach fhéir nó mhóinéir thar an bhfána, ach ní dhéanfar sin i limistéir ina ngearrfar trí charraig chobhsaí (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.2: Gearrthacha agus Claífoirt). Ach amháin nuair a éilítear a mhalairt, níl sé beartaithe fánaí a ghearradh nó a líonadh ina n-iomláine, ach grúpáil de phlandú a bheidh níos nádúraiche agus níos báúla don cheantar áitiúil a spreagadh laistigh de bháinseach fhéir leath-nádúrtha. D’fhéadfadh go mbeidh gá le fánaí a shíolú ina bhféarach bláthanna fiáine chomh maith agus d’fhéadfaí leas a bhaint as hidrea-shíolú chun fánaí géara a shíolú. Táthar ag súil go dtiocfaidh méid suntasach de ghearradh carraige chun cinn ar an N6 GCRR atá beartaithe. Coimeádfar fánaí carraige cobhsaí mar éadan nochta do choilíníú nádúrtha agus mar ghnéithe tírdhreacha áitiúil. Feadh fhad an tionscadail, déanfar cóireáil éagsúil ar limistéir thírdhreacha laistigh de na hacomhail agus limistéir bheaga de pháirceanna deighilte, ceapacha nó réadmhaoine ar bith eile a fuarthas i gcomhair thógáil an tionscadail, lena n-áirítear plandú a dhéanamh i roschoill leath-nádúrtha amhail plandú tor agus speicis choillearnaí dúchasai (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.6: Ceapacha Breise agus Limistéir Eile). Cuideoidh bloic phlandaithe den sórt sin a scaiptear feadh an N6 GCRR atá beartaithe le feabhas a chur ar charachtar amhairc níos fadtéarmaí an N6 GCRR agus na dtimpeallachtaí áitiúla atá beartaithe. Tabharfar aird faoi leith ar mhéid agus scála cuí an phlandaithe in acomhail agus thart ar acomhail (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.3: Acomhail, Acomhail Mótarbhealaí agus Timpealláin) agus claífoirt (féach Treoirlínte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.2.2: Claífoirt). Tá limistéir áirithe ar feadh fhad an N6 GCRR atá beartaithe curtha i leataobh le haghaidh riachtanais draenála/rialú/tuaslagadh truaillithe. I gcás go mbeartófar é, déanfar iad sin a fhálú go daingean agus a phlandú le fálta sceach, toir agus/nó plandú sceite a bheidh oiriúnach don cheantar áitiúil, a bheith suite feadh na teorann forbartha atá beartaithe chun tionchar amhairc ó limistéar easbhóthair a íoslaghdú. Tá sé sonraithe, áfach, go bhféadfadh soláthar a dhéanamh leis na gnéithe sin d’éagsúlacht agus gnáthóg tírdhreacha níos fearr chomh maith. Déanfar plandú beartaithe a bhunú go ginearálta ag baint úsáide as athphlandú fréamhloma, buinneáin agus plandaí craobhacha a rachaidh in oiriúint go héasca do dhálaí talún suaite.	Le linn na céime oibríochta tosaigh, leanfaidh tírdhreach agus tionchair amhairc de bheith ag teacht chun cinn ó láithreacht fhisiciúil agus oibriú an Tionscadail. Beidh an N6 GCRR atá beartaithe ina ghné nua shuntasach agus shuntasach sa tírdhreach – go dtí an chéim sin ar a laghad de réir mar a bhunaítear tograí maolaithe tírdhreacha agus de réir mar a éiríonn siad níos éifeachtaí. Dá réir sin, leanfaidh tírdhreach tosaigh ag céim oibríochtúil agus tionchair amhairc de bheith suntasach agus diúltach sa ghearrthéarma (is é sin, an chéim réamhbhunaithe). Le forbairt phlandú an mhaolaithe, tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar thábhacht agus ar dhéine na dtionchar tírdhreacha agus amhairc le himeacht ama. Leanfaidh tionchar diúltach amhairc de bheith ag teacht chun cinn freisin le haghaidh réadmhaoine cónaithe agus réadmhaoine eile atá suite gar do theorainn an Tionscadail nó tadhlaigh léi ar feadh tamaill (is é sin, céim iarbhunaithe). Dá bhrí sin, leanfaidh tionchair shuntasacha nó shuntasacha iarmharacha tírdhreacha de bheith ag teacht chun cinn: - Ar imeall Sruthán Na Libeirtí, Bearna - Ar thírdhreacha oscailte ardaithe Bhealach Eoghain, Ráth Eanaigh, Leitir Ceanainn, Barnacranny agus Dangan Uachtarach - Ar thírdhreach spóirt áineasa agus taitneamhachta Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe - Ar ghleann tírdhreacha ísealchríche Abhainn na Coiribe, agus suíomh Chaisleán Mhionlaigh - Ar thírdhreach aolchloiche Mhionlaigh agus Chúil Each - Ar an tírdhreach rollta trí Chaisleán an Gharraí, laistear de Loch Bhaile an Dúill

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	Bainfear úsáid as cion, ná lú ná 5% ar an iomlán de chrainn ‘Leathchaighdeánacha’ (giorta 6-8cm & 200cm-250cm ar airde) agus bainfear úsáid as 5% de chrainn ‘Chaighdeánacha’ (giorta 8-10cm & 250cm-300cm ar airde) chun an plandú sin a chomhlánú, go háirithe i gcomharsanacht na limistéar cónaithe. Tabharfar aithint chuí agus cuimseofar sna meascáin phlandaithe ar speicis dhúchasacha agus áitiúla faoi mar atá sainaitheanta i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht. Rinneadh na riachtanais sin a oiriúnú agus tugadh níos mó eolais fúthu de réir mar is cuí do limistéir faoi leith faoi mar a leagtar amach i dTábla 12.8 de Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc. I gcás go n-úsáidfear iad, roghnófar speicis chrann ó liosta speiceas bundúchasach, tugtha chun cineáil agus nádúrtha, ar a n-áireofar speiceas na fearnóige, fuinseoige (faoi réir na srianta plandaithe a bheidh ann ag tráth na n-oibreacha), beitheanna, daracha, caorthann, péine Albanaí agus cuilinn. Beidh méid an phlandaithe ó 75cm go 400cm ar airde agus déanfar speicis chrann a phlandú ag láir 2.0m ar an meán laistigh den mheascán plandaithe níos leithne. Roghnófar speicis phlandaithe tor ó liosta speiceas bundúchasach agus nádúrtha, ar a n-áireofar draighean, trom, sceach gheal, coll, cuileann, caor chon, feoras, saileacha agus plandaí eile a fhaightear tugtha chun cineáil sna ceantair áitiúla lena mbaineann. Beidh méideanna an phlandaithe ó 30cm go 75cm ar airde agus déanfar speicis tor a phlandú idir láir 1.0 m agus 1.5 m ag brath ar chineál an tírdhreacha, féach Tábla 12.8 de Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc. Beidh draighean agus sceach gheal i gceist i bplandú na bhfálta den chuid is mó agus beidh siad measctha le speicis eile amhail trom, coll, cuileann agus na cinn a fhaightear san cheantar áitiúil. Déanfar sceach gheal laistigh d’fhálta sceach a phlandú ag idir 75cm go 90cm ar airde agus ag láir 500mm i ngach ceann den 2 líne dhúbailte chéimnithe nó plandú níos leithne nuair atá gá le héifeacht níos dlúithe. Beidh na fálta sceach measctha le speicis chrann de mhéid caighdeánach a mbeidh spás randamach eatarthu amhail fearnóg, fuinseog agus daracha, de réir mar is cuí do cheantar áitiúil faoi leith. Cuirfear barrithir chaol (sraith 5cm) ar na limistéir a shíolófar ina móinéir agus síolófar meascán síolta iontu a bheidh oiriúnach don cheantar áitiúil. Déanfar imill phríomhlíne agus taobh-bhóthair a shaothrú, cuirfear barrithir 200mm ar doimhneacht orthu agus cuirfear clocha faoi thalamh chun clocha síos go 25mm ar trastomhas a thógáil sula ndéanfar iad a shíolú ina meascán síolta a bheidh furasta a choinneáil. I gcás go mbeidh soilsiú beartaithe, comhlíonfaidh an dearadh soilsithe ceanglais BS EN 13201-2:2003 agus BS5489-1: 2003, an Cód Cleachtais um Dhearadh Soilsithe Bóithre. Comhlíonfaidh Soilsiú Bóithre agus Limistéar Taitneamhachta Poiblí ceanglais DMRB TD 34-91. Cuirfear an dearadh soilsithe mionsonraithe i gcrích ar bhealach, lena n-íoslaghdófar dallrú agus lena gcinnteofar go ndéanfar éifeacht an ligin amach solais a íoslaghdú. I suíomhanna sainiúla d’fhéadfaí bacainní agus/nó bundaí talún a sholáthar chun an tionchar torainn a laghdú. Beidh sé d’éifeacht leis na bacainne sin go soláthrófar sciathadh físiúil láithreach tráchta ó réadmhaoine. Beidh na gnéithe sin, nuair is féidir, comhtháite laistigh de na bearta tírdhreachaithe atá beartaithe. Sa chuid Torann agus Creathadh thíos déantar breac-chuntas ar an measúnacht ar an tionchar torainn agus na riachtanais le haghaidh maolaithe den sórt sin. Eilimintí agus Cóireálacha Tírdhreacha agus Maolaithe Amhairc ar fud an Tionscadail: - Fánaí gearrtha ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla - Beidh fánaí gearrtha bhailchríochnaithe go grádáin chothroma agus cuirfear barrithir orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó áit ar bith eile sa TMTT nuashonraithe. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50mm. Déanfar smionagar/clocha dá leithéid a thógáil nó cuirfear faoi thalamh iad. Mura sonraítear a mhalairt déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú. - I gcás ina bhfuil siad nochta, coimeádfar gearrthacha/fánaí carraige cobhsaí mar ghné thírdhreacha feadh na conaire bealaigh atá beartaithe. - Claífoirt ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla - Beidh claífoirt bailchríochnaithe go grádáin chothroma agus cuirfear barrithir orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó áit ar bith eile sa TMTT nuashonraithe. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50mm. Déanfar smionagar/clocha dá leithéid a thógáil nó cuirfear faoi thalamh iad. Mura sonraítear a mhalairt déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú. - Gruaimhíní agus Timpealláin ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla - Soláthrófar gruaimhíní feadh an dá thaobh den phríomhlíne. Soláthrófar gruaimhíní chomh maith thart ar acomhail agus feadh athailiniú bóithre áitiúla agus ceangal. Déanfar gruaimhíní agus timpealláin a bhailchríochnú go grádáin chothroma nó grádáin a shreabhann go réidh, agus beidh barrithir 200mm ar a laghad orthu. Cuirfear na clocha faoi thalamh nó déanfar iad a rácáil sna limistéir agus beidh siad saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 25mm. Déanfar gruaimhíní agus timpealláin a shíolú ina meascán síolta a bheidh furasta a choinneáil. - Locháin, claiseanna reatha, ‘V-dhraenacha’ srl. - Déanfar na fánaí go léir a ghrádú go cothrom agus beidh siad saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50mm. Déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, rud a chumasóidh forbairt nádúrtha le himeacht ama. Féadfar fánaí géara ar imill lóchán agus ‘V-dhraenacha’ a hidrea-shíolú. - Beidh limistéir thart ar locháin ina dtírdhreach éagsúil d’fhéarach a bheidh furasta a choinneáil/ báinseach ar mhórán féir/blátha fhiáin agus plandú de phlandú tor agus/nó coillearnach agus plandú tor le ceannbhrait ísle. Bunófar fálta sceach draighin agus sceiche gile, coil, agus cuilinn, gan speicis chrann, feadh teorainneacha nach bhfuil cois bóthair. - Suiteálfar fálú de chineál neamhpailise (m.sh. fálú palaidín nó adhmaid agus fálú eangaí frithdhreaptha) chun limistéir ina bhfuil locháin a choinneáil slán. - Is é cuspóir foriomlán na cóireála tírdhreacha timpeall ar ghnéithe linne cothabháil inbhuanaithe íseal agus tírdhreach éagsúil éiceolaíoch féarthalún agus plandú measctha a sholáthar le fálta sceach nua feadh teorainneacha daingnithe. Tá sé d’acmhainn ag na locháin cur leis an tírdhreach áitiúil, leis an éagsúlacht amhairc agus éiceolaíoch. - Bacainní / bundaí torainn - Nuair is féidir bunófar tor fáil sceach nó plandú tor agus/nó coillearnach ceannbhrat íseal de speicis dhúchasacha mar phlandú caol de leithead 3.0m ar a laghad nó fál sceach i líne dhúbailte chéimnithe feadh éadan iomlán easbhóthair na mbacainní. - Bunófar plandú ceannbhrat íseal agus/nó plandú tor de speicis dhúchasacha ar éadan easbhóthair na mbundaí. Áireofar sa phlandú na speicis fuinseoige*, beithe, draighin, troim, sceiche gile, coill, cuilinn, caorthainn agus/nó sailí de réir mar is cuí. Beidh na plandaí 90 go 120cm ar airde nuair a bheidh siad á bplandú. * Nóta: Mar gheall ar bhaol Chríonadh Siar na Fuinseoige (<i>Chalara fraxinea</i>) agus go dtí go dtabharfar fógra eile, níl fuinseog (speiceas <i>Fraxinus</i>) ceadaithe ag TII a thuilleadh le haghaidh scéimeanna plandaithe. Níl tionchar aige sin ar úsáid an Chaorthainn – ar a dtugtar caorthann (<i>Sorbus aucuparia</i>) chomh maith. - Úsáidfear bacainní torainn trédhearcacha ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe - Plandaí agus limistéir phlandaithe - Cuirfear taca le gach speiceas crann os cionn 150cm ar airde mar aon leis an bPéine ar fad agus ceanglófar iad. Déanfar na plandaí go léir a dteipfear orthu, a bheidh marbh nó lochtach a athsholáthar roimh dheireadh gach lae agus gach bliana den iarchúram lochtanna.	Soláthraítear suíomhanna na dtionchar suntasach tírdhreacha sin ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15 de Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc. Leanfaidh tionchair amhairc iarmharacha shuntasacha nó shuntasacha de bheith ag teacht chun cinn maidir le hairíonna: - Ag trasnú bóithre áitiúla ó thuaidh agus soir ó thuaidh ó Bhearna (Bóthar Forái Maola, Bóthar Troscaigh, Bóthar Ann Gibbons, Bóthar Aille) - Ag trasnú bóithre áitiúla siar ó thuaidh ó Ghaillimh (Bóthar an Cheapaigh, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Bóthar Rathúin agus Bóthar Leitir Ceanainn) - Ar an dá thaobh de thrasnú Bhóthar an N59 Maigh Cuilinn lastuaidh de Ghaillimh (An Fraoch, Barr na Crannaí, Ard na Locha, Uach na gCurra agus ag Páirc na dTor/An Bealach) - Ar thírdhreach spóirt áineasa agus taitneamhachta Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe - Ar ghleann tírdhreacha ísealchríche Abhainn na Coiribe, agus suíomh Chaisleán Mhionlaigh - Ag trasnú Bhóthar Nua agus Seanbóthar ó thuaidh/oirthuaisceart Chathair na Gaillimhe - Ag trasnú Bhóthar Áth Cinn an N84, ag an gCaisleán Gearr, (lena n-áirítear Bóthar na Scoile a thrasnú) agus ag Bóthar Thuama an N83, soir ó thuaidh ó Ghaillimh - Ag Baile an Bhriotaigh/an Phairc Mhór, ag Ascaill an Ráschúrsa, Corrán Bhaile an Bhriotaigh, Bóthar Monivea agus Coolagh-Briarhill soir ó Ghaillimh

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
	- Beidh an limistéar plandaithe iomlán saor ó chlocha thar 50mm ar trastomhas. - Limistéir fhéir - Soláthróidh limistéir fhéir clúdach báinsí iomlán laistigh de 12 mhí ón síolú. Déanfar limistéir ar bith a dteipfear orthu, a bheidh lom nó lochtach a athshíolú idir Márta – Bealtaine agus/nó Lúnasa – Meán Fómhair i ngach aon bhliain den iarchúram lochtanna. - Rochtain, páirceáil agus/nó suíomhanna campála neamhúdaraithे - I dtograí tírdhreacha seachnófar limistéir a chruthú a meastar iad a bheith oiriúnach do pháirceáil neamhúdaraithे agus úsáidfear tograí tírdhreacha chun úsáid dá leithéid a dhíspreagadh agus a chosc. - Limistéir iarsma - Déanfar réimse éagsúil tograí féaraigh agus/nó plandaithe maidir le tailte iarsma iarthógála ar bith chun 30% de phlandú a chur san áireamh, arna leasú de réir mar is cuí go háitiúil. Caithfear leis an limistéar a bheidh fágtha mar fhéarach a bheidh furasta le coinneáil/báinseach ar mhórán speiceas a bheidh oiriúnach don cheantar áitiúil. - Ballaí Cloiche - Sa chás go mbaintear ballaí cloiche agus nach n-athsholáthraítear iad mar chuid den Tionscadal, coinneofar an chloch agus cuirfidh na húinéirí réadmhaoine in aice láimhe ar fáil í lena hathúsáid chun balla cloiche nua a thógáil ar a dtaobh de theorainn an Tionscadail más mian leo. - Tá tionchar suntasach ag baint le codanna de sheanbhallaí cloiche a bhaint ar chodanna den N6 GCRR atá beartaithe. Tá go leor díobh seo íseal, trochlaithe agus fíte fuaite le fásra. Dá réir sin, ní fhéadfaí ballaí den chineál céanna a athsholáthar agus ní dhéanfadh gnéithe den sórt sin foráil maidir le teorainn leordhóthanach leis an N6 GCRR atá beartaithe. - Chruthódh soláthar teorann cloiche nua feadh na príomhlíne a shaincheisteanna amhairc féin, mar gheall ar ghné tírdhreacha aonchineálach agus neamhréireach a bheadh i gcodarsnacht leis na ballaí cloiche tirime atá sa cheantar cheana féin. - Dá bhrí sin, meastar gur fearr fála adhmaid cuaille-agus-ráille agus plandú suntasach tírdhreachaithe a sholáthar – le hathsholáthar roghnaitheach cloiche nó ballaí teorann rindreála chuig tithe dá ndéantar difear. - Soilsiú Bóithre - Mar a shonraítear i Roinn 5.5.4.4 de Chaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, dearadh soilsiú bóthair beartaithe chun foghail solais a theorannú agus áirítear ar na bearta: - Úsáid feistis LED nua-aimseartha le dáileadh léas solais dea-shainithe, rialaithe - Gearthóga feisteas solais chothrománacha a úsáid, lena gcuirtear cosc ar astaíocht solais sa spéir agus lena n-íoslaghdaítear treo solais ón N6 GCRR atá beartaithe. - Comhdhúile Tógála - Ag deireadh an chonartha tógála déanfar comhdhúile tógála a dhíchoimisíúnú, a ghlanadh agus na tailte a athbhunú nó a thírdhreachú.	
Bearta Tírdhreacha Sainiúla	Leagtar amach bearta maolaithe sonracha ar Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15 agus i dTábla 12.8 de Chaibidil 12 den TMTT nuashonraithe seo a bhfuil achoimre air thíos Áirítear ar na bearta sin gnéithe a bhaineann leis an tógáil amhail seachaint/íoslaghdú an tionchair ar theorainneacha réadmhaoine agus ar ghnéithe tírdhreacha chomh maith le balla clár sceite láidir le linn chéim na tógála do na réadmhaoine sin a rachaidh na hoibreacha i gcion go mór orthu. Cuirfear na bearta maolaithe sonracha ar fad a leanas san áireamh sa dearadh mionsonraithe agus i gcur chun feidhme na mbeart tírdhreacha: - Suíomh draenacha scoite ag barr gearrthacha agus ag bun claíofort - An suíomh agus na riachtanais maidir le rochtain na cothabhála feadh phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe - Suíomhanna ina bhfaightear carraig i ngearrthacha. D’fhéadfaí na héadain charraige sin a choimeád mar ghnéithe geolaíocha chonair an N6 GCRR atá beartaithe - Suíomh agus comhtháthú na mbacainní torainn laistigh de dhearadh an tírdhreacha - Criosanna scóipe (TD19 - Caighdeáin Bacainní Sábháilteachta) - Línte amhairc, lena n-áirítear ag acomhail agus go comharthaíocht carrbhealaí, srl. Tá sraith ballaí suntasacha coinneála, agus droichead thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 beartaithe i limistéar Dhaingin agus idir Ch. 8+300 agus Ch.8+670. Is é sin limistéar cónaithe atá ann agus bealach isteach chuig an gcathair araon. Nuair is féidir cuimseofar balla coinneála ithreach treisithe chun go mbeifear ábalta bailchríoch tírdhreacha ghlais a chur ar cuid de na struchtúir choimeádta nó orthu go léir. Bainfear úsáid as bailchríoch aolchloiche i gcás go dteastaíonn ballaí struchtúracha agus do na teanntaí den droichead atá beartaithe thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Beidh an chloch déanta d’aolchloch nádúrtha, a mheaitseálfaidh carachtar na cloiche áitiúla, le hais chothrománach láidir idir 5 go 1 agus 7 go 1 (is é sin, gné chothrománach go cheartingearach). Cuirtear na bearta sonracha cosanta agus maolaithe atá mionsonraithe i gCaibidil 8, Bithéagsúlach, den TMTT nuashonraithe seo Áirítear ar na bearta sin, go sonrach: - Beidh gnáthóga coimeádta, crainn agus fála sceach ar theorainneacha tógála talún, srl. fálaithे agus cosanta le linn na n-oibreacha tógála - Tá bearta sonraithe beartaithe ag líon suíomhanna chun an tionchar féideartha ar speicis Ialtóg a mhaolú. Áirítear leis sin: - soláthar faraí saorga ialtóg – le plandú sainiúil chun úsáid a spreagadh - soláthar tardhroichid fiadhúlra plandaithe (Ch. 12+700) ar a mbeidh plandú ceangail le fála sceach áitiúla agus plandú beartaithe ar thorainn an N6 GCRR atá beartaithe, rud a uasmhéadóidh an tairbhe agus an úsáid fhéideartha - dlúthphlandú, le crainn chun feabhas a chur ar an nascacht feadh theorainn an N6 GCRR atá beartaithe: - siar ó thrasnú an L1323 Leitir Eoghain (Ch. 7+200 – Ch. 7+280) - feadh claífort ar cheachtar taobh den droichead atá beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe - idir trasbhealach Bhóthar Áth Cinn an N84, ag Baile an Dúlaigh agus Bóthar na Scoile ag an gCaisleán Gearr - plandú fála sceach chun feabhas a chur ar an nascacht gnáthóg soir ó Chaisleán Mhionlaigh - fála sceach agus plandú roschoille chun feabhas a chur ar ghnáthóg shealgaireachta ó thuaidh ó Chaisleán Mhionlaigh	

Foinse/Scála na hIarmharta	Rialú agus Maolú	Tionchair Iarmharacha Shuntasacha
